An Coimisiún Eorpach

# STAID AN AONTAIS

# 2022

LE COIMISIÚN VON DER LEYEN

#SOTEU

GA

Gach bliain i mí Mheán Fómhair, tugann Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Aitheasc ar Staid an Aontais os comhair Pharlaimint na hEorpa. Déantar trácht san aitheasc sin ar ar baineadh amach in imeacht na bliana a chuaigh thart agus leagtar amach ann tosaíochtaí na bliana dár gcionn. Ina cheann sin, leagann an tUachtarán amach an dóigh a rachaidh an Coimisiún Eorpach i ngleic leis na dúshláin is práinní atá roimh an Aontas Eorpach. I ndiaidh na hóráide, bíonn díospóireacht iomlánach ann. Is leis an óráid ar Staid an Aontais a chuirtear tús leis an bplé idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, plé arb é is aidhm dó plean oibre an Choimisiúin don chéad bhliain eile a shocrú.

De bhun Chonradh Liospóin, tá an tAitheasc ar Staid an Aontais leagtha síos i gCreat-Chomhaontú 2010 maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Leagtar síos freisin sa Chreat-Chomhaontú sin nach mór don Uachtarán litir intinne a sheoladh chuig Uachtarán na Parlaiminte agus chuig an té ag a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle, litir ina mbeidh mionchuntas ar na bearta atá faoin gCoimisiún Eorpach a dhéanamh trí bhíthin na reachtaíochta agus ar na tionscnaimh eile atá ar na bacáin ag an gCoimisiún go dtí deireadh na bliana dár gcionn.

An 14 Meán Fómhair 2022, thug Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Aitheasc ar Staid an Aontais uaithi den tríú huair.

Tá an t-ábhar ar fad le fáil ar state-of-the-union.ec.europa.eu.

# CLÁR

AITHEASC ..... 4

AN LITIR INTINNE CHUIG AN UACHTARÁN ROBERTA METSOLA AGUS CHUIG AN BPRÍOMH-AIRE PETR FIALA ..... 30

AN MÉID A BAINEADH AMACH ..... 35

1. SEASANN MUINTIR NA hEORPA LEIS AN ÚCRÁIN, AR SON AN DAONLATHAIS AGUS NA SÍOCHÁNA ..... 38
2. AN PHAINDÉIM A SHÁRÚ LE DLÚTHPHÁIRTÍOCHT AGUS EOLAÍOCHT ..... 50
3. AN tAISTRIÚ GLAS, AN tAISTRIÚ DIGITEACH AGUS AN tAISTRIÚ CÓIR A STIÚRADH ..... 56
4. COLÚIN AN DAONLATHAIS EORPAIGH ..... 69

AMLÍNE ..... 79

# AITHEASC

STAID
AN AONTAIS
2022

# AONTAS A SHEASANN GO DOCHT DAINGEAN LE CHÉILE



## RÉAMHRÁ

A Uachtaráin,
A Chomhaltaí Onóracha,
A Chomh-mhuintir na hEorpa,

**Níor phléigh an Pharlaimint seo Staid an Aontais seo againne riamh roimhe nuair a bhí cogadh faoi lán seoil ar thalamh na hEorpa.**

Cuimhnímid ar fad ar an maidin chinniúnach sin ag deireadh mhí Feabhra.

Mhúscail Eorpaigh ar fud an Aontais seo againne an lá sin agus díomá mór orthu faoin méid a chonaic siad. An t-olc danartha a bhí tagtha chun cinn arís, bhain sé sin siar astu go mór. Chuir dordán na mbonnán agus deargbhrúidiúlacht an chogaidh uafás orthu.

**Ach ón nóiméad sin ar aghaidh *tá an mhór-roinn iomlán ag seasamh le chéile gualainn ar ghualainn.***

Ag na trasnuithe teorann, áit ar tugadh dídean do na dídeanaithe. Sna sráideanna, áit a bhfuil bratacha na hÚcráine le feiceáil go forleathan. Sna seomraí ranga, áit a ndearna páistí ón Úcráin cairde nua.

**Ón nóiméad sin ar aghaidh *ní dheachaigh muintir na hEorpa i bhfolach agus ní dhearna siad moill.***

Chruinnigh siad a misneach chun an rud ceart a dhéanamh.

**Agus ón nóiméad sin ar aghaidh *tá an tAontas seo againne inchurtha leis an dúshlán.***

A luaithe a thrasnaigh trúpaí na Rúise an teorainn leis an Úcráin, **is freagairt aontaithe dhiongbháilte a thugamar láithreach.**

Cúig bliana déag ó shin, le linn na géarchéime airgeadais, thóg sé roinnt blianta orainn teacht ar réitigh bhuana.

Deich mbliana ina dhiaidh sin, nuair a bhuail an phaindéim dhomhanda, níor thóg sé ach seachtainí orainn.

Ach i mbliana, a luaithe a thrasnaigh trúpaí na Rúise an teorainn leis an Úcráin, is freagairt aontaithe dhiongbháilte a thugamar láithreach.

*Agus ba cheart dúinn a bheith bródúil as sin.*



**An neart atá ag an Eoraip ina croí istigh, tá sé ar taispeáint go soiléir arís againn.**

Agus beidh iomlán an nirt sin ar fad ag teastáil uainn. Ní bheidh na míonna atá le teacht éasca. Do na teaghlaigh atá ag streachailt sa saol agus do na gnólachtaí a bhfuil cinntí deacra le déanamh acu faoina dtodhchaí.

Bímis an-soiléir: tá cuid mór i gcontúirt anseo. Ní hamháin i gcás na hÚcráine – ach i gcás na hEorpa uile agus an domhain i gcoitinne.

Agus cuirfear féachaint orainn. Na daoine ar mhaith leo leas a bhaint as aon chineál easaontais eadrainn, is iadsan a thabharfaidh ár ndúshlán.

Ní hamháin gur cogadh é seo atá an Rúis a fhearadh i gcoinne na hÚcráine.

**Is cogadh é i gcoinne ár bhfuinnimh, i gcoinne ár ngeilleagair, i gcoinne ár luachanna agus i gcoinne ár dtodhchaí.**

**An t-uathlathas i gcoinne an daonlathais.**

**Agus mé i mo sheasamh anseo, is é mo thuairim láidir go dteipfidh ar Putin agus gur ag an Eoraip a bheidh an lá, a bhuí lenár misneach agus dlúthpháirtíocht.**

Inniu tá eiseamláir uathúil den mhisneach againn, agus is í **an Úcráin** an eiseamláir sin.

## AN MISNEACH CHUN SEASAMH LENÁR LAOCHRA

A Chomhaltaí Onóracha,

**Inniu tá eiseamláir uathúil den mhisneach againn, agus is í an Úcráin an eiseamláir sin.**

Tá aghaidh ag an misneach chomh maith, sin í aghaidh fhir agus mhná na hÚcráine atá ag seasamh an fhóid i gcoinne fhogha na Rúise.



Cuimhním ar eachtra a tharla le linn seachtainí tosaigh an ionraidh. Céadbhean na hÚcráine, Olena Zelenska, bhailigh sí le chéile tuismitheoirí páistí Úcránacha ar mharaigh an t-ionróir iad.

I gcás na gcéadta teaghlach sin ní bheidh deireadh leis an gcogadh choíche agus ní bheidh an saol mar an gcéanna go deo arís.

Chonaiceamar an Chéadbhean agus í ag treorú grúpa máithreacha agus aithreacha tostacha croíbhriste, sular chroch sí cloigíní beaga ar na crainn, ceann amháin do gach páiste a maraíodh.



Agus anois beidh clingeadh na gcloigíní le cloisteáil go deo sa ghaoth, agus beidh íospartaigh neamhchiontacha an chogaidh seo inár gcuimhne go brách.

**Agus tá sí anseo linn inniu!**

A Olena, a chara, bhí misneach ollmhór ag teastáil chun cur i gcoinne chruálacht Putin.

Ach chruinnigh tú an misneach sin.

**Agus tá náisiún laochra tar éis éirí amach.**

Tá an Úcráin ina seasamh go láidir inniu toisc gur throid an tír ar fad, sráid ar shráid, baile ar bhaile.

Tá an Úcráin ina seasamh go láidir toisc gur fhan daoine amhail d'fhear céile, an tUachtarán Zelensky, i gCív chun an fhrithbheartaíocht a stiúradh – in éineacht leat féin agus le bhur bpáistí, a Chéadbhean uasail.

Is buanseasmhach **an dlúthpháirtíocht a bheidh idir an Eoraip agus an Úcráin** go deo.

**Tá *misneach* tugtha agat don náisiún ar fad. Agus le roinnt laethanta anuas, tá an toradh ar mhisneach mhuintir na hÚcráine feicthe againn.**

**Tá *glór* tugtha agat do do phobal féin ar an leibhéal domhanda.**

**Agus tá *dóchas* tugtha agat dúinne ar fad.**

Mar sin de, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leat féin agus le muintir uile na hÚcráine inniu.

**Gura fada buan an Úcráin, tír lán laochra Eorpacha. *Slava Ukraini!***

**Is buanseasmhach an dlúthpháirtíocht a bheidh idir an Eoraip agus an Úcráin go deo.**

Ón gcéad lá riamh, sheas an Eoraip ar son na hÚcráine. Le hairm. Le hairgead. Le fáilte roimh dhídeanaithe. Agus leis na smachtbhannaí is déine a cuireadh i bhfeidhm aon áit ar domhan riamh.

Is ar éigean atá earnáil airgeadais na Rúise ag feidhmiú. Tá trí cheathrú d'earnáil baincéireachta na Rúise scoite againn ó na margaí idirnáisiúnta.

Tá beagnach míle cuideachta idirnáisiúnta tar éis an tír a fhágáil.

Tháinig laghdú trí cheathrú ar tháirgeadh na ngluaisteán sa tír i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá eitleáin á gcoinneáil ar talamh ag Aeroflot toisc nach bhfuil aon pháirteanna breise le fáil a thuilleadh.

Tá arm na Rúise ag baint sliseanna as miasniteoirí agus as cuisneoirí chun





a gcuid crua-earraí míleata a dheisiú toisc gur rith siad as leathsheoltóirí. Is mór an scrios atá ar thionscal na Rúise.

Is de bharr na Creimile féin atá geilleagar na Rúise ar an dé deiridh.

**Sin é an praghas atá ar fheachtas báis agus léirscriosta Putin.**

**Agus ba mhaith liom é a dhéanamh an-soiléir, ní chuirfear deireadh leis na smachtbhannaí.**

**Is tráth diongbháilteachta é seo, ní tráth ceansaithe.**

Ní hamháin go dtabharfaimid tacaíocht airgid don Úcráin – ach **déanfaimid an tír a chumasú** le go mbeidh sí in ann barr a cumais a bhaint amach.

Is amhlaidh an scéal maidir lenár dtacaíocht airgeadais don Úcráin.

**Go dtí seo, tá cúnamh airgeadais dar luach níos mó ná €19 mbilliún curtha ar fáil ag Team Europe.**

Agus níl ár dtacaíocht mhíleata san áireamh sa mhéid sin.

Agus seasfaimid an fód go deireadh.

Beidh acmhainní ollmhóra ag teastáil chun an Úcráin a atógáil. Mar shampla, tá ionsaithe Rúiseacha tar éis damáiste a dhéanamh do níos mó ná 70 scoil nó iad a scriosadh ar fad.

Tá leathmhilliún páistí Úcránacha tar éis tús a chur leis an scoilbhliain nua san Aontas Eorpach. Ach tá cuid mhór páistí eile san Úcráin nach bhfuil seomra ranga acu go fiú.

**Dá bhrí sin tá mé ag fógairt inniu go mbeimid ag obair leis an gCéadbhean chun tacú le hathchóiriú na scoileanna san Úcráin a ndearnadh damáiste dóibh. Is é sin an chúis a gcuirfimid 100 milliún euro ar fáil. Óir is i scoileanna na hÚcráine a chuirfear tús le todhchaí nua na tíre.**

Ní hamháin go dtabharfaimid tacaíocht airgid don Úcráin ach déanfaimid an tír a chumasú le go mbeidh sí in ann barr a cumais a bhaint amach.



Mol teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn is ea an Úcráin cheana féin agus tá go leor cuideachtaí úra nuálacha ann.

Mar sin de, ba mhaith liom cumhacht iomlán an Mhargaidh Aonair atá againn a shlógadh chun dlús a chur leis an bhfás agus chun deiseanna a chruthú.



*I mí an Mhárta, d'éirigh linn an Úcráin a nascadh lenár n-eangach leictreachais.* Is rud é sin a bhí beartaithe do 2024 ar dtús. Ach rinneamar é laistigh de choicís. Agus inniu tá an Úcráin ag easpórtáil leictreachais chugainne. Is trádáil í sin a théann chun tairbhe don dá thaobh, agus ba mhaith liom í a leathnú go mór.

Na dleachtanna iompórtála a bhí ar easpórtálacha ón Úcráin chuig an Aontas, tá siad curtha ar fionraí againn cheana féin.

**Tabharfaimid an Úcráin isteach inár limistéar fánaíochta saor in aisce san Eoraip.**

Tabharfaimid an Úcráin isteach inár **limistéar fánaíochta saor in aisce san Eoraip**.

Tá rath mór ar ár lánaí dlúthpháirtíochta.

**Agus chun tógáil ar an méid sin ar fad, oibreoidh an Coimisiún leis an Úcráin chun rochtain rianúil ar an Margadh Aonair a chinntiú. Agus vice versa.**

Tá ár Margadh Aonair ar cheann de mhórscéalta ratha na hEorpa. Anois tá sé in am go mbeadh sé ina scéal ratha ag ár gcairde san Úcráin chomh maith.

**Agus sin an fáth a bhfuilim ag dul go Cív inniu, chun an tsaincheist sin a phlé go mion leis an Uachtarán Zelensky.**

A Chomhaltaí Onóracha,

***Ba cheart dúinn éisteacht leis na daoine a raibh cur amach acu ar Putin*, sin ceacht amháin de chuid an chogaidh seo.**

Le hAnna Politkovskaya agus leis na hiriseoirí Rúiseacha eile a nocht na coireanna agus a thug a mbeatha dá bharr.

Lenár gcairde san Úcráin, sa Mholdóiv, sa tSeoirsia, agus leis an bhfreasúra sa Bhealarúis.

Ba cheart dúinn éisteacht leis na guthanna laistigh den Aontas seo againne – sa Pholainn, sna tíortha Baltacha, agus ar fud Lár agus Oirthear na hEorpa.

***Tá siad ag insint dúinn ar feadh na mblianta nach stopfadh Putin.***

*Agus ghníomhaigh siad dá réir.*

D'oibrigh ár gcairde sna tíortha Baltacha go dian chun deireadh a chur lena spleáchas ar an Rúis. Tá infheistíocht déanta acu i bhfuinneamh in-athnuaite, i gcríochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe (GNL), agus in idirnascairí.

Is mór an costas atá air sin. Ach is airde i bhfad an costas atá ar an





spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis.

*Ní mór dúinn fáil réidh leis an spleáchas sin ar fud na hEorpa.*

**Dá bhrí sin, thángamar ar chomhaontú maidir le stóráil chomhpháirteach. Tá 84 % bainte amach againn cheana: céatadán atá thar an sprioc a leagamar síos.**

Ach ní leor sin, ar an drochuair.

Tá éagsúlú déanta againn ón Rúis go dtí soláthraithe iontaofa. Na Stáit Aontaithe, an Iorua, an Ailgéir agus tíortha eile.

Anuraidh, is ón Rúis a tháinig 40 % dár n-iompórtálacha gáis. Inniu tá an líon sin laghdaithe go dtí 9 % den ghás píblíne.

*Ach leanann an Rúis uirthi ag ionramháil ár margaidh fuinnimh.* B'fhearr léi bladhaire a chur leis an ngás ná é a sholáthar. Níl an margadh sin ag feidhmiú a thuilleadh.

Lena chois sin, tá tionchar na géarchéime aeráide le brath go mór ar ár mbillí. Tá borradh curtha faoin éileamh ar leictreachas de bharr tonnta teasa. Dúnadh stáisiúin hidreafhuinnimh agus núicléacha de bharr triomach.

Mar thoradh ar an méid sin, tá praghsanna gáis 10 n-oiread níos airde ná mar a bhí siad roimh an bpaindéim.

Tá na milliúin gnólachtaí agus na milliúin teaghlach ag streachailt le greim a choinneáil faoin bhfiacail.

**Ach tá muintir na hEorpa ag déileáil go cróga leis sin freisin.**

*Shocraigh oibrithe i monarchana ceirmeacha i lár na hIodáile a gcuid uaireanta oibre a dhéanamh go luath ar maidin chun tairbhe a bhaint as praghsanna fuinnimh níos ísle.*

*Samhlaígí na tuismitheoirí ina measc, ar gá dóibh an teach a fhágáil go moch ar maidin agus a gcuid páistí fós ina gcodladh, mar gheall ar chogadh nár roghnaigh siad féin.*

Sin sampla amháin as an iliomad samplaí den chaoi a bhfuil Eorpaigh ag oiriúnú don saol nua seo.

Is mian liom go leanfaidh an tAontas seo againne sampla na ndaoine. Má laghdaítear an t-éileamh le linn buaicuaireanta, mairfidh an soláthar níos faide, agus tiocfaidh ísliú ar na praghsanna.

Anuraidh, is ón Rúis a tháinig 40 % dár n-iompórtálacha gáis. Inniu tá an líon sin **laghdaithe go dtí 9 %** den ghás píblíne.








**Sin an fáth a bhfuil bearta á gcur chun cinn againn chun go laghdóidh na Ballstáit a dtomhaltas leictreachais foriomlán.**

Ach tá tacaíocht níos spriocdhírithe de dhíth.

Ar na tionscail, cuir i gcás déantóirí gloine nach mór dóibh a gcuid oigheann a mhúchadh. Nó ar thuismitheoirí aonair atá ag tabhairt aghaidh ar charn billí scanrúla.

Tá tacaíocht de dhíth ar na milliúin Eorpach.

Tá na billiúin euro d'infheistíocht déanta ag Ballstáit den Aontas cheana féin chun cúnamh a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha.

*Ach is maith is eol dúinn nach leor sin.*

Tá bearta á gcur chun cinn againn chun go **laghdóidh na Ballstáit a dtomhaltas leictreachais foriomlán**.

**Sin an fáth a bhfuilimid ag moladh uasteorainn ar ioncam cuideachtaí a tháirgeann leictreachas ar chostas íseal.**

Tá na cuideachtaí sin ag déanamh ioncaim as cuimse nach raibh beartaithe acu ar chor ar bith.

Sa gheilleagar sóisialta margaidh atá againn, tá na brabúis flúirseach.

Ach san aimsir chrua seo níl sé ceart brabús thar na bearta a dhéanamh toisc gur féidir leas a bhaint as cogadh agus as na custaiméirí atá thíos leis.

Faoi láthair ní mór brabúis a chomhroinnt agus a dhíriú orthu siúd is mó a bhfuil gá acu leo.

**Lenár dtogra tiomsófar níos mó ná €140 billiún le haghaidh na mBallstát chun an buille a mhaolú go díreach.**

Agus de bharr go bhfuil géarchéim breosla iontaise ann, tá dualgas speisialta ar thionscal na mbreoslaí iontaise freisin.

Tá cuideachtaí móra ola, gáis agus guail ag déanamh brabúis ollmhóra.


Mar sin ní mór dóibhsean cion cothrom a íoc freisin: beidh orthu ranníocaíochtaí géarchéime a dhéanamh.

Is bearta éigeandála sealadacha iad na bearta uile a bhfuilimid ag obair orthu, an plé maidir le huasteorainneacha praghais san áireamh.

Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag obair chun praghsanna gáis a ísliú.



Ní mór dúinn ár slándáil soláthair a dheimhniú agus, san am céanna, ár n-iomaíochas domhanda a chinntiú.




**Mar sin, in éineacht leis na Ballstáit, forbróimid tacar beart a chuirfidh san áireamh sainiúlacht ár gcaidrimh le soláthraithe –** idir sholáthraithe neamhiontaofa, an Rúis mar shampla, agus chairde iontaofa, amhail an Iorua.

Tháinig mé ar chomhaontú leis an bPríomh-Aire Store chun tascfhórsa a chur ar bun. Tá na foirne sin i mbun oibre cheana féin.

Ní mór dúinn tionchar ceannasach an gháis a scaradh ó **phraghas an leictreachais**.

Tá ábhar tábhachtach eile ar an gclár oibre. Sa lá atá inniu ann tá athrú suntasach tagtha ar ár margadh gáis: is gás píblíne a bhí in úsáid go príomha roimhe seo, ach tá úsáid GNL ag dul i méid.

Ach níor cuireadh an tagarmharc a úsáidtear i margadh an gháis – an tSaoráid Aistrithe Teideal (TTF) – in oiriúint dó sin.

**Sin an fáth a n-oibreoidh an Coimisiún ar thagarmharc níos ionadaíche a chur ar bun.**

San am céanna, tuigimid go bhfuil fadhbanna móra le sárú ag na cuideachtaí fuinnimh maidir le leachtacht i margaí na dtodhchaíochtaí leictreachais, rud a chuireann feidhmiú ár gcórais fuinnimh i mbaol.

Oibreoimid i gcomhar le rialaitheoirí margaidh chun na fadhbanna sin a mhaolú trí leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le comhthaobhacht – agus trí bhearta a dhéanamh chun srian a chur le luaineacht praghsanna ionlae.

**Agus déanfaimid leasú ar an gcreat sealadach um státchabhair i mí Dheireadh Fómhair chun go mbeifear in ann ráthaíochtaí stáit a sholáthair, agus san am céanna cothrom na Féinne a chaomhnú.**

Is céimeanna tosaigh iad na gníomhaíochtaí sin. Agus sinn ag dul i ngleic leis an ngéarchéim reatha, áfach, ní mór dúinn féachaint chun tosaigh.

Níl dearadh an mhargaidh leictreachais mar atá sé faoi láthair – agus é bunaithe ar ord fiúntais – le leas na dtomhaltóirí a thuilleadh.

Ba cheart tomhaltóirí a bheith in ann tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite.

**Dá bhrí sin, ní mór dúinn tionchar ceannasach an gháis a scaradh ó phraghas an leictreachais. Sin an fáth a ndéanfaimid athchóiriú críochnúil cuimsitheach ar mhargadh an leictreachais.**

Anois – seo pointe tábhachtach: leathchéad bliain ó shin, sna 1970idí, bhí ar an domhan aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim breosla iontaise eile.

Tá cuimhne ag cuid againn ar na deireadh seachtainí saor ó ghluaisteáin a bhí ann chun fuinneamh a choigilt. Ach leanamar an bóthar céanna ina ainneoin sin.

Níor éiríomar as ár spleáchas ar an ola. Agus níos measa fós, rinneadh fóirdheonú suntasach ar bhreoslaí iontaise fiú amháin.



Bhí sé sin mícheart, ní hamháin i dtaca leis an aeráid, ach i dtaca lenár n-airgeadas poiblí agus lenár neamhspleáchas chomh maith. *Agus táimid ag íoc as sin go fóill sa lá atá inniu ann.*

Níor thuig ach dornán daoine fadradharcacha gur leis na breoslaí iontaise féin a bhain an fhíorfhadhb, agus ní lena bpraghas amháin.

Is féidir le **hidrigin** feabhas ó bhonn a chur ar an Eoraip.

Ina measc bhí ár gcairde ón Danmhairg.

Nuair a bhuail an ghéarchéim ola, thosaigh an Danmhairg ag déanamh infheistíocht mhór chun leas a bhaint as cumhacht na gaoithe.

**Leag siad an bhunchloch dá gceannaireacht dhomhanda san earnáil sin agus chruthaigh siad na scórtha mílte post nua.**

*Sin an chaoi lena dhéanamh!*

**Seachas réiteach tapa, is athrú paraidíme atá ag teastáil, athrú mór i dtreo na todhchaí.**

## AN FÓD A SHEASAMH AGUS ULLMHÚ DON TODHCHAÍ

A Chomhaltaí Onóracha,

Is é an dea-scéala é go bhfuil tús curtha leis an aistriú riachtanach seo.

Tá sé ar siúl sa Mhuir Thuaidh agus i Muir Bhailt, áit ar chomhaontaigh ár mBallstáit infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtáirgeadh an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta.



Tá sé ar siúl sa tSicil, áit a gcuirfear tús go luath leis an nglúin is nuaí de ghrianphainéil a tháirgeadh sa stáisiún gréine is mó san Eoraip.

Tá sé ar siúl i dtuaisceart na Gearmáine, áit a bhfeidhmeoidh na traenacha áitiúla ar hidrigin ghlas feasta.

**Féadfaidh an hidrigin margadh na hEorpa a athrú ó bhonn.**

Ní mór dúinn margadh mór a dhéanamh den hidrigin seachas margadh nideoige.

Le REPowerEU, rinneamar ár sprioc a dhúbailt: is mian linn deich milliún tona hidrigine in-athnuaite a tháirgeadh san Aontas gach bliain as seo go dtí 2030.

Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór dúinn éascaitheoir margaidh a chruthú le haghaidh na hidrigine, ar mhaithe leis an mbearna infheistíochta




a líonadh agus an soláthar agus an t-éileamh a bheidh ann amach anseo a chur i gcomhréir le chéile.

**Ar an ábhar sin is féidir liom a fhógairt inniu go bhfuilimid chun Banc Eorpach Hidrigine nua a chur ar bun.**

Cuideoidh sé sin chun a chinntiú go gceannófar hidrigin, go háirithe trí acmhainní an Chiste don Nuálaíocht a úsáid.

**Beidh an Banc in ann €3 bhilliún a infheistiú chun margadh na hidrigine a bheidh ann amach anseo a fhorbairt.**

Sin an chaoi a ndéanfaimid geilleagar na todhchaí a thógáil.

Cuirfimid **Banc Hidrigine Eorpach nua** ar bun.

Sin é an Comhaontú Glas don Eoraip.

Agus chonaiceamar go léir le cúpla mí anuas cé chomh tábhachtach agus atá an Comhaontú Glas don Eoraip.

Beidh cuimhne ar shamhradh 2022 go deo.

Chonaiceamar go léir na haibhneacha tirime, na foraoisí trí thine, tionchar an teasa fhoircnigh.

Agus tá cúrsaí níos measa ná sin fós.


Go dtí seo, bhí oighearshruthanna na nAlp ina gcúltaisce éigeandála le haghaidh aibhneacha ar nós na Réine agus na Róine.

Ach toisc go bhfuil oighearshruthanna na hEorpa ag leá níos tapa ná riamh, beidh an triomach i bhfad níos tromchúisí amach anseo.

Ní mór dúinn obair gan stad gan staonadh ar an oiriúnú don athrú aeráide agus féachaint chuige gurb é an dúlra an comhghuaillí is fearr atá againn.

**Dá bhrí sin féachfaidh an tAontas seo againne le teacht ar chomhaontú uaillmhianach domhanda maidir leis an dúlra ag Comhdháil Bhithéagsúlachta na Náisiún Aontaithe in Montréal i mbliana.**

**Agus déanfaimid an rud céanna le linn COP27 in Sharm el-Sheikh.**





Ach go gearrthéarmach, is gá dúinn a bheith in ann dul i ngleic leis an athrú aeráide ar bhealach níos fearr.

Na dálaí meitéareolaíocha foircneacha agus an chumhacht ollscriosta atá iontu, ní féidir le haon tír amháin iad a chomhrac ina haonar.

Déanfaimid **ár n-acmhainneacht comhraicthe dóiteáin** a mhéadú faoi dhó le linn na bliana seo chugainn.

An samhradh seo sheolamar eitleáin ón nGréig, ón tSualainn agus ón Iodáil chun na dóiteáin sa Fhrainc agus sa Ghearmáin a chomhrac.

Ach ós rud é go bhfuil na heachtraí sin ag tarlú níos minice agus ag éirí níos déine, beidh tuilleadh acmhainní de dhíth ar an Eoraip.

**Is ar an ábhar sin atá mé á fhógairt inniu go ndéanfaimid ár n-acmhainneacht chun dóiteáin a chomhrac a dhúbailt le linn na bliana atá romhainn.**

**Ceannóidh an tAontas Eorpach 10 n-eitleán amfaibiacha éadroma agus 3 héileacaptar sa bhreis chun ár bhflít a chomhlánú.**

Sin sampla den dlúthpháirtíocht Eorpach agus í faoi lán seoil.

A Chomhaltaí Onóracha,

Léiríodh sna blianta deireanacha seo an oiread is féidir leis an Eoraip a bhaint amach nuair bhíonn sí aontaithe.

Tar éis paindéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, sháraigh an t-aschur eacnamaíoch na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim ar luas lasrach.

I dtús na paindéime, ní raibh aon vacsaín againn ach níorbh fhada gur chinntíomar go rabhthas in ann 4 bhilliún teanndáileog a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa agus don domhan.

Agus ar an dá luas chuireamar SURE ar bun – ionas gurbh fhéidir le daoine a bpoist a choinneáil fiú nuair nach raibh obair ag a gcuideachtaí dóibh.

**Ba é an cúlú eacnamaíoch ba mheasa dá bhfacamar ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann.**

**Bhaineamar an téarnamh is tapúla amach ó tháinig borradh faoin ngeilleagar tar éis an Dara Cogadh Domhanda.**

Agus bhíomar in ann sin a dhéanamh de thairbhe gur chuireamar le chéile chun plean coiteann téarnaimh a chur i bhfeidhm.





De bharr NextGenerationEU tá iontaoibh as an nua á cur inár ngeilleagar.

Agus níl an ionstraim ach ina tús.

**Go dtí seo, eisíocadh breis agus €100 billiún leis na Ballstáit. Ciallaíonn sé sin: go bhfuil €700 billiún ann nach bhfuil curtha lenár ngeilleagar go fóill.**

De bharr NextGenerationEU cinnteofar sruth leanúnach infheistíochta chun poist agus fás a chothabháil.

De bharr **NextGenerationEU** cinnteofar sruth leanúnach infheistíochta chun poist agus fás a chothú.

Ciallaíonn sé sin go dtabharfar cúnamh dár ngeilleagar. Ach an rud is tábhachtaí, ciallaíonn sé go mbeidh athnuachan ann.

Tá sé ag maoiniú tuirbíní nua gaoithe agus páirceanna fuinnimh gréine, traenacha ardluais agus nuálaíochtaí caomhnaithe fuinnimh.

Tá beagnach dhá bhliain ann ó cheapamar NextGenerationEU, agus tá sé fós ar an rud a theastaíonn ón Eoraip sa lá atá inniu ann.

**Mar sin cloímis leis an bplean.**

**Tugaimis an t-airgead amach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.**

A Chomhaltaí Onóracha,

Is gá dúinne infheistiú san inbhuanaitheacht agus é sin a dhéanamh ar bhonn inbhuanaithe ar mhaithe lenár bpáistí.

Ní mór dúinn maoiniú a dhéanamh ar an aistriú chuig an ngeilleagar aeráidneodrach digiteach.

Agus fós féin ní mór dúinn an fhírinne nua a insint agus a aithint gur airde an fiachas poiblí atá orainn.



Tá rialacha fioscacha de dhíth orainn lena bhféadfar infheistíocht straitéiseach a dhéanamh agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí á coimirciú.

Rialacha atá oiriúnach do na dúshláin a bhaineann leis an deacáid seo.

**I mí Dheireadh Fómhair, cuirfimid smaointe nua faoin rialachas eacnamaíoch i láthair an phobail.**

Ach le bhur gcead, roinnfidh mé cúpla bunphrionsabal libh.

**Ba cheart níos mó saoirse a bheith ag na Ballstáit i leith bealaí chun a bhfiachas féin a laghdú.**



**Ach ba cheart níos mó cuntasachta a bheith ann maidir leis an méid a chomhaontaíomar a bhaint amach.**

**Ba cheart rialacha níos simplí a bheith ann, rialacha is féidir le gach duine a leanúint.**

Chun an tsaoirse a chur ar fáil ar mhaithe le hinfheistíocht straitéiseach a dhéanamh, agus chun an chúis mhuiníne a theastaíonn ó na margaí airgeadais a thabhairt dóibh.

*Rianaímis arís eile an cúrsa chun tosaigh le chéile.*

Le tuilleadh saoirse chun infheistíocht a dhéanamh. Agus tuilleadh grinnscrúdaithe ar an dul chun cinn.

Tuilleadh úinéireachta ag na Ballstáit. Agus torthaí níos fearr do na saoránaigh.

**Cuirimis eolas ar mheon Chonradh Maastricht an athuair – is le chéile a dhéantar an chobhsaíocht agus an fás a spreagadh, agus ar an dóigh sin amháin.**



A Chomhaltaí Onóracha,

De réir mar atáimid ag dul i mbun aistriú an gheilleagair, ní mór dúinne brath ar na luachanna buana atá ag an ngeilleagar sóisialta margaidh seo againn.

Is smaoineamh an-simplí é gur i ngach uile dhuine againn atá neart mór an Aontais.

**Neart an gheilleagair shóisialta margaidh atá againn**, spreagfaidh sé sin an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas.

Spreagann ár ngeilleagar sóisialta margaidh gach duine le barr feabhais a bhaint amach, ach chomh maith leis sin tugann sé aire dúinne, daoine daonna atá leochaileach.

Tugann sé luach a saothair do dhaoine agus cinntíonn sé go mbeidh cosaint ann dóibh. Cruthaíonn sé deiseanna ach leagann sé síos teorainneacha chomh maith.

Is amhlaidh is mó a theastaíonn sin uainn ar na saolta seo.

De thoradh neart an gheilleagair shóisialta margaidh spreagfar an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas.

**Tá gá againn le *timpeallacht cumasaithe gnó, lucht saothair ag a bhfuil na scileanna cearta* agus *rochtain ar amhábhair* atá de dhíth ar ár dtionscal.**

Tá an méid sin de dhíth más maith linn a bheith iomaíoch san am atá amach romhainn.



Ní mór dúinn na constaicí sin a leagan atá fós ag cur bac ar ár gcuideachtaí beaga.

Ní mór tús áite a thabhairt dóibh sa chlaochlú seo – mar gurb iad atá mar chnámh droma earnáil tionsclaíochta rathúil na hEorpa le fada an lá.

Agus thug siad tús áite dá gcuid fostaithe i gcónaí – go háirithe le linn géarchéimeanna go fiú.

Ach tá an boilsciú agus an éiginnteacht an-chrua go deo orthu.

**Dá bharr sin cuirfimid Pacáiste Fóirithinte FBM chun tosaigh.**

**Cuimseofar ann togra le haghaidh tacar aonair de rialacha cánach chun gnó a dhéanamh san Aontas – is é BEFIT an t-ainm atáimid a thabhairt air.**

Is amhlaidh is éasca a bheidh sé gnó a dhéanamh san Aontas seo againne. Dá laghad an rómhaorlathas is fearr an rochtain ar dhinimiciúlacht mhargadh na mór-roinne.

**Agus déanfaimid athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha** – mar níl sé ceart ná cóir ar dhóigh ar bith go gcuirtear féimheacht amháin as gach 4 cinn i bhfeidhm mar gheall ar shonraisc nach n-íoctar in am trátha.

Ní mór dúinn na constaicí sin a leagan atá fós ag cur bac ar **ár gcuideachtaí beaga**.

Tabharfaidh an beart sin tarrtháil ar na milliúin gnólachtaí teaghlaigh má bhíonn deacrachtaí acu amach anseo.

Ach tá ganntanas oibrithe ag cur as do chuideachtaí Eorpacha chomh maith.

Ní raibh líon na ndífhostaithe chomh híseal riamh roimhe is atá anois.
Is breá an scéala é sin!

An tráth céanna, an méid folúntas post atá le líonadh, ní raibh sin chomh hard roimhe ach oiread.

Tiománaithe leoraí, freastalaithe agus baill foirne aerfoirt.

Altraí, innealtóirí agus teicneoirí Teicneolaíochta Faisnéise.

Tá gach duine de dhíth ar an Eoraip, bíodh sé gan oiliúint fhoirmiúil nó bíodh céim ollscoile aige.

Dá réir sin is gá dúinn níos mó infheistíochta a dhíriú ar an oideachas gairmiúil agus ar an uas-sciliú.



Táim ag moladh **an Bhliain Eorpach um Scileanna** a dhéanamh de 2023.

Ní mór dúinn a bheith ag obair i ndlúthchomhar le cuideachtaí, óir is fearr a thuigeann siadsan an méid a theastaíonn uathu.


Agus ní mór dúinn na riachtanais sin a chur in oiriúint do mhianta na ndaoine atá ag lorg poist.

Ina theannta sin, ní mór dúinn lucht saothair oilte a mhealladh ó thíortha thar lear, lucht saothair a neartóidh cuideachtaí anseo agus fás na hEorpa.

**Is tábhachtach an chéim thosaigh é aitheantas a thabhairt dá gcuid cáilíochtaí san Eoraip ar bhealach níos fearr agus níos gasta.**

Ar an gcaoi sin, beidh an Eoraip níos tarraingtí d'oibrithe oilte.

**Dá bharr sin, molaim an Bhliain Eorpach um Scileanna a dhéanamh de 2023.**



A Chomhaltaí Onóracha,

Is é seo an tríú pointe atá agam i dtaca le FBManna agus an tionscal.

Is cuma cibé acu a labhróimid faoi shliseanna réaltachta fíorúla nó cealla le haghaidh grianphainéal, is iad na hamhábhair an rud is tábhachtaí a spreagfaidh an t-aistriú chuig geilleagar digiteach inbhuanaithe.

Beidh litiam agus na mianraí tearcithreacha níos tábhachtaí ná ola agus gás roimh i bhfad.

Faoi 2030, tiocfaidh méadú faoi chúig ar an éileamh a bheidh ar mhianraí tearcithreacha.

Agus is maith an comhartha é sin! Léirítear leis sin a thapúla is atá dul chun cinn an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Is é an t-aon fhadhb atá ann go fóill go bhfuil smacht ag aon tír amháin ar an margadh uile beagnach.

*Ní mór dúinn spleáchas a sheachaint, amhail an spleáchas ar ola agus ar ghás.*

Is i dtaca leis sin atá tábhacht leis an gcomhbheartas trádála.

Cabhraíonn comhpháirtíochtaí nua linn ár leasanna ríthábhachtacha agus ár luachanna araon a chur chun cinn.

Trádáil a chothaíonn cearta oibrithe agus na caighdeáin chomhshaoil is airde, sin an cineál trádála is féidir linn a dhéanamh le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn.

Is gá dúinn an caidreamh atá againn leis na comhpháirtithe sin agus le réigiúin thábhachtacha fáis a athnuachan.

**Mar sin de, molfaidh mé na Comhaontuithe leis an tSile, Meicsiceo agus an Nua-Shéalainn a dhaingniú.**

**Agus cuirfimid an chaibidlíocht le comhpháirtithe ríthábhachtacha chun cinn, mar atá leis an Astráil agus an India.**

Ach soláthairtí a chinntiú, níl ann ach an chéad chéim.

Tá próiseáil na miotal sin chomh ríthábhachtach céanna.

An tráth seo inniu, tá smacht ag an tSín ar thionscal próiseála an domhain. Déantar beagnach 90 % de na mianraí tearcithreacha agus 60 % de litiam a phróiseáil sa tSín.

Aithneoimid tionscadail straitéiseacha ar fud an tslabhra soláthair, idir eastóscadh agus scagadh, agus idir phróiseáil agus athchúrsáil. Agus cuirfimid le cúlchistí straitéiseacha nuair atá an soláthar i mbaol.

**Dá réir sin, tá mé ag fógairt inniu Ionstraim an Aontais um Amhábhair Chriticiúla.**

Tá a fhios againn go n-éireoidh leis an gcur chuige sin.


Cúig bliana ó shin, sheol an Eoraip Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais. Agus go luath, is san Eoraip a tháirgfear dhá thrian de na ceallraí a theastaíonn uainn.

D'fhógair mé anuraidh an Gníomh Eorpach um Shliseanna. Agus beidh an chéad ghigeamhonarcha sliseanna i mbun oibre sna míonna beaga atá amach romhainn.

Déanaimis deimhin de gur **san Eoraip** a bheidh todhchaí an tionscail.

*Is gá dúinn anois a mhacasamhail den éacht seo a dhéanamh arís.*

**Sin an fáth freisin a gcuirfimid lenár ranníocaíocht le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne.**



**Agus sa todhchaí, tá sé de dhianrún agam ciste nua a chruthú, sin é Ciste an Aontais um Cheannasacht.**

*Déanaimis deimhin de gur san Eoraip a bheidh todhchaí an tionscail.*



## AN FÓD A SHEASAMH AR SON ÁR nDAONLATHAIS

A Chomhaltaí Onóracha,

Agus sinn ag féachaint ar an staid reatha ar fud an domhain, uaireanta mothaíonn sé go bhfuil rudaí ag dul i léig, rudaí a raibh cuma na buanseasmhachta orthu tráth dá raibh.

Ar bhealach éigin, ba mheabhrú dúinn ar an méid sin bás Bhanríon Eilís II an tseachtain seo caite.

**Laoch is ea í!**

Mheabhraigh an Bhanríon Eilís II dúinn i gcónaí gur **ar smaointe nua a thógfar an todhchaí atá romhainn**, agus gurb iad na luachanna is sinne atá againn dúshraith na todhchaí sin.

Le linn na n-imeachtaí suaiteacha a d'athraigh an saol ó bhun le 70 bliain anuas, bhí sise ann i gcónaí, go seasmhach.

Duine stóchúil diongbháilte agus í i mbun a seirbhíse.

Ach thar aon ní eile, bhí sí in ann teacht ar na focail chearta gach uair dá raibh siad ag teastáil.

Idir na haithisc a thug sí in 1940 a bhí dírithe ar dhaoine a bhí aslonnaithe de dheasca an chogaidh, agus an óráid stairiúil a thug sí uaithi le linn na paindéime.

Chuaigh sí i gcion, ní hamháin ar chroí a náisiúin féin, ach ar anam an domhain uile freisin.

Nuair a smaoiním ar chúrsaí mar atá siad inniu, cuimhním ar na focail a labhair sí agus an phaindéim ag réabadh léi.

**Is é a dúirt sí: "Beidh an bua linn – agus is le gach uile dhuine againn a bheidh an bua sin".**

Mheabhraigh sí dúinn i gcónaí gur ar smaointe nua a thógfar an todhchaí atá romhainn, agus gurb iad na luachanna is sine atá againn dúshraith na todhchaí sin.



Ó bhí deireadh an Dara Cogadh Domhanda ann, thugamar faoi ghealltanas an daonlathais agus faoin smacht reachta.

Le chéile, chuir náisiúin an domhain córas idirnáisiúnta ar bun lena ndéantar an tsíocháin agus an tslándáil, an ceartas agus dul chun cinn eacnamaíoch a chur chun cinn.

*Sa lá atá inniu ann, is é an córas céanna sin is sprioc do dhiúracáin na Rúise.*

An méid a chonaiceamar ar shráideanna Bucha, sna páirceanna dóite gráin, agus ansin ag geataí an ghléasra núicléach is mó san Úcráin – *ní sárú ar na rialacha idirnáisiúnta amháin atá ann.*

*Is iarracht d'aon ghnó é na rialacha sin a chaitheamh in aer.*

**I bhfianaise an choir cinniúna sin sa pholaitíocht dhomhanda, ní mór athmhachnamh a dhéanamh ar ár mbeartas eachtrach.**

Anois an t-am ceart chun infheistíocht a dhéanamh i g**cumhacht na ndaonlathas**.

Seo chugainn an deis infheistíocht a dhéanamh i gcumhacht na ndaonlathas.

Tosóidh an obair sin le croíghrúpa comhpháirtithe atá ar aon intinn linn: ár gcairde i ngach uile náisiún daonlathach ar fud na cruinne.

*Tá an dearcadh céanna againn ar an domhan. Agus ba cheart dúinn ár gcomhchumhacht a chur i ngníomh chun earraí an domhain a mhúnlú.*

Ba cheart dúinn ár seacht ndícheall a dhéanamh an croíghrúpa sin de náisiúin dhaonlathacha a mhéadú. Is é an bealach is tapa é sin a dhéanamh na ceangail atá againn le daonlathais ar mhór-roinn na hEorpa a dhoimhniú agus a neartú.

*Na tíortha atá cheana féin ar an mbealach i dtreo an Aontais seo againne, is leosan a thosóidh sin.*

***Ní mór dúinn a bheith gualainn ar ghualainn leo ag gach céim den chonair.***


**Óir an bealach i dtreo daonlathais láidre agus an bealach i dtreo an Aontais, is ionann iad.**

**Muintir na mBalcán Thiar, na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia, is mian liom é seo a chur in iúl daoibh:**

**Is cuid dár dteaghlach sibh, tá sé i ndán daoibh a bheith mar chuid den Aontas, agus ní iomlán an tAontas seo againne gan sibh!**

Tá sé tugtha faoi deara againn chomh maith go bhfuil gá ann dul i dteagmháil le tíortha na hEorpa – lasmuigh den phróiseas aontachais.

**Sin an fáth a dtacaím leis an nglao ar son Comhphobal Polaitiúil Eorpach – agus cuirfimid ár gcuid smaointe i ndáil leis sin in iúl don Chomhairle Eorpach.**








Ach an todhchaí atá romhainn, tá sí ag brath freisin ar an gcumas atá ionainn rannpháirtíocht a chothú le tíortha lasmuigh dár gcroíghrúpa comhpháirtithe daonlathacha.

Tíortha i ngar nó i gcéin, tá spéis acu a bheith ag obair linn ar mhórdhúshláin na haoise seo, an t-athrú aeráide agus an digitiú, cuir i gcás.

Sin é an príomhsmaoineamh is bonn leis an Global Gateway, an plean infheistíochta a d'fhógair mé anseo in aitheasc na bliana seo caite.

Tá torthaí nithiúla an tionscnaimh sin le feiceáil cheana féin.

In éineacht lenár gcomhpháirtithe san Afraic, tá dhá mhonarcha á dtógáil againn i Ruanda agus sa tSeineagáil chun vacsaíní mRNA a mhonarú.

Déanfar san Afraic iad, le haghaidh na hAfraice, a bhuí le teicneolaíocht den chéad scoth.

**Agus tá an cur chuige sin á athchruthú againn i ngach cearn de Mheiriceá Laidineach mar chuid de straitéis rannpháirtíochta níos mó.**

Éilíonn sé sin infheistíocht ar scála domhanda.

Dá bhrí sin, rachaimid i mbun gnímh lenár gcairde sna Stáit Aontaithe agus le comhpháirtithe G7 eile chun é sin a chur i gcrích.

**Ar an ábhar sin, déanfaidh an tUachtarán Biden agus mé féin cruinniú na gceannairí a thionól chun tionscadail cur chun feidhme a athbhreithniú agus a fhógairt.**

Tá an todhchaí atá romhainn ag brath freisin ar an gcumas atá ionainn rannpháirtíocht a chothú le tíortha **lasmuigh dár gcroíghrúpa comhpháirtithe daonlathacha**.

A Chomhaltaí Onóracha,

Tá sin mar chuid den obair atá ar siúl againn chun ár ndaonlathais a neartú.



Ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh go bhfuil uathlathaithe eachtracha ag díriú ar ár dtíortha féin.

Bíonn eintitis eachtracha ag maoiniú institiúidí a bhaineann an bonn dár luachanna.

Tá a gcuid bréagaisnéise á scaipeadh ón idirlíon go hallaí ár n-ollscoileanna.

Níos túisce i mbliana, dhún ollscoil in Amstardam ionad taighde a maíodh a bheith neamhspleách, ach a bhí maoinithe ag eintitis Shíneacha i bhfírinne.

Bhí taighde mar dhea faoi chearta an duine á fhoilsiú ag an ionad sin, taighde inar diúltaíodh d'fhianaise maidir le campaí géibhinn le haghaidh na nUigiúrach, ag maíomh nach raibh sa mhéid sin ach "ráflaí".



**Tá na bréaga sin nimhneach dár ndaonlathais.**

Déanaigí bhur machnamh air seo: Tá reachtaíocht tugtha isteach againn chun scagadh a dhéanamh ar infheistíocht dhíreach choigríche inár gcomhlachtaí ar chúiseanna slándála.

**Má táimid sásta an méid sin a dhéanamh ar son an gheilleagair, nár cheart dúinn amhlaidh a dhéanamh ar son ár luachanna?**

**Is gá dúinn sinn féin a chosaint ar bhealach níos fearr ar chur isteach mailíseach.**

**Is ar an gcúis sin a bheidh pacáiste ar a dtugtar "Cosaint an Daonlathais" á chur i láthair againn.**

Tabharfaidh sé tionchar eachtrach ceilte agus maoiniú amhrasach chun solais.

**Ní ligfimid do chapaill adhmaid de chuid aon uathlathais ionsaí a dhéanamh ar ár ndaonlathais ón taobh istigh.**

Le níos mó ná 70 bliain anuas, is ar an daonlathas atá ár dtriall anseo ar mhór-roinn na hEorpa. Ach an méid atá bainte amach againn ar an gconair fhada sin, níl sé cinnte fós.

*Tá talamh slán déanta ag cuid mhaith againn den daonlathas ar feadh i bhfad.* Go háirithe daoine de mo leithéidse, nach bhfuil taithí againn ar an saol mar atá faoi bhois an chait ag réimeas forlámhach.

**Sa lá atá inniu ann, feictear dúinn uile nach mór dúinn troid ar son ár ndaonlathas. *Lá i ndiaidh lae.***

Ní mór dúinn iad a chosaint ar na bagairtí seachtracha atá rompu, agus ar an olc a dhéanann dochar dóibh ón taobh istigh.

Ní mór dúinn troid ar son **ár ndaonlathas.** Lá i ndiaidh lae.

Is é an dualgas agus an ról is uaisle atá ag mo Choimisiún an smacht reachta a chosaint.

**Creidigí uaim é mar sin: leanfaimid orainn ag éileamh go mbíonn neamhspleáchas breithiúnach ann.**

**Agus cosnóimid ár mbuiséad trí shásra na coinníollachta.**

Agus inniu ba mhaith liom díriú ar an éilliú, agus na cumaí go léir a bhíonn air. Gníomhairí eachtracha, iad ag iarraidh tionchar a imirt ar ár gcóras polaitiúil. Cuideachtaí nó fondúireachtaí amhrasacha, iad ag baint mí-úsáid as airgead poiblí.

*Más mian linn a bheith inchreidte nuair a iarraimid ar thíortha is iarrthóirí a ndaonlathais a neartú, ní mór dúinn freisin deireadh a chur leis an éilliú sa bhaile.*

**Sin an fáth a gcuirfidh an Coimisiún bearta i láthair sa bhliain atá le teacht chun ár gcreat reachtach a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an éilliú a chomhrac.**

Ardóimid na caighdeáin maidir le cionta amhail saibhriú aindleathach, mangaireacht tionchair agus mí-úsáid na cumhachta, thar na cionta is clasaicí, cuir i gcás an bhreabaireacht.

**Agus molfaimid freisin an t-éilliú a chur san áireamh mar chuid dár gcóras smachtbhannaí i dtaca le cearta an duine, is é sin an uirlis nua atá againn chun ár luachanna a chosaint thar lear.**

Ídíonn an t-éilliú an iontaoibh atá ag daoine as ár n-institiúidí. Dá bhrí sin, ní mór dúinn é a chomhrac le feidhm iomlán an dlí.

Ídíonn an t-éilliú an iontaoibh atá ag daoine as ár n-institiúidí. Dá bhrí sin, ní mór dúinn é a chomhrac le **feidhm iomlán an dlí**.

A Chomhaltaí Onóracha,

Ní raibh sé i gceist ag ár mbunaitheoirí ach an chéad chloch den daonlathas seo a leagan síos.

Shíl siad riamh go gcuirfeadh na glúnta a bheadh le teacht a gcuid oibre i gcrích.

“Níl an daonlathas imithe as faisean, ach ní mór é a thabhairt cothrom le dáta chun leanúint d’fheabhas a chur ar shaol na ndaoine.”

**Bhí an méid sin le rá ag David Sassoli – Eorpach iontach, duine a dtugaimid aitheantas dó inniu.**



Bhí David Sassoli den tuairim gur cheart don Eoraip féachaint roimpi i gcónaí.

Agus d’ainneoin na ndeacrachtaí atá ann faoi láthair, tá radharc againn anois ar an méid atá romhainn.

*Aontas atá níos cróga.*
*Níos gaire dá shaoránaigh in am an ghátair.*
*Níos misniúla agus aghaidh á tabhairt aige ar dhúshláin stairiúla agus ar ábhair imní laethúla mhuintir na hEorpa.* Aontas a sheasann leo nuair a bhíonn siad ag dul i ngleic le hanbhroidí móra an tsaoil.

Is é sin an fáth ar bhain an oiread sin tábhachta leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

A bhuí léi, fuaireamar spléachadh ar chineálacha rannpháirtíochta éagsúla na saoránach, seachas a rannpháirtíocht sna toghcháin féin.

Tar éis don Eoraip éisteacht le tuairimí a saoránach, ní mór anois dúinn beart a dhéanamh.

**Bhí ról lárnach ag na Painéil Saoránach sa Chomhdháil agus beidh siad anois ina ngné rialta dár saol daonlathach.**

Bhí ról lárnach ag na **Painéil Saoránach** sa Chomhdháil agus beidh siad anois ina ngné rialta dár saol daonlathach.

Agus sa Litir Intinne a sheol mé chuig an Uachtarán Metsola agus chuig an bPríomh-Aire Fiala inniu, thug mé cur síos ar roinnt tograí don bhliain atá romhainn a eascraíonn as conclúidí na Comhdhála.

**Cuimsítear iontu sin, mar shampla, tionscnamh nua maidir leis an meabhairshláinte.**

Ba cheart dúinn aire níos fearr a thabhairt dá chéile. Agus i gcás go leor daoine a bhíonn ag mothú imníoch agus caillte sa saol, féadfaidh tacaíocht iomchuí inrochtana agus inacmhainne difear mór a dhéanamh dóibh.

A Chomhaltaí Onóracha,

Ní mór d'institiúidí daonlathacha muinín na saoránach a ghnóthú agus a athghnóthú ar bhonn leanúnach.

Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a leagtar amach romhainn.

Is é sin a rinne muintir na hEorpa nuair a tháinig na milliúin Úcránach chugainn ag lorg dídine.

**Sin í an Eoraip ar a seacht ndícheall.**

**Aontas lán le diongbháilteacht agus le dlúthpháirtíocht.**

Ach tá an diongbháilteacht agus an treallús sin ar son na dlúthpháirtíochta go fóill ar lár san idirphlé maidir leis an imirce.

Tá sé fíorthábhachtach nach eisceachtaí iad na bearta a rinneamar i leith dídeanaithe ón Úcráin. Féadfaimid iad a úsáid mar threoirphlean agus sinn ag féachaint romhainn.





Teastaíonn nósanna imeachta cothroma tapa uainn, córas atá athléimneach ó thaobh géarchéimeanna de agus is féidir a chur chun feidhme go sciobtha, agus sásra buan atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus lena gcinntítear an dlúthpháirtíocht.

An tráth céanna, teastaíonn smacht éifeachtach ar ár dteorainneacha seachtracha, i gcomhréir le cearta bunúsacha a urramú.

Is é atá uaim Eoraip a dhéanfaidh an imirce a bhainistiú le dínit agus le meas.

Eoraip ina nglacfaidh na Ballstáit uile freagracht as na dúshláin a chomhroinnimid eadrainn.

Agus Eoraip a léireoidh dlúthpháirtíocht leis na Ballstáit uile.

**Tá dul chun cinn déanta againn maidir leis an gComhshocrú, agus tá an Treochlár againn. Agus anois teastaíonn an toil pholaitiúil chun é a fhíorú.**

Is é atá uaim Eoraip a léireoidh **dlúthpháirtíocht** leis na Ballstáit uile.

A Chomhaltaí Onóracha,

Trí seachtaine ó shin, bhí deis iontach agam a bheith i dteannta 1,500 duine óg as gach cearn den Eoraip agus den domhan nuair a tháinig siad le chéile in Taizé.

Tá dearcthaí éagsúla acu, is as tíortha éagsúla dóibh, is ó chúlraí éagsúla iad, agus tá teangacha éagsúla acu.

D’ainneoin sin go léir, tá rud éigin a cheanglaíonn le chéile iad.

Tá luachanna agus idéalacha i gcoiteann acu.
Creideann siad sna luachanna sin.
Tá siad go léir paiseanta faoi rud éigin atá níos mó ná iad féin.

Is glúin í sin a bhfuil aislingí aici, ach is glúin déantóirí í freisin.



**San aitheasc deiridh a thug mé ar Staid an Aontais, d’inis mé daoibh gur mhaith liomsa go mbeadh an Eoraip níos cosúla leis na daoine óga sin.**

**Ba cheart dúinn a gcuid mianta a chur i gcroílár gach ní a dhéanaimid.**

**Agus ba cheart é sin a dhaingniú inár gConarthaí bunaidh.**

Gach gníomh a dhéanann an tAontas seo againne, ba cheart prionsabal simplí a bheith taobh thiar de.

Is é sin nár cheart dúinn aon díobháil a dhéanamh do thodhchaí ár bpáistí.

Agus gur cheart dúinn domhan níos fearr a fhágáil inár ndiaidh don chéad ghlúin eile.

**Dá bhrí sin, a Chomhaltaí Onóracha, creidim gur mithid an dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chumhdach inár gConarthaí.**



Faoi mar a d'éiligh an Pharlaimint seo, creidim gurb é seo an t-am le haghaidh **Coinbhinsiún Eorpach**.

Tá sé in am dúinn an gealltanas Eorpach a athnuachan.

Ní mór dúinn freisin feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí agus ar an gcaoi a nglacaimid cinntí.

*Déarfadh daoine áirithe nárbh é seo an t-am ceart.* Ach má táimid dáiríre faoi ullmhú do shaol an lae amárach, ní mór dúinn a bheith in ann gníomhú i dtaca leis na rudaí is mó is cás le daoine.

Agus i ngeall go bhfuilimid dáiríre faoi aontas níos mó a bhaint amach, ní mór dúinn a bheith dáiríre freisin faoin athchóiriú.

**Dá bhrí sin, agus faoi mar a d'éiligh an Pharlaimint seo, creidim gurb é seo an t-am le haghaidh Coinbhinsiún Eorpach.**

## CONCLÚID

A Chomhaltaí Onóracha,

**Is minic ráite gur gile an solas sa dorchadas.**

Agus is cinnte go raibh an méid sin fíor i gcás na mban agus na bpáistí agus iad ag teitheadh ó bhuamaí na Rúise.

Theith siad ó thír i mbun cogaidh, iad lán le cumha i ndiaidh an tsaoil sa bhaile agus lán le heagla i dtaca leis an méid a bhí rompu.




**Ach cuireadh lánfháilte rompu. Chuir saoránaigh cosúil le Magdalena agus Agnieszka lánfháilte rompu. Beirt bhan óga neamhleithleacha as an bPolainn.**

A luaithe agus a chuala siad faoi thraenacha lán dídeanaithe, chuaigh siad ar an bpointe go dtí Stáisiún Lárnach Vársá.

Chuaigh siad i mbun eagrúcháin.

Chroch siad puball chun cabhrú leis an oiread daoine agus ab fhéidir.

Chuaigh siad i dteagmháil le sraitheanna ollmhargaí chun bia a lorg, agus le húdaráis áitiúla chun busanna a eagrú go dtí na hionaid fáilteachais.

Laistigh de chúpla lá, bhailigh siad 3,000 oibrí deonach le chéile chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe 24/7.

A Chomhaltaí Onóracha,

**Tá Magdalena agus Agnieszka anseo inár dteannta inniu.**

Tugaimis bualadh bos dóibh agus do gach uile Eorpach a d'oscail a gcroí agus a dtithe féin.

**Is léiriú é a scéal ar an méid a seasann an tAontas seo againne dó agus ar an méid is mian linn a bhaint amach.**

**Baineann an scéal sin le misneach, le teacht aniar agus le dlúthpháirtíocht.**

Léirigh siad don uile dhuine an méid is féidir le muintir na hEorpa a bhaint amach nuair a oibrímid le chéile i dtreo sprioc choiteann.

Sin é spiorad na hEorpa.

**Aontas a sheasann go docht daingean le chéile.**

**Aontas a n-éiríonn leis i dteannta le chéile.**

Gura fada buan an Eoraip.



# AN LITIR INTINNE

## CHUIG AN UACHTARÁN ROBERTA METSOLA AGUS CHUIG AN bPRÍOMH-AIRE PETR FIALA

STAID AN AONTAIS 2022

*An Bhruiséil, an 14 Meán Fómhair 2022*

*A Uachtaráin Metsola, a chara,*

*A Phríomh-Aire Fiala, a chara,*

*Tá sé díreach os cionn 200 lá ó thosaigh an Rúis a cogadh foghach brúidiúil cruálach i gcoinne na hÚcráine. 200 lá inar fhulaing muintir na hÚcráine cuid mhór, ach inar léirigh siad neart misnigh agus diongbháilteachta chomh maith. 200 lá de thacaíocht aontaithe dhaingean bhuanseasmhach ón bpobal, ó na náisiúin agus ó na hinstitiúidí ar comhchodanna iad den Aontas Eorpach seo againne.*

***Is í an Úcráin atá i gcontúirt. Ach baineann an tsaincheist sin chomh maith leis an méid a seasann an tAontas Eorpach dó: an tsaoirse, an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta agus na luachanna uile atá mar bhunchloch againn**.*

*Mar sin, agus muid ag teacht le chéile don díospóireacht ar Staid an Aontais i mbliana, athdheimhnímid go comhpháirteach ár dtiomantas tacú leis an Úcráin ar gach bealach is féidir. Agus **táimid ag treisiú ár dtacaíochta do na hEorpaigh uile a bhfuil deacrachtaí rompu** de réir mar atá daoine agus cuideachtaí ag streachailt chun greim a choinneáil faoin bhfiacail mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar na costais mhaireachtála, ar daoine agus cuideachtaí iad a raibh orthu dul i ngleic ar na mallaibh le tionchar na paindéime agus na ndianghlasálacha lena chois.*

*Sin an fáth ar príomhthosaíocht an Choimisiúin é sa bhliain atá romhainn tacú le muintir na hEorpa le linn na dtréimhsí deacra seo. Chuige sin, tá sraith tograí á gcur chun cinn ag an gCoimisiún chun maolú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an ngéarchéim fuinnimh ar na teaghlaigh agus ar na gnólachtaí is mó atá i ngátar agus chun cabhrú leo oiriúnú. Is é sin an beart is déanaí as measc roinnt beart arb é is aidhm dóibh ár n-athléimneacht a threisiú ó cuireadh tús leis an gcogadh, go háirithe maidir le deireadh a chur lenár spleáchas fuinnimh. Trí **REPowerEU**, chuireamar dlús leis an obair chun an soláthar a éagsúlú ó bhreoslaí iontaise na Rúise, chun dlús a chur le leathadh amach na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, chun coigilteas fuinnimh a chur chun cinn agus chun ár n-acmhainneacht stórála a mhéadú.*

*Ó thosaigh ionsaí na Rúise, tá sé léirithe ag an Aontas Eorpach cé chomh tapa agus is féidir leis freagairt a thabhairt agus é ag gníomhú le chéile. Ghlacamar smachtbhannaí gasta tromchúiseacha in éineacht le go leor dár gcomhpháirtithe domhanda, agus tá na smachtbhannaí sin ag cur go crua ar gheilleagar agus ar thionscal na Rúise anois. Mar Team Europe, chuireamar cúnamh airgeadais dar luach breis agus €19 mbilliún ar fáil don Úcráin, gan tacaíocht mhíleata a chur san áireamh. Rinneamar an Treoir um Chosaint Shealadach a ghníomhachtú, rud lena dtugtar rochtain do dhídeanaithe ón Úcráin ar phoist, ar thithíocht, ar oideachas agus ar chúram sláinte ar fud an Aontais. Ghníomhaíomar chun trádáil a éascú agus bhunaíomar Lánaí Dlúthpháirtíochta chun cuidiú le heaspórtálacha ón Úcráin agus chun slándáil bia ar fud an domhain a chosaint. Agus, rud ar díol suntais é go stairiúil, thugamar stádas mar iarrthóir don Úcráin agus don Mholdóiv chun a mbealach i dtreo an Aontais seo againne a oscailt. Tá sé léirithe ag an Eoraip le bliain anuas gur Aontas geopholaitiúil é. Ní mór dúinn leanúint de cheannaireacht a léiriú agus de bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe ar fud an domhain. San áireamh ann sin freisin tá ár n-athléimneacht agus ár slándáil a neartú tríd an gcibearshlándáil a threisiú agus dlús a chur lenár gcuid oibre maidir le cosaint.*

*Sa bhliain atá amach romhainn, is é an bealach is fearr chun dul i ngleic leis na dúshláin phráinneacha sin **leanúint den phlean** a leagamar amach le chéile le haghaidh an tsainordaithe seo. Is mó arís an tábhacht a bhaineann leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas ar thugamar fúthu le chéile, de réir mar a chuamar i ngleic le paindéimí, le dianghlasálacha agus le cogadh ag ár dteorainn. Baineann sé sin le todhchaí níos fearr a thógáil don chéad ghlúin eile, agus sinn féin a dhéanamh níos athléimní agus níos ullmhaithe do na dúshláin atá le teacht.*

*An méid a comhaontaíodh cheana a chur chun feidhme, sin é an chéad chéim. San áireamh ann sin tá na comhaontuithe cinniúnacha maidir leis an nGníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha a chur chun feidhme, ar comhaontuithe iad inar ghlac an tAontas ceannaireacht dhomhanda maidir leis an spás digiteach a rialáil chun é a dhéanamh níos sábháilte agus níos oscailte. Leanfaimid de bheith ag féachaint ar dheiseanna agus treochtaí digiteacha nua, amhail an mheiteachruinne. Fágann sé sin go leanfar*

den obair ar infheistíocht agus ar athchóirithe freisin trí **NextGenerationEU**, ionstraim a bhfuil €700 billiún dá buiséad fós le hinfheistiú sna blianta amach romhainn. Ar an dóigh chéanna, ní mór dúinn leanúint de chumhacht bhuiséad an Aontais a úsáid chun deimhin a dhéanamh de go dtacaíonn sé le daoine agus leis an ngeilleagar ar an mbealach is fearr. Agus sinn ag féachaint chun cinn, ní mór dúinn measúnú a dhéanamh freisin ar an difear atá á dhéanamh dár mbuiséad fadtéarmach mar gheall ar COVID, ar an gcogadh agus ar na héifeachtaí iarmharta a bhaineann leo. Chuige sin, cuirfimid chun cinn **athbhreithniú meántéarma ar an mbuiséad fadtéarmach** sa bhliain atá amach romhainn.

Tá sé ríthábhachtach go leanfaimid dár gcuid oibre **chun teacht ar chomhaontú maidir le tograí reachtacha atá curtha i láthair ag an gCoimisiún cheana féin**. Is mian linn buíochas a ghabháil le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle as a gcomhar agus as a n-iarrachtaí chun an oiread sin tograí práinneacha a chomhaontú go tapa – bíodh sé sin maidir le deimhniú COVID-19, rialacha digiteacha nó an t-íosphá. Ní mór dúinn dlús a chur leis an gcur chuige sin, go háirithe maidir le comhaid atá ríthábhachtach don Chomhaontú Glas don Eoraip agus maidir lenár spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach.

Cuirfimid roinnt tograí nua spriocdhírithe ar aghaidh freisin, ar tograí iad atá riachtanach chun freagairt ar dhúshláin ghearrthéarmacha nó ar ár gcuspóirí fadtéarmacha. Ós rud é nach mór do na comhreachtóirí tosaíocht a thabhairt do ghlacadh na dtograí sa bhliain atá le teacht, dírítear sa liosta ar ghníomhaíocht a dhéanamh sna háiteanna is mó a bhfuil gá léi. Leagtar béim sa liosta thíos ar na príomhthionscnaimh do 2023. Tá sé bunaithe ar an bplé a bhí againn le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle agus comhlánófar é le **Clár Oibre an Choimisiúin** atá le teacht agus leis an idirphlé leanúnach idirinstitiúideach.

Beidh Clár Oibre 2023 an Choimisiúin bunaithe den chuid is mó ar thoradh na **Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa**. Ní hamháin go léiríonn sé sin ár dtiomantas comhchoiteann aird níos fearr a thabhairt ar ionchais na saoránach, ach is léiriú é freisin ar rath na Comhdhála, mar chleachtadh sa daonlathas rannpháirteach agus mar bhealach chun ár gceapadh beartas a fheabhsú araon. Sa liosta thíos tá tograí a eascraíonn go díreach as na moltaí ó na saoránaigh, amhail tionscnamh maidir leis an meabhairshláinte – ceann de na réimsí nua ar iarr an Chomhdháil orainn oibriú orthu. Cuirfimid Painéil Saoránach san áireamh inár mbosca uirlisí um cheapadh beartas ionas gur féidir leo moltaí a dhéanamh roimh phríomhthograí beartais áirithe, ag tosú leis an obair atá ar na bacáin maidir le cur amú bia. D'fhonn cur leis an rath a bhí ar Bhliain Eorpach na hÓige, is daoine óga a bheidh in aon trian de na rannpháirtithe.

**Is í an dlúthpháirtíocht atá i ndán don Eoraip – anois níos mó ná riamh.** Dá mhéad a sheasaimid le chéile, dá mhéad aontacht a léirímid, is amhlaidh is fearr is féidir linn teacht amach ón mbliain atá romhainn mar Aontas níos láidre agus saol na todhchaí a ullmhú. Sin é ár misean comhchoiteann i mbliana agus is féidir libh brath ar an gCoimisiún chun oibriú libh ag gach céim den bhealach.

**Ursula von der Leyen**

**Maroš Šefčovič**

# PRÍOMHTHIONSCNAIMH NUA DO 2023

*Tá réiltín (*) curtha leis na tionscnaimh a eascraíonn go díreach as togra de chuid na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa nó a chuireann go hindíreach leis an togra sin.*

## COMHAONTÚ GLAS DON EORAIP

- *Athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir leis an margadh inmheánach leictreachais*
- *Togra chun Banc Hidrigine an Aontais Eorpaigh a chruthú*
- *Athbhreithniú ar an gcreat maidir le dramhaíl chun dramhaíl a laghdú, dramhbhia san áireamh, agus maolú a dhéanamh ar an tionchar atá ag an mbainistiú dramhaíola ar an gcomhshaol* *
- *Togra reachtach maidir le plandaí a tháirgtear le teicnící géanómaíocha nua áirithe* *
- *Athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe* *

## EORAIP ATÁ OIRIÚNACH DON AOIS DHIGITEACH

- *Gníomh Eorpach um amhábhair chriticiúla* *
- *Pacáste Fóirithinte FBM, agus an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha san áireamh*
- *Tionscnamh maidir le domhain fhíorúla, amhail an mheiteachruinne*
- *Pacáiste Ceadúnaithe Paitinne*
- *Togra reachtach maidir le haispeist i bhfoirgnimh a scagadh agus a chlárú* *
- *Togra le haghaidh Bhliain Eorpach na Scileanna*

## GEILLEAGAR A FHÓIREANN DO DHAOINE

- *Athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027* *
- *Athbhreithniú ar an Rialachas Eacnamaíoch*
- *Togra reachtach maidir leis an dara sraith d'acmhainní dílse nua* *
- *Togra reachtach maidir le Gnó san Eoraip: creat le haghaidh cánachas ioncaim* "BEFIT" *
- *Rochtain ar Shonraí i seirbhísí airgeadais* *
- *Tograí reachtacha maidir leis an euro digiteach a bhunú* *

## EORAIP NÍOS LÁIDRE SA DOMHAN MÓR

- *Straitéis Spáis an Aontais um shlándáil agus cosaint* *
- *Clár Oibre Nua do Mheiriceá Laidineach agus don Mhuir Chairib*
- *Nuashonrú ar straitéis slándála muirí an Aontais*
- *Nuashonrú a dhéanamh ar an gcóras smachtbhannaí i ndáil le cearta an duine*

## ÁR NDÓIGH BHEATHA EORPACH A CHUR CHUN CINN

- *Cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte* *
- *Aitheantas do cháilíochtaí na náisiúnach tríú tír*
- *Togra reachtach maidir le doiciméid taistil a dhigitiú agus an taisteal a éascú*
- *Athbhreithniú ar an Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac*
- *Tionscnamh maidir le hAcadamh Scileanna Cibearshlándála*

## UGACH NUA DO DHAONLATHAS NA hEORPA

- *Pacáiste um chosaint an daonlathais, agus tionscnamh san áireamh ann maidir le réimse daonlathach an Aontais a chosaint ar thionchar eachtrach ceilte*
- *Pacáiste frithéillithe*
- *Togra reachtach maidir le Cárta Míchumais an Aontais* *

# AN MÉID A BAINEADH AMACH

STAID AN AONTAIS 2022

# SCÉAL CEANNRÓDAÍOCH MAIDIR LEIS AN ÁTHLÉIMNEACHT DHAONLATHACH

I mí na Nollag 2019, leag Coimisiún von der Leyen amach **bealach nua uaillmhianach i dtreo Aontas Eorpach a bheidh níos glaise, níos digití agus níos cothroime**. Le linn dhá imeacht stairiúla ar an leibhéal domhanda – paindéim an choróinvíris agus cogadh cruálach na Rúise i gcoinne na hÚcráine – sheas an Eoraip le chéile ina comhrac i gcoinne an víris agus le muintir na hÚcráine araon. Agus sin á dhéanamh againn, ní hamháin gur choinníomar an cúrsa ach chuireamar dlús lenár mbealach misniúil chun tosaigh freisin. I dteannta a chéile, tá an todhchaí á múnlú againn.

An fhreagairt a thug an Eoraip ar an dá ghéarchéim de chineál nach bhfacthas a leithéid riamh lenár linn, d'fhéadfadh sé gur chuir an fhreagairt sin iontas ar an domhan. Tháinig COVID-19 ar dtús. Tá an phaindéim tar éis dochar mór a dhéanamh, ach i dteannta a chéile tá an iliomad beatha daoine sábháilte againn agus chabhraíomar lenár ngeilleagar téarnamh níos tapúla ná riamh. A bhuí le straitéis vacsaíní an Choimisiúin Eorpaigh, **tá an vacsaíniú príomhúil (aon dáileog amháin nó dhá dháileog) in aghaidh an ghalair faighte ag 83.4 % de dhaoine fásta san Aontas**. Is é an tAontas an soláthraí vacsaíní COVID-19 is mó ar domhan. Agus le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, cosnaítear an ceart bunúsach chun saorghluaiseacht, rud a bhfuil caighdeán domhanda á dhéanamh de de réir a chéile.

Den chéad uair riamh, tá acmhainní ollmhóra bailithe ag an gCoimisiún ó mhargaí caipitil chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus le hathchóirithe sna Ballstáit. Tá muinín nua as an todhchaí tugtha ag ár bplean téarnaimh, **NextGenerationEU**, do theaghlaigh, do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí san Aontas. Lenar bhfreagairt ar an bpaindéim, ní hamháin go bhfuilimid níos athléimní i gcoinne COVID-19 agus bagairtí sláinte a bheidh ann amach anseo, ach tá athléimneacht an daonlathais agus an gheilleagair san Eoraip neartaithe freisin.

Ansin, tháinig ionsaí brúidiúil gan údar gan chúis na Rúise ar an Úcráin. Tá an mhór-roinn iomlán tar éis teacht le chéile chun tacú le muintir na hÚcráine. Le luas agus aontacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, d'fhorchuir an tAontas smachtbhannaí tromchúiseacha ar mheaisín cogaidh Vladimir Putin. Le tacaíocht ó chomhpháirtithe ar fud an domhain, **tá na smachtbhannaí ag dul i bhfeidhm go mór ar gheilleagar na Rúise agus tá siad ag déanamh dochar do chumas na Creimile an cogadh a fhearadh**. Táimid tar éis rochtain na Rúise ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta a ghearradh tríd an tír a dhíbirt ó SWIFT, táimid ag calcadh agus coigistiú shócmhainní na n-olagarcaí atá nasctha leis an gCreimil agus táimid ag déanamh an-dochar do choimpléasc míleata tionsclaíoch na Rúise trína rochtain ar ardteicneolaíochtaí a laghdú.

Tá freagairt an Aontais Eorpaigh ar na dúshláin mhóra atá romhainn **á treorú ag luachanna daonlathacha agus ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** agus bunaithe ar gheilleagar a fhóireann do dhaoine.





Ag an am céanna, tá **REPowerEU curtha chun cinn ag an gCoimisiún, plean ceannródaíoch na hEorpa chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú**. Tá ár soláthairtí fuinnimh á n-éagsúlú againn, rud a chuireann le héifeachtúlacht fuinnimh agus a chuireann dlús le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite. Ní hamháin go dtéann an t-aistriú glas chun tairbhe do shláinte na ndaoine agus an phláinéid, ach neartaíonn sé slándáil fuinnimh na hEorpa freisin. Má bhí Putin ag iarraidh an Eoraip a dheighilt, is é a mhalairt go díreach atá bainte amach aige. Tá an tAontas Eorpach níos aontaithe ná riamh, agus táimid ag seasamh le chéile sa chogadh seo.

Tá freagairt an Aontais Eorpaigh ar na dúshláin mhóra atá romhainn á treorú ag luachanna daonlathacha agus ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus bunaithe ar gheilleagar a fhóireann do dhaoine. Tá **margadh saothair níos láidre ag an Aontas Eorpach anois ná mar a bhí aige le blianta fada anuas** mar chuidigh an Coimisiún leis na Ballstáit tacú le hoibrithe agus le gnólachtaí le linn na ndianghlasálacha. Agus le NextGenerationEU, táimid ag infheistiú i dtionscal, i mbonneagar agus i bpoist san Eoraip. Tá an togra le haghaidh **Gníomh Eorpach um shliseanna**, mar shampla, ag tógáil ar bhonn taighde úrscothach ar leathsheoltóirí san Eoraip chun táirgeadh ceannródaíoch a chur chun cinn. Tá an **Global Gateway**, straitéis nua infheistíochta domhanda na hEorpa, ag cuidiú chun dlús a chur le haistriú glas atá cóir agus le haistriú digiteach atá cóir ar fud an domhain.

Le dhá bhliain go leith anuas, dearbhaíodh gurb é **neart na hEorpa a haontacht**, agus go bhfuil an aontacht sin bunaithe ar ár gcomhluachanna daonlathacha: ár dtiomantas do chearta bunúsacha an duine; preas saor agus neamhspleách a chosaint; An smacht reachta a chaomhnú; agus comhionannas idir mná agus fir, idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha, idir óg agus aosta. Beag beann ar an bhféiniúlacht a roghnaíonn tú, tá tú in ann a bheith ar do dhóigh féin san Eoraip. Ní mór obair a chur isteach sna daonlathais agus iad a athnuachan gach aon lá, agus chuige sin, ní mór na saoránaigh a chumasú chun labhairt amach. Bhain **an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**, a tugadh chun críche an 9 Bealtaine 2022, leas as an gcúltaca domhain seo de chruthaitheacht agus d'fhuinneamh, chun saoránaigh a chumasú chun todhchaí an Aontais Eorpaigh a mhúnlú. Tá an Coimisiún tar éis éisteacht, agus anois tá sé in am beart a dhéanamh.

**Tá treocht i stair na hEorpa a théann i dtreo an daonlathais agus na haontachta**. Ó bhriseadh an fhaisisteachais in 1945 go dtí deireadh na ndeachtóireachtaí sa Ghréig agus i Leithinis na hIbéire sna 1970idí, agus ó thitim Bhalla Bheirlín in 1989 agus an t-athmhuintearas idir an tOirthear agus an tIarthar go dtí **comhrac na hÚcráine ar son na saoirse agus an daonlathais** i gcoinne fhogha na Rúise, tá tiomantas seasmhach fadtéarmach ann i dtreo tuilleadh daonlathais san Eoraip. Agus i gcás gach athraithe, is iad **na daoine – a nguthanna, a misneach agus a n-éilimh ar cheartas – a chruthaíonn an t-athrú sin**. Sin é scéal an Aontais Eorpaigh. Is é an rud a fhágann go bhfuil muintir na hEorpa láidir agus muiníneach as an todhchaí.



# 1. SEASANN MUINTIR NA hEORPA LEIS AN ÚCRÁIN, AR SON AN DAONLATHAIS AGUS NA SÍOCHÁNA

## DLÚTHPHÁIRTÍOCHT MHÓR LEIS AN ÚCRÁIN

Lorg na milliúin Úcránach dídean san Aontas Eorpach, daoine a scaradh óna dteaghlaigh agus óna dtír de bharr bhuamaí Putin. Is radhairc uafásacha iad radhairc an chogaidh. Ach crógacht fhrithbheartaíocht na hÚcráine agus na híomhánna de shaoránaigh an Aontais agus iad ag cur fáilte roimh dhídeanaithe, léiríonn sin pictiúr eile – insíonn siad scéal dóchais dúinn. **Is gaire an caidreamh idir an tAontas agus an Úcráin anois ná riamh**. Go dtí go mbeidh muintir na hÚcráine in ann filleadh abhaile go sábháilte agus a dtír neamhspleách dhaonlathach a atógáil faoi shíocháin, cuirfimid fáilte rompu agus tacóimid leo. Óir is cuid dár dteaghlach Eorpach iad.

Sibhialtaigh na hÚcráine a chosaint, sin é an chéad tosaíocht atá ag freagairt an Aontais Eorpaigh. Agus an Coimisiún ag obair lenár gcomhpháirtithe ar an láthair, tá sé á chinntiú againn **go gcuirfear cabhair dhaonnúil ar fáil** agus go mbeidh conairí daonnúla oscailte ann lena gcinnteofar aslonnú saor agus sábháilte. Ó mhí an Mheithimh 2022, chuir an tAontas os cionn €348 milliún i gcabhair dhaonnúil ar fáil don Úcráin, mar shampla chun bia, uisce, dídean agus cúram sláinte a chur ar fáil do na daoine is leochailí.



Ó thús ionsaí brúidiúil na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, **de réir na dtaifead, tháinig níos mó ná 8.2 milliún náisiúnach de chuid na hÚcráine go dtí an tAontas Eorpach**, ar mná, leanaí agus daoine scothaosta iad den chuid is mó. An dlúthpháirtíocht ollmhór a léirigh saoránaigh an Aontais i leith na ndídeanaithe ón Úcráin – go háirithe sna Ballstáit a bhfuil teorainn acu leis an Úcráin (an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic), ach i ngach áit ar fud an Aontais freisin – léiríonn an dlúthpháirtíocht sin an chuid is fearr de luachanna agus d'oscailteacht na hEorpa. Tá formhór na ndídeanaithe ón Úcráin – níos mó ná 5.24 milliún – tar éis an teorainn a thrasnú isteach sa Pholainn, agus tá saoránaigh na Polainne tar éis a gcroí, a dtithe agus a gcathracha a oscailt chun dídean a thabhairt dóibh.



Sheol grúpa saoránach i **Vársá** an siopa “Pulawska 20” chun bia, cosmaidí agus éadaí a bhailiú agus a sheachadadh saor in aisce do dhídeanaithe ón Úcráin agus dóibh siúd atá easáitithe ina dtír féin.

## **Tá níos mó ná 4 mhilliún Úcránach** tar éis clárú le haghaidh cosaint shealadach san Aontas.



Den chéad uair i stair an Aontais Eorpaigh, mhol an Coimisiún Eorpach, an **Treoir um Chosaint Shealadach** a chur i ngníomh an 2 Márta 2022. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cosaint iomlán láithreach ag dídeanaithe ón Úcráin san Aontas Eorpach:

Cuidíonn Kiril Slavov, Bulgárach óg bodhar a d'fhás aníos i Stócólm, le muintir na hÚcráine atá bodhar teitheadh ón gcogadh agus a saol a atosú i **Sóifia**. Cabhraíonn sé leo trí aistriúchán a dhéanamh go teanga chomharthaíochta idirnáisiúnta, agus cabhraíonn sé leo obair a fháil.

1. Ceadanna cónaithe ar feadh thréimhse iomlán na cosanta
2. Rochtain ar fhostaíocht
3. Rochtain ar chóiríocht nó ar thithíocht oiriúnach
4. Rochtain ar leas sóisialach nó ar chóir mhaireachtála más gá
5. Rochtain ar chúram leighis
6. Rochtain ar an gcóras oideachais stáit do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois
7. Deiseanna do theaghlaigh athaontú i gcúinsí áirithe
8. Rochtain ar sheirbhísí baincéireachta, mar shampla cuntas bainc bunúsach a oscailt
9. An fhéidearthacht bogadh go Ballstát eile den Aontas Eorpach sula n-eisítear cead cónaithe

Ghníomhaigh an Coimisiún go tapa agus léirigh sé dlúthpháirtíocht chun tacú le Ballstáit an Aontais ar an talamh. Le **CARE** (gníomhaíocht an chomhtháthaithe do dhídeanaithe san Eoraip), is féidir leis na Ballstáit cistí comhtháthaithe an Aontais a úsáid chun tacaíocht éigeandála a chur ar fáil do dhídeanaithe. Cuireadh €3.5 billiún ón ionstraim don ghéarchéim phaindéime **REACT EU** ar fáil láithreach do na Ballstáit. I mí an Mheithimh 2022, ghlac an Coimisiún an togra FAST-CARE, lena gcuirfear €3.5 billiún breise in íocaíochtaí réamh-mhaoinithe ar fáil do na Ballstáit agus lena gcinntítear gur cheart 30 % ar a laghad de na hacmhainní gaolmhara a dheonú d'oibríochtaí atá á mbainistiú ag údaráis áitiúla agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta a thugann aghaidh ar dhúshláin imirce.




Tríd an **slógadh is mó riamh faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta,** chuir na 27 mBallstát, mar aon leis an Macadóin Thuaidh, an Iorua agus an Tuirc, **os cionn 66,000 tona de chabhair** ar fáil don Úcráin, bia, fearais gharchabhrach agus éadaí cosanta san áireamh, mar aon le trealamh straitéiseach freisin amhail ospidéil shoghluaiste, soláthairtí fuinnimh agus innill dóiteáin, arbh fhiú os cionn €425 mhilliún de thacaíocht an Aontais iad faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Faoi **rescEU** cuireadh stoc-chairn leighis san Aontas chuig an Úcráin freisin, aerálaithe, caidéil insilte, monatóirí othar, maisc agus gúnaí leighis, gléasanna ultrafhuaime, dlúthaitheoirí ocsaigine agus neart rudaí eile san áireamh. I bhfianaise scála na hoibríochta sin, tá moil lóistíochta bunaithe ag an Aontas i dtíortha máguaird amhail an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic, chun na seachadtaí a chomhordú. Tá dhá thrádstóras dhaonnúla agus oibríocht lóistíochta atá á maoiniú ag an Aontas curtha ar bun san Úcráin freisin.

An 11 Márta 2022, seoladh an chéad oibríocht Medevac. Ó shin i leith, aistríodh níos mó ná 1,000 othar ón Úcráin a bhfuil cóireáil leanúnach nó cúnamh leighis práinneach de dhíth orthu, chuig ospidéil san Aontas le cabhair ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Cuireadh **eitleán nua aslonnaithe leighis** le cabhlach rescEU an Aontais chun cabhrú le hiompar na n-othar de chuid na hÚcráine a bhfuil cúram sláinte práinneach de dhíth orthu.

Ag an am céanna, chuir an Coimisiún dlús lena iarrachtaí teagmháil a dhéanamh le pobail na hÚcráinise agus na Rúisise araon, agus béim ar leith á leagan ar dhídeanaithe a chur ar an eolas faoi thacaíocht an Aontais. Gan mhoill, sheol an Coimisiún **suíomh gréasáin tiomnaithe maidir leis an dlúthpháirtíocht leis an Úcráin,** suíomh a bhí ar fáil den chéad uair riamh san Úcráinis agus sa Rúisis araon. Chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine san Úcráin agus le lucht labhartha na Rúisise, chuir an Coimisiún cuntas Telegram ar bun freisin. Thug ionad teagmhála Europe Direct freagra ar thuairim is 10,000 ceist i ndáil leis an ngéarchéim san Úcráin agus faoi chruachás na ndídeanaithe agus na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin.

Agus iad ag freagairt ghlao Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelenskyy, tharraing an Coimisiún Eorpach agus Ceanada ceannairí domhanda le chéile, i gcomhpháirtíocht leis an ngrúpa abhcóideachta Global Citizen, agus sheol siad an **feachtas gealltanais "Seasaimis ar son na hÚcráine"** an 26 Márta 2022. Leis an bhfeachtas sin, bailíodh **€9.1 billiún go tapa do dhaoine a bhí ag teitheadh ó ionradh na Rúise,** €1 bhilliún ón gCoimisiún agus €1 bhilliún eile ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha san áireamh. Leanfar den dlúthpháirtíocht chinniúnach ó thaobh an Aontais agus a chuid saoránach de fad a bheidh ár dtacaíocht ag teastáil ó mhuintir na hÚcráine. Is é is cúis leis sin, ní hamháin go bhfuil muintir na hÚcráine ag seasamh ar son a saoirse féin, tá siad ag seasamh ar son ár luachanna Eorpacha agus daonlathacha freisin.

## SMACHTBHANNAÍ: FRONTA DAONLATHACH AONTAITHE I gCOINNE AN UATHLACHAIS

Mar fhreagairt láithreach ar an aitheantas a thug an Rúis an 21 Feabhra 2022 do chríocha scarúnaíocha "Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk" mar a thugtar orthu, agus ar an ionsaí míleata a rinne an Rúis ar an Úcráin an 24 Feabhra, **d'fhorchuir an tAontas smachtbhannaí tromchúiseacha** ar gheilleagar na Rúise agus ar na heintitis agus ar na daoine aonair atá comhpháirteach sa chogadh. Ghníomhaigh an tAontas Eorpach, agus a chomhpháirtithe agus a ghnólachtaí ar fud an domhain go pras agus go láidir chun an Rúis a scoitheadh ó thaobh an gheilleagair de agus chun deireadh a chur le meaisín cogaidh Putin. Seasaimid ar thaobh na hÚcráine agus ar thaobh an daonlathais i gcoinne an uathlathais; ar thaobh an smachta reachta i gcoinne na láimhe láidre; ar thaobh oird idirnáisiúnta atá cothrom síochánta i gcoinne an ionsaithe agus an anoird.

Is sárú ar luachanna uilíocha agus ar an dlí idirnáisiúnta iad gníomhartha na Rúise, rud nár cheart don chomhphobal idirnáisiúnta ligean dó tarlú. An 2 Márta 2022, vótáil **na Náisiúin Aontaithe** le tromlach mór chun ionradh na Rúise ar an Úcráin a cháineadh: Vótáil 141 de na 193 bhallstát ar son an rúin, staon 35 cinn acu agus ní raibh ach 5 thír ann a thaobhaigh leis an Rúis.

Ó thús an chogaidh, tá **sé phacáiste smachtbhannaí nach bhfacthas a leithéid riamh** glactha ag an Aontas, smachtbhannaí atá dírithe ar an-dochar

a dhéanamh do chumas na Creimile an cogadh a mhaoiniú agus ar bhrú a chur ar réimeas na Rúise. Cumhdaíonn na smachtbhannaí sin na hearnálacha airgeadais, fuinnimh agus iompair, mar aon le heaspórtáil earraí dé-úsáide, beartas víosaí, foinsí bréagaisnéise a scaipeann bolscaireacht chogaidh na Creimile, agus daoine aonair agus eintitis na Rúise agus na Bealarúise a bhfuil baint acu le cogadh Putin. I gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cuireann an tAontas **eisceachtaí daonnúla** san áireamh ina chórais smachtbhannaí.

## Seasaimid **ar thaobh na hÚcráine** agus ar thaobh an daonlathais i gcoinne an uathlathais.

Tá smachtbhannaí an Aontais chomh héifeachtach sin toisc go gcuirtear chun feidhme iad i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis ar fud an domhain. Tá **os cionn 40 tír**, lena mbaineann beagnach an leathchuid d'olltáirgeacht intíre an domhain, ag cur smachtbhannaí i bhfeidhm i gcoinne na Rúise. Ina measc sin tá Ceanada, an tSeapáin, Lichtinstéin, an Iorua, Singeapór, an Chóiré Theas, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe mar aon leis na tíortha máguaird agus tíortha a dteastaíonn uathu teacht isteach san Aontas, go háirithe sna Balcáin Thiar.

Tá na smachtbhannaí ag cur deireadh le rochtain na Rúise ar airgead ar na margaí caipitil domhanda, agus tá bonn tionsclaíoch na Rúise á chreimeadh de réir a chéile acu, go háirithe coimpléasc míleata tionsclaíoch na tíre. Tá siad tar éis **príomhbhainc na Rúise a ghearradh amach as an gcóras SWIFT** – an córas teachtaireachtaí airgeadais is mó ar domhan – Sberbank, an banc is mó sa Rúis san áireamh, rud a scoitheann an Rúis go bunúsach ó na margaí airgeadais domhanda. Chuir an tAontas bac freisin ar chúlchistí malairte eachtraí na Rúise atá i seilbh an Aontais Eorpaigh.

Laistigh de na chéad 3 mhí den chogadh fiú amháin, **rinne Ballstáit an Aontais sócmhainní ar fiú €12.5 billiún iad, a chalcadh**, amhail idirbhearta airgeadais, réadmhaoin, saothair ealaíne, gluaisteáin agus luaimh. Is rud sa bhreis é sin ar an mbac a cuireadh ar chúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise san Eoraip. San iomlán, bhí **1,212 dhuine aonair agus 108 n-eintiteas** faoi réir calcadh sócmhainní agus toirmisc taistil mar gheall ar a ngníomhaíochtaí chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine, dá ceannasacht agus dá neamhspleáchas. Chun na smachtbhannaí sin a fhorfheidhmiú, thug an Coimisiún Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Europol agus Eurojust le chéile agus **bhunaigh sé Tascfhórsa "Calcadh agus Coigistiú"**. Malartaíonn an tascfhórsa faisnéis agus taithí ar fud na mBallstát agus cuireann sé treoir ar fáil maidir leis na smachtbhannaí a fhorfheidhmiú. Oibríonn sé go dlúth leis an Tascfhórsa Idirnáisiúnta um Scothaicmí, Seachghníomhaithe agus Olagarcaí na Rúise, tascfhórsa faoina n-oibríonn an tAontas Eorpach i gcomhar le tíortha an G7 (Ceanada, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an tSeapáin, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe) agus leis an Astráil. Tá sé molta ag an gCoimisiún freisin coir san Aontas a dhéanamh den sárú ar bhearta sriantacha an Aontais agus rialacha a neartú i dtaca le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú.

Rinneadh géarú suntasach freisin ar na rialuithe easpórtála atá ann cheana maidir le hearraí dé-úsáide chun díriú ar earnálacha íogaire i gcoimpléasc míleata tionsclaíoch na Rúise, rud a chuireann **teorainn le rochtain na Rúise ar ardteicneolaíochtaí atá ríthábhachtach dá slándáil agus dá cosaint,** amhail ladrainn agus a mbogearraí, bogearraí le haghaidh gléasanna criptiúcháin, agus leathsheoltóirí agus ardleictreonaic. Leis na smachtbhannaí, tá cumais teicneolaíochta na Rúise á n-íosghrádú, sin agus cumas na tíre an geilleagar a nuachóiriú.

I gcomhréir le creat na hEagraíochta Domhanda Trádála, forchuireadh leis na smachtbhannaí **toirmisc easpórtála ar tháirgí atá le dul chun na Rúise**, amhail cruach, breosla eitlíochta, leathsheoltóirí, ceimiceáin agus táirgí riachtanacha eile le haghaidh bhonn tionsclaíoch na Rúise. Ag an am céanna, tá **toirmisc iompórtála** tugtha isteach againn chun sruthanna ioncaim na Rúise agus a holagarcaí a ghearradh, ar tháirgí amhail adhmad, stroighin, bia mara (caibheár) agus deochanna meisciúla (vodca), a chlúdaíonn níos mó ná leath den mhéid a bhí á iompórtáil againn ón Rúis roimh an gcogadh.



Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen agus í ag freastal ar chruinniú de chuid an G7 in Schloss Elmau na Gearmáine.

Chun go mbeadh éifeacht leis na smachtbhannaí, ba ghá don Aontas **na bealaí iompair** chuig an Rúis agus amach uaithi a dhúnadh. Ar dhá phríomhréimse i ndáil leis sin, bhí dúnadh aerspás an Aontais le haghaidh na n-aerárthach uile atá faoi úinéireacht na Rúise, atá cláraithe nó faoi rialú na Rúise, sin agus an toirmeasc ar easpórtáil earraí, seirbhísí agus **teicneolaíochta le haghaidh na heitlíochta agus thionscal an spáis**. Is san Aontas Eorpach, i gCeanada nó sna Stáit Aontaithe a tógadh trí cheathrú d'aerloingeas trádála reatha na Rúise. San áireamh sna smachtbhannaí freisin tá toirmeasc iomlán ar oibreoirí bóithre lasta na Rúise agus na Bealarúise atá ag obair san Aontas agus tá toirmeasc ar theacht isteach i dtaca le cabhlach trádála iomlán na Rúise. Mar sin féin, tá feidhm ag díolúintí áirithe a chumhdaíonn earraí riachtanacha, amhail earraí talmhaíochta agus cabhair dhaonnúil.

Tá an Bhealarúis ag tacú leis an ionradh ar an Úcráin trí chead a thabhairt d'arm na Rúise oibriú laistigh dá críoch. Sin é an fáth **ar chuir an tAontas dlús lena smachtbhannaí i gcoinne na Bealarúise freisin**. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag an Aontas i gcoinne na Bealarúise mar fhreagairt ar fhoréigean neamh-inghlactha údaráis na Bealarúise i gcoinne agóideoirí síochánta agus ar ionstraimiú imirceach ag teorainn an Aontais in 2021. Na smachtbhannaí ar an mBealarúis, a chumhdaíonn beagnach 70 % d'easpórtálacha uile na Bealarúise chuig an Aontas, déanann siad thrí bhanc ón mBealarúis a ghearradh amach as an gcóras SWIFT freisin. Ag an am céanna, tá an tAontas ag leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na Bealarúise, agus beagnach €65 mhilliún de chabhair curtha ar fáil aige dóibh ó bhí samhradh 2020 ann. Áirítear leis sin tacaíocht éigeandála don tsochaí shibhialta agus do dhaoine a d'fhulaing cos ar bolg an stáit.

Is sciar suntasach de chiste cogaidh na Rúise é an t-ioncam ó easpórtálacha fuinnimh. Chun srian a chur leis na sreafaí airgid chuig an Rúis, **chuir an tAontas smachtbhannaí ar earnáil fuinnimh na Rúise** ar na bealaí seo a leanas.

- Toirmeasc ar amhola mhuiriompartha agus ar tháirgí peitriliam muiriompartha a iompórtáil ón Rúis. **Clúdaíonn an toirmeasc 90 % d'iompórtálacha ola na hEorpa atá ann faoi láthair ón Rúis**.
- Toirmeasc a chur ar earraí agus teicneolaíochtaí san earnáil scagtha ola a easpórtáil chuig an Rúis. Dá réir sin, **ní féidir leis an Rúis a scaglanna ola a uasghrádú**.
- Cosc a chur ar chuideachtaí an Aontais seirbhísí árachais agus seirbhísí airgeadais eile a thairiscint d'aon long a iompraíonn táirgí ola de chuid na Rúise. Déanfaidh sé sin **an-dochar do chumas na Rúise táirgí ola a easpórtáil ar fud an domhain**.
- Deireadh a chur le hinfheistíocht nua in **earnáil fuinnimh** na Rúise.
- **Toirmeasc a chur ar gach cineál iompórtálacha guail ón Rúis**. Déanfaidh sé sin difear don cheathrú cuid d'easpórtálacha guail na Rúise, agus caillfidh an Rúis thart ar €8 mbilliún d'ioncam in aghaidh na bliana dá bharr.



Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag leagan amach an treo agus ag spreagadh an Aontais chun deireadh iomlán a chur lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, gás na Rúise san áireamh, agus dlús a chur le haistriú glas na hEorpa.

## AN tSLÁNDÁIL FUINNIMH AGUS AN tAISTRIÚ GLAS

An 18 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún Eorpach REPowerEU i láthair, **plean ceannródaíoch an Aontais chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise** trí chur i bhfeidhm leathadh amach luathaithe an fhuinnimh in-athnuaite, trí choigilteas fuinnimh agus trí sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú. Is plean




**DE MHUINTIR NA hEORPA**
creideann siad gur cheart don Aontas a spleáchas ar ghás agus ar ola na Rúise a laghdú a luaithe is féidir.
**Is é REPowerEU freagra an Aontais Eorpaigh.**

cuimsitheach agus mionsonraithe é REPowerEU chun fuinneamh inacmhainne a bhaint amach do dhaoine atá ina gcónaí san Aontas, slándáil fuinnimh a bhaint amach don Eoraip agus inbhuanaitheacht a bhaint amach don phláinéid. Tacaíonn Dearbhú Versailles go hiomlán le REPowerEU, dearbhú a shínigh ceannairí uile na mBallstát an 11 Márta. Creideann thart ar 85 % de shaoránaigh an Aontais gur cheart don Aontas a spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú a luaithe is féidir. **Is é REPowerEU freagra an Aontais Eorpaigh**.

**Tá luas agus dlús méadaithe á gcur leis an bhfuinneamh in-athnuaite** faoi láthair i nginiúint cumhachta, i dtionscal, i bhfoirgnimh agus in earnáil an iompair. Mhol an Coimisiún príomhsprioc 2030 d'fhoinsí in-athnuaite a mhéadú ó 40 % go 45 % faoin gComhaontú Glas don Eoraip. Tá an bealach á réiteach ag REPowerEU le haghaidh tionscnaimh nua uaillmhianacha:



Straitéis thiomnaithe an Aontais um an nGrianfhuinneamh arb é is aidhm di an **acmhainn ghréine fhótavoltach a mhéadú faoi dhó** faoi 2025 agus 600GW a shuiteáil faoi 2030



Tionscnamh um dhíonta gréine a bhfuil **dualgas dlíthiúil céimnithe ann painéil ghréine a shuiteáil ar fhoirgnimh nua** – foirgnimh phoiblí, thráchtála agus chónaithe



Ráta úsáide **teaschaidéal** a mhéadú faoi dhó



Bearta praiticiúla chun **dlús a chur le ceadanna le haghaidh mórthionscadail in-athnuaite**




**An sprioc maidir le táirgeadh hidrigine glaise** a mhéadú faoi dhó go 10 milliún tona de tháirgeadh intíre agus 10 milliún tona d'iompórtálacha faoi 2030



Méadú ar tháirgeadh **bithmheatáin** go 35 bhilliún méadar ciúbach faoi 2030


Tá REPowerEU ag tacú le forbairt a dhéanamh ar **cheann de na feirmeacha gaoithe is mó ar domhan amach ón gcósta** sa Mhuir Thuaidh. Ní fada go gclúdóidh sé tomhaltas fuinnimh bliantúil níos mó ná 50 milliún teach, nó thart ar an gceathrú cuid de theaghlaigh uile an Aontais. Leis an togra reachtach ón gCoimisiún maidir le dlús a chur leis an gceadú le haghaidh tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus a mbonneagar eangaí, réiteofar an bealach chun fuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid i bhfad níos tapúla ar fud an Aontais. Le gach cileavatuair leictreachais a ghinimid ón ngaoth, ón ngrian, ón hidreachumhacht nó ón mbithmhais, laghdaítear ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis agus tugtar an tAontas Eorpach céim amháin níos gaire dá thodhchaí aeráidneodrach.

Tá an Coimisiún ag cabhrú leis na Ballstáit praghsanna leictreachais a chosc agus **tomhaltóirí a chosaint**.

**Is iad foinsí in-athnuaite an freagra is fearr ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh**. Tá na seanfhuinnimh atá dian ar charbón – gual, ola agus gás – ag éirí níos costasaí, ach tá costais na bhfuinneamh in-athnuaite ag titim go seasta le blianta fada anuas. Tá méadú ag teacht ar phraghsanna fuinnimh ar fud an domhain ó bhí samhradh 2021 ann agus is measa fós iad mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Sa ghearrthéarma, tá an Coimisiún ag cabhrú freisin leis na Ballstáit praghsanna leictreachais a chosc agus tomhaltóirí a chosaint. Mar chuid den phacáiste aeráide agus fuinnimh "Oiriúnach do 55", chuir an Coimisiún togra chun cinn freisin maidir le **Ciste Aeráide Sóisialta** atá dírithe ar thacú le teaghlaigh leochaileacha, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus úsáideoirí iompair.

Tá bearta molta ag an gCoimisiún freisin chun an **éifeachtúlacht fuinnimh** fhadtéarmach a fheabhsú, méadú ó 9 % go 13 % ar sprioc cheangailteach éifeachtúlachta fuinnimh 2030 faoin gComhaontú Glas don Eoraip san áireamh. Moltar do na Ballstáit bearta fioscacha a úsáid chun coigilteas fuinnimh a spreagadh, amhail rátaí laghdaithe CBL ar chórais téimh, insliú foirgneamh agus fearais agus táirgí atá fuinneamhéifeachtúil. Chun a chinntiú go mbeidh an tAontas réidh agus athléimneach don chéad gheimhreadh eile, tá **oibleagáidí íosta stórála gáis**

**MÉADÚ Ó 9 %** go **13 %** ar sprioc cheangailteach éifeachtúlachta fuinnimh 2030 faoin g**COMHAONTÚ GLAS DON EORAIP**




tugtha isteach ag an gCoimisiún le haghaidh na mBallstát, lena gceanglaítear orthu leibhéal líonta 80 % a chinntiú faoin 1 Samhain 2022.

Chun freagairt a thabhairt ar ghás bheith á úsáid mar uirlis troda ag an Rúis, mhol an Coimisiún uirlis nua reachtach freisin agus an plean **"Coigil Gás le haghaidh Geimhreadh Sábháilte"**. Chuideodh an uirlis sin, a ghlac an Chomhairle an 5 Lúnasa 2022, leis an Aontas cur isteach iomlán ar sholáthar gáis na Rúise a sheasamh trína thomhaltas gáis a laghdú 15 % idir seo agus earrach na bliana seo chugainn. Tugtar treoir sa phlean freisin maidir le laghdú comhordaithe ar ghás, chun an tionchar ar shaoránaigh agus ar an ngeilleagar a theorannú.

Tá an tAontas ag dul i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus tá leibhéil arda iompórtálacha gáis nádúrtha leachtaithe agus seachadtaí gáis píblíne níos airde bainte amach aige. Tá an Coimisiún ag obair leis an Iorua, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe, agus le hAngóla, leis an Asarbaiseáin, leis an Éigipt, le hIosrael, leis an Nigéir agus leis an gCóiré Theas freisin. **An comhaontú ar tháinig an tUachtarán von der Leyen air le hUachtarán na Stát Aontaithe, Joe Biden**, tiocfaidh sé sin in ionad thart ar aon trian den 155 bhilliún méadar ciúbach de ghás na Rúise a d'iompórtáil an tAontas anuraidh. An bonneagar nua gáis nádúrtha leachtaithe atá á thógáil ag an Aontas chun slándáil an tsoláthair agus dlúthpháirtíocht a chinntiú do na Ballstáit uile, beidh sé i gcroílár na gconairí hidrigine glaise a bheidh ann sa todhchaí.

Le h**Ardán Fuinnimh an Aontais**, ardán a cuireadh ar bun le déanaí agus a bhfuil tacaíocht aige ó thascfhórsaí réigiúnacha, beifear in ann ceannacháin choiteanna dheonacha gháis, gáis nádúrtha leachtaithe agus hidrigine a dhéanamh tríd an éileamh



Ard-Rúnaí ECAT Jens Stoltenberg agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen

a chomhthiomsú, trí úsáid an bhonneagair a bharrfheabhsú agus tríd an bhfor-rochtain chuig soláthróirí a chomhordú. Agus macasamhlú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar rath an chláir chomhchoitinn um vacsaíní a cheannach, tá **sásra ceannaigh comhpháirteach** á fhorbairt aige chun ceannacháin gháis a chonradh thar ceann na mBallstát rannpháirteach. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis ar fud an domhain tríd an gclár oibre déthaobhach trádála atá againn, chun na soláthairtí ríthábhachtacha fuinnimh agus amhábhar a dhaingniú, ar soláthairtí iad a bheidh mar bhonn taca lenár slándáil fuinnimh agus eacnamaíoch amach anseo.

**Tá tacaíocht airgeadais dar luach beagnach €300 billiún ag REPowerEU**, lena n-áirítear €225 bhilliún d'iasachtaí atá ar fáil do na Ballstáit ó NextGenerationEU, ciste téarnaimh stairiúil na hEorpa. Mhol an Coimisiún do na Ballstáit freisin caibidil faoi REPowerEU a chur lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, ionas gur féidir leo cistí téarnaimh na paindéime a úsáid ar bhealach níos fearr chun spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú faoi dheireadh is faoi dheoidh. Is plean cuimsitheach agus mionsonraithe é REPowerEU chun fuinneamh inacmhainne a bhaint amach do dhaoine atá ina gcónaí san Aontas, slándáil fuinnimh a bhaint amach don Eoraip agus inbhuanaitheacht a bhaint amach don phláinéid.

## COSAINT NA hEORPA AGUS ECAT

Tá an tAontas Eorpach ag éirí níos láidre ó thaobh soláthar slándála de chun **saoránaigh an Aontais a chosaint** agus chun cur leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta inár gcomharsanacht agus níos faide i gcéin. An 11 Márta 2022, thug ceannairí an Aontais treoir shoiléir trí **Dhearbhú Versailles** maidir le conas slándáil na hEorpa a fheabhsú: dlús a chur leis an infheistíocht, leas a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha tábhachtacha agus margadh cosanta Eorpach níos comhtháite agus níos iomaíche a thógáil. An 21 Márta 2022, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach an **compás straitéiseach** go foirmiúil, rud a thugann plean uaillmhianach gníomhaíochta don Aontas i dtreo 2030. Tá sé sin níos tábhachtaí fós tráth atá cogadh ar siúl arís san Eoraip.

Mar fhreagairt ar Chruinniú Mullaigh Versailles, i mí na Bealtaine 2022 chuir an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Josep Borrell, anailís i láthair maidir leis na **bearnaí infheistíochta i réimse na cosanta**. Sa ghearrthéarma, bunaíodh Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta chun oibriú leis na Ballstáit. Moladh ionstraim ghearrthéarmach de chuid an Aontais, atá bunaithe ar obair an tascfhórsa, chun cumais thionsclaíocha chosanta a threisiú trí **sholáthar comhpháirteach**, ionstraim atá le glacadh go mear, chun tacú leis na Ballstáit na bearnaí is práinní agus is suntasaí a líonadh ar bhealach comhoibríoch. Chomh maith leis sin i mí na Bealtaine 2022, fógraíodh scéim nuálaíochta cosanta an Aontais a bhfuil sé mar aidhm léi infheistíocht iomlán €2 bhilliún a dhéanamh sa nuálaíocht i réimse na cosanta.

Tá gach rud atá ar a chumas á dhéanamh ag an Aontas Eorpach chun muintir na hÚcráine a chosaint ina bhfrithbheartaíocht i gcoinne ionsaitheoir na Rúise agus chun cabhrú leo a n-aisling a fhíorú maidir le hÚcráin atá daonlathach, neamhspleách agus síochánta. Sin an fáth a bhfuil **trealamh míleata agus bonneagar slándála á gcur ar fáil den chéad uair riamh** ag an Aontas Eorpach do thír faoi ionsaí nach Ballstát den Aontas í. Ar thionscnamh ón Ardionadaí, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh bearta cúnaimh an 28 Márta 2022 faoin t**Saoráid Eorpach Síochána** chun trealamh agus soláthairtí a chur ar fáil d'fhórsaí armtha na hÚcráine. €2.5



Bhog Nadia Dobrianska ó Chív go **Corcaigh** tar éis do theaghlach Éireannach a rá go n-óstálfadh sé í féin agus a teaghlach. Tá Nadia ag doiciméadú sáruithe ar chearta an duine agus coireanna cogaidh ag arm na Rúise. Chomh maith leis sin, seinneann sí an fheadóg mhór agus canann sí amhráin thraidisiúnta na hÉireann.



Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Josep Borrell agus iad ag tabhairt ómós d'íospartaigh ionsaí na Rúise ar an Úcráin.

billiún, sin méid iomlán na tacaíochta a tugadh ó shin d'fhórsaí armtha na hÚcráine tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

Mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus ar na héifeachtaí fadtéarmacha a bheidh aige sin ar an ord slándála san Eoraip agus ar fud an domhain, is gaire an caidreamh idir an tAontas agus ECAT anois ná riamh. Is é ECAT an comhaontas míleata is cumhachtaí ar domhan, agus is mar chomhghuaillíocht chosantach a fheidhmíonn sé. Is colún lárnach de chobhsaíocht agus de shlándáil na hEorpa é **an comhar idir an tAontas agus ECAT**. Tá aontacht láidir thrasatlantach léirithe ag an Aontas agus ECAT in aghaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin. Go deimhin, an 18 Bealtaine 2022, rinne dhá Bhallstát eile de chuid an Aontais, **an Fhionlainn agus an tSualainn**, iarratas ar dhul isteach in ECAT, agus leis sin d'fhág siad a neamhailíniú míleata ina ndiaidh i bhfianaise chogadh gan údar na Rúise ar an Úcráin.

Is é ECAT (Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh) an comhaontas míleata is cumhachtaí ar domhan, agus is mar **chomhghuaillíocht chosantach** a fheidhmíonn sé.



Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen agus Uachtarán na hÚcráine Volodymyr Zelenskyy.

## AN COMHRAC IN AGHAIDH COIREANNA COGAIDH, IN AGHAIDH NA NEAMHSHLÁNDÁLA BIA AGUS IN AGHAIDH NA BOLSCAIREACHTA

In éineacht le rialtas na hÚcráine, tá an tAontas Eorpach ag fiosrú líomhaintí go bhfuil coireanna cogaidh déanta arm na Rúise. Is é an ceartas bunús an athmhuintearais, agus ionchúiseofar iad siúd atá freagrach as coireanna. De réir mar a tharraing trúpaí na Rúise siar ón gceantar thart ar Chív, thosaigh tuairiscí ar ainghníomhartha ag teacht chun solais. Tá Oifig Ghinearálta Ionchúisimh na hÚcráine, 13 Bhallstát de chuid an Aontais, agus Oifig Ionchúisitheora na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta tar éis tús a chur le himscrúduithe ar **choireanna cogaidh agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna** a d'fhéadfadh a bheith déanta ag arm na Rúise san Úcráin.

Is é is aidhm don **Fhoireann Chomhpháirteach um Imscrúdú** a bunaíodh an 25 Márta 2022, le tacaíocht ó Eurojust, éascaíocht a dhéanamh ar chomhordú imscrúduithe trasteorann ar chroíchoireanna idirnáisiúnta, agus ar ionchúisimh sna stáit rannpháirteacha, agus os comhair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Tá an fhoireann comhdhéanta d'imscrúdaitheoirí agus d'ionchúisitheoirí ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn, ón tSlóvaic agus ón Úcráin. An 25 Aibreán, chinn an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta dul isteach san fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú.

Tá iarmhairtí domhanda ag baint leis an gcogadh san Úcráin freisin, go háirithe ar na daoine is leochailí. **Tá an tslándáil bia ar fud an domhain faoi bhagairt thromchúiseach mar gheall ar chogadh Putin**. Tá srian mór curtha ar easpórtálacha, go háirithe gráinní agus síolta ola, mar gheall ar chalafoirt na Mara Duibhe a bheith blocáilte ag cabhlach na Rúise. Tá an tAontas ag cabhrú leis an Úcráin a hearraí talmhaíochta atá á stóráil sa tír faoi láthair, mar aon lena fómhar atá le baint, a easpórtáil de bhóthar, ar iarnród agus ar uiscebhealaí intíre agus na hionchuir thalmhaíochta a theastaíonn uaithi a iompórtáil, idir shíolta agus leasacháin agus bheatha ainmhithe, trí na lánaí dlúthpháirtíochta a d'fhógair sé an 12 Bealtaine 2022. Faoi mhí Lúnasa




2022, **chuidigh lánaí dlúthpháirtíochta an Aontais chun breis agus deich milliún tona de ghrán Úcránach** a easpórtáil, beagnach leath den ghrán a bhí sáinnithe i gcalafoirt na hÚcráine mar gheall ar imshuí na Rúise. Níl aon cheann de smachtbhannaí an Aontais dírithe ar earnáil talmhaíochta na Rúise, is é sin chun slándáil bia roinnt de na náisiúin is leochailí ar fud an domhain a chinntiú go sonrach.

I dteannta a chéile, is iad an tAontas agus a Bhallstáit **an príomhsholáthraí cúnaimh dhaonnúil agus forbartha ar domhan**, maidir leis an tslándáil bia san áireamh. Chuir Team Europe tús le freagairt chuimsitheach ar neamhshlandáil an tsoláthair bia ar fud an domhain, lena n-áirítear cúnamh éigeandála gearrthéarmach ó thaobh bia agus slí bheatha de, chomh maith le tacaíocht mheántéarmach do chórais bhia athléimneacha inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta.

Mar chuid den fhreagairt sin, tá €600 milliún de chistiú breise curtha ar fáil ag an Aontas do na tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin is mó atá buailte. Chuir an tAontas tús freisin le saoráid um Bia agus Athléimneacht dar luach €225 mhilliún don Afraic Thuaidh agus don Mheánoirthear. Fágann sin gur fiú €7.7 billiún luach na tacaíochta iomláine atá a thabhairt ag an Aontas don tslándáil bia go dtí 2024 i dtíortha ar fud an domhain. Ní fhágann tacaíocht an Aontais aon duine ar lár, agus é ag obair i gcomhar le gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána chun aistriú cóir ionchuimsitheach a chinntiú i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.



Tá Mykola Kharytonov, atá i gceannas ar Ionad Dnipro um an Talmhaíocht Orgánach agus Cosaint an Chomhshaoil, ag leanúint dá chuid taighde ar leasacháin ón gCatalóin sa **Spáinn**, toisc go bhfuil sé ag iarraidh cabhrú le hatógáil na hÚcráine.

Chun **feachtais bhréagaisnéise na Creimile a chomhrac**, an 2 Márta 2022 chinn an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí craolacháin roinnt eagraíochtaí meán atá faoi úinéireacht an stáit a chur ar fionraí san Aontas, is iad sin Sputnik agus Russia Today, go dtí go gcuirfear deireadh leis an ionsaí i gcoinne na hÚcráine. An 3 Meitheamh 2022, cuireadh gníomhaíochtaí craolacháin trí cinn eile d'eagraíochtaí meán de chuid Stát na Rúise ar fionraí – Rossiya RTR/RTR Planeta, Rossiya 24/Russia 24, agus TV Centre International. Tá siad ar na heagraíochtaí bréagaisnéise is tábhachtaí atá ar son na Creimile, ar eagraíochtaí iad a dhíríonn ar lucht féachana/éisteachta san Úcráin agus san Aontas agus a scaipeann bréagaisnéis agus bolscaireacht a thacaíonn leis an bhfogha a thug an Rúis faoin Úcráin.

Tá an Coimisiún ag obair freisin leis an tionscal agus leis na meáin shóisialta ar fud an domhain chun an bhréagaisnéis agus bolscaireacht na Creimile a chomhrac. I mí an Mheithimh 2022, shínigh 34 shínitheoir – ardáin agus cuideachtaí teicneolaíochta amhail Facebook, Google, Twitter, Microsoft, Mozilla agus TikTok, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta san áireamh – **Cód Cleachtais nua neartaithe maidir le Bréagaisnéis**, creat deonach féinrialála atá bunaithe ar threoir ón gCoimisiún i gcomhréir leis an ngníomh um sheirbhísí digiteacha. Aithnítear go forleathan gur creat ceannródaíoch é an cód ina leagtar amach gealltanais chuimsitheacha bheachta chun an bhréagaisnéis a chomhrac agus is céim thábhachtach eile é i dtreo timpeallacht ar líne a bheidh níos trédhearcaí, níos sábháilte agus níos iontaofa.

## TODHCHAÍ NA hÚCRÁINE SAN EORAIP

Tharla cor corraitheach in aistear na hÚcráine i dtreo an Aontais Eorpaigh ar siúl an 8 Aibreán 2022. Thug an tUachtarán von der Leyen ceistneoir don Uachtarán Zelenskyy, ceistneoir a raibh sé d'aidhm aige faisnéis a bhailiú faoi ullmhacht na hÚcráine chun bheith ina hiarrthóir ar bhallraíocht an Aontais Eorpaigh. Deich lá ina dhiaidh sin, chuir údaráis na hÚcráine an

ceistneoir comhlánaithe isteach go foirmiúil. Trína Comhaontú Comhlachais, tá an Úcráin ailínithe go dlúth leis an Aontas cheana féin, agus tá dlús á chur leis an bpróiseas maidir le cóineasú rialála agus polaitiúla a mhéid is féidir agus, ag an am céanna, táthar ag cinntiú go n-urramófar na coinníollacha uile atá bunaithe ar fhiúntas. An 17 Meitheamh 2022, thug an Coimisiún Eorpach a thuairim dhearfach maidir le **stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas** a thabhairt don Úcráin, agus don Mholdóiv freisin, rud a dheimhnigh an Chomhairle Eorpach d'aon toil an 23 Meitheamh 2022. D'aithin an Chomhairle Eorpach peirspictíocht Eorpach na Seoirsia chomh maith. Chuir sí in iúl go raibh sí réidh le stádas iarrthóra a thabhairt don tSeoirsia a luaithe a bheidh aghaidh tugtha ar na tosaíochtaí a shonraítear i dtuairim an Choimisiúin maidir le hiarratas na tíre ar bhallraíocht.

Tá tacaíocht dhíreach an Aontais do rialtas na hÚcráine ann le fada an lá agus oibríonn an tAontas, na Ballstáit agus institiúidí airgeadais na hEorpa i gcomhar le chéile ina leith sin. Ó thús an chogaidh, chuir an tAontas dlús mór lena thacaíocht, agus rinne sé **€9.5 billiún a shlógadh chun tacú le teacht aniar foriomlán eacnamaíoch, sóisialta agus airgeadais na hÚcráine** trí chúnamh macrairgeadais, tacaíocht bhuiséadach, cúnamh éigeandála, freagairt ar ghéarchéimeanna, cabhair dhaonnúil agus cúnamh míleata faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Tá €2.2 billiún san iomlán de chúnamh macrairgeadais íoctha amach ina iomláine cheana féin idir mí an Mhárta agus tús mhí Lúnasa, chomh maith le €120 milliún i dTacaíocht Bhuiséadach. Thairis sin, an 27 Aibreán, mhol an Coimisiún na dleachtanna iompórtála uile atá fós ann ar easpórtálacha na hÚcráine chuig an Aontas a chur ar fionraí ar feadh bliain amháin ar a laghad.

An 17 Meitheamh 2022, thug an Coimisiún a thuairim dhearfach maidir le **stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas a thabhairt don Úcráin.**

I ngníomh urghnách dlúthpháirtíochta agus seiftiúlachta le linn laethanta tosaigh an chogaidh, an 16 Márta 2022 rinneadh **eangacha leictreachais na Moldóive agus na hÚcráine** a shioncrónú go rathúil le heangach leictreachais ilchríochach na hEorpa. Chabhraigh sé sin leis an Úcráin a córas leictreachais a choinneáil cobhsaí, tithe a choinneáil te agus soilse a choinneáil ar lasadh le linn na tréimhse dorcha seo. Cloch mhíle is ea é freisin don chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin, agus tá fíornasc idir an Úcráin agus an tAontas anois dá bharr.

Ach bhí tionchar eacnamaíoch ar an Aontas féin freisin mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Sa chomhthéacs sin, i mí an Mhárta 2022, ghlac an Coimisiún Creat Éigeandála Sealadach maidir le Státchabhair chun a chur ar chumas na mBallstát úsáid a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi na rialacha státchabhrach chun **tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ionradh na Rúise**, agus cothrom na Féinne sa mhargadh aonair á chosaint ag an am céanna. Go dtí an lá inniu, tá 89 gcinneadh glactha ag an gCoimisiún maidir le tacaíocht don gheilleagar le linn na géarchéime geopholaitiúla atá ann faoi láthair, cinntí ar fiú méid iomlán measta formheasta beagnach €430 billiún iad. An 20 Iúil 2022, ghlac an Coimisiún leasú ar an gCreat Sealadach Géarchéime. Áirítear ar na leasuithe catagóirí nua cabhrach chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát a bheith neamhspleách ar bhreoslaí iontaise.



San **Eastóin**, bhunaigh Johanna-Maria Lehtme "Slava Ukraini", a sheachaid breis agus 60 otharcharr don Úcráin, agus bhí soláthairtí leighis agus cúnamh eile iontu a bhí ag teastáil chun beatha daoine a shábháil.

I gcomhar le rialtas na hÚcráine, tá an Coimisiún ag féachaint i dtreo na todhchaí cheana féin, i dtreo **Úcráin atá saor agus rathúil a atógáil, a bheidh fréamhaithe i luachanna na hEorpa**. De mheon na dlúthpháirtíochta sin, chuir an Coimisiún fís uaillmhianach chun cinn an 18 Bealtaine 2022 maidir le fóirithint ghearrthéarmach agus atógáil fhadtéarmach na hÚcráine, agus é ar an eolas go mbeidh gá le móriarracht dhomhanda airgeadais chun an tír a atógáil tar éis an chogaidh. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais láithreacha na hÚcráine, an 7 Meán Fómhair mhol an Coimisiún oibríocht bhreise **tacaíochta macrairgeadais** dar luach €5 bhilliún. Is é sin an dara cuid den phacáiste eisceachtúil dar luach suas le €9 mbilliún a mhol an Coimisiún an 18 Bealtaine.

Ag féachaint ar thodhchaí mheántéarmach na tíre, tá sé molta ag rialtas na hÚcráine agus ag an gCoimisiún **Ardán Atógála don Úcráin** a chur ar bun, lena ndéanfaí comhpháirtithe idirnáisiúnta agus institiúidí airgeadais a eagrú agus a chomhordú i gcur chun feidhme **an phlean atógála "RebuildUkraine"**. Leagtar amach sa phlean, bealach soiléir Eorpach don Úcráin, lena nasctar tacaíocht an Aontais don atógáil le cur chun feidhme athchóirithe fadréimseacha agus beart frithéillithe.




# 2. AN PHAINDÉIM A SHÁRÚ LE DLÚTHPHÁIRTÍOCHT AGUS EOLAÍOCHT

## CEANNRÓDAÍ I VACSAÍNÍ AGUS I gCÓIREÁLACHA SÁBHÁILTE ÉIFEACHTACHA

Chuir paindéim an choróinvíris isteach ar shaol na milliún daoine san Eoraip agus ar fud an domhain. Bhí an ghéarchéim chomh tromchúiseach sin nach bhféadfaimis an fhreagairt a bhí de dhíth ar ár saoránaigh a chur ar fáil ach amháin mar Aontas. Bhí **an deis ann don Eoraip gníomhú**, agus ba thráth cinniúnach é don Aontas Eorpach.

Ó thús na paindéime, tá an Coimisiún Eorpach gníomhach maidir le **trí ghné.** Ar an gcéad dul síos, d'oibríomar chun srian a chur le leathadh an choróinvíris agus chun an oiread daoine agus is féidir a chosaint le vacsaíní. Ar an dara dul síos, táimid tar éis freagairt a thabhairt ar an suaitheadh eacnamaíoch le plean téarnaimh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, le hinfheistíochtaí agus le hathchóirithe. Ar an tríú dul síos, leanamar ar aghaidh lenár n-aistriú glas agus lenár n-aistriú digiteach – toisc gur chuir an phaindéim dlús leis an ngá atá le hathrú a dhéanamh. Is féidir linn a rá go cinnte inniu gur léirigh an tAontas inniúlacht, cúram agus aontacht agus freagairt á tabhairt aige ar dhúshlán COVID-19.

Tá an vacsaíniú príomhúil (aon dáileog amháin nó dhá dháileog) in aghaidh COVID-19 faighte ag **83.4 % de dhaoine fásta san Aontas**.




**AMLÍNE AN CHEADAITHE: vacsaíní sábháilte éifeachtacha in aghaidh COVID-19**

- **BioNTech–Pfizer** — an 21 Nollaig 2020
- **Moderna** — an 6 Eanáir 2021
- **AstraZeneca** — an 29 Eanáir 2021
- **Johnson & Johnson** — an 11 Márta 2021
- **Novavax** — an 20 Nollaig 2021
- **Valneva** — an 24 Meitheamh 2022



An chéad lastas vacsaíní i gcoinne COVID-19 agus é seachadta go Abidjan, an Cósta Eabhair.

A bhuí le **straitéis vacsaíní an Aontais**, seachadadh níos mó ná 1.7 billiún dáileog de vacsaíní in aghaidh COVID-19 chuig gach cearn den Eoraip. Tá an vacsaíniú príomhúil (aon dáileog amháin nó dhá dháileog) i gcoinne an ghalair faighte ag **83.4 % de dhaoine fásta an Aontais**, líon ollmhór, agus tá teanndáileog bhreise faighte ag 62 % díobh, agus sábháladh beatha na mílte daoine.

Go luath i bpaindéim an choróinvíris, rinne an Coimisiún **comhaontuithe réamhcheannaigh** le táirgeoirí aonair vacsaíní thar ceann na mBallstát. I ndíol ar an gceart líon sonraithe dáileog vacsaíne a cheannach laistigh de thréimhse shonraithe agus ar phraghas sonraithe, mhaoinigh an Coimisiún cuid de na réamhchostais atá le híoc ag táirgeoirí vacsaíní tríd an €2.7 billiún atá san **Ionstraim Tacaíochta Éigeandála**. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuidigh an Coimisiún chun vacsaíní sábháilte éifeachtacha a fhorbairt agus a mhonarú níos tapúla ná riamh. A bhuí leis an bhfadbhreathnaitheacht sin, tá an phaindéim is measa le céad bliain faoi smacht ag an Eoraip anois.

Ón mbliain 2020, údaraíodh sé vacsaín in aghaidh COVID-19, tar éis dóibh **dul faoi na trialacha cliniciúla agus na próisis formheasa rialála is déine ar domhan**. Le bliain anuas, lean an Coimisiún Eorpach de na punanna vacsaíní is mó, is sábháilte agus is éifeachtaí ar domhan a fhorbairt do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Aontas. **Tá conarthaí le haghaidh 4.2 billiún dáileog vacsaíne tugtha i gcrích** le hocht bhforbróir agus monaróir vacsaíní. I gcás athraithigh nua, má údaraítear vacsaín oiriúnaithe faoi fhómhar na bliana 2022, beidh rochtain ag an Aontas ar sheachadtaí i bhfoirm vacsaíní oiriúnaithe ó BioNTech-Pfizer agus Moderna. Má shroicheann rabharta nua paindéime an mhór-roinn seo againne, beidh an Eoraip réidh lena aghaidh.

Ní leor vacsaíní chun sláinte na saoránach a chosaint – tá cóireálacha de dhíth chuige sin. Tá cóireálacha sábháilte éifeachtacha ag teastáil ó othair COVID-19 chun an t-ionfhabhtú a chomhrac, chun feabhas a chur ar a n-ionchas téarnamh go tapa, chun ospidéaluithe a laghdú agus, níos tábhachtaí fós, chun bás daoine a chosc. Tá an **straitéis Eorpach maidir le teiripí COVID-19** ag tacú le forbairt agus soláthar na gcógas, lena n-áirítear cógais le haghaidh othair atá ag téarnamh ó COVID-19.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, bhunaigh an Coimisiún punann de 10 dteiripe fhéideartha COVID-19, tar éis scagadh a dhéanamh ar 82 iarrthóir theiripeacha i bhforbairt chliniciúil ag céim dhéanach, agus é á chur san áireamh go bhfuil gá le cineálacha éagsúla táirgí do phobail éagsúla othar agus ag céimeanna éagsúla agus ag leibhéil éagsúla déine den ghalar. Faoi mhí na Bealtaine 2022, **údaraíodh ocht gcóir leighis le haghaidh COVID-19**. Tugadh roinnt conarthaí soláthair chomhpháirtigh le haghaidh cógais COVID-19 i gcrích freisin le monaróirí chun rochtain na mBallstát ar chóireálacha COVID-19 a éascú.

## CEANNASAÍOCHT DHOMHANDA I nDLÚTHPHÁIRTÍOCHT VACSAÍNÍ

Ón gcéad lá de phaindéim an choróinvíris, bhí an Coimisiún tiomanta don chomhar idirnáisiúnta chun an phaindéim a chomhrac. Roghnaíomar an dlúthpháirtíocht, ní hamháin laistigh den Eoraip féin ach leis an gcuid eile den domhan freisin. Is é an tAontas an soláthraí vacsaíní is mó ar domhan i gcoinne COVID-19, agus tá sé ar cheann de phríomhdheontóirí COVAX (an tSaoráid um Rochtain Dhomhanda ar Vacsaíní in aghaidh COVID-19) do thíortha i mbéal forbartha. Idir mí na Samhna 2020 agus mí Iúil 2022, **d'easpórtáil an tAontas breis agus 2.4 billiún dáileog de vacsaíní i gcoinne COVID-19 chuig 168 dtír san iomlán**, agus bronnadh 478 milliún dáileog díobh sin ar thíortha a bhí i ngátar, go háirithe ar fud na hAfraice, trí COVAX den chuid is mó.

Ag an g**Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach** i mí Feabhra 2022, seoladh Pacáiste Infheistíochta na Tairsí Domhanda don Afraic. Sa chuid den phacáiste a bhaineann leis an tsláinte, áirítear €425 mhilliún ar a laghad chun dlús a chur leis an vacsaíniú sa mhór-roinn. Le linn an **Dara Cruinniú Mullaigh Domhanda maidir le COVID** i mí na Bealtaine 2022, agus i bhfianaise an athraithe ar staid an tsoláthair agus an éilimh i dtaca le vacsaíní, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen go ndéanfaí iarrachtaí an Aontais a oiriúnú chun tacú leis an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as na dáileoga atá ar fáil. Áirítear leis sin gealltanas €450 milliún don Chiste Domhanda um Ullmhacht i leith Paindéimí, faoi réir comhaontú maidir le rialachas an Chiste. Léiríonn sé sin neart **chlár oibre AE-SAM chun an phaindéim dhomhanda a shárú:** daonra an domhain a vacsaíniú, beatha daoine a shábháil anois agus slándáil sláinte níos fearr a atógáil ar fud an domhain.

Sa mheántéarma, úsáidfear os cionn €1 bhilliún ó bhuiséad an Aontais agus ó na Ballstáit chun **borradh a chur faoin acmhainneacht mhonaraíochta san Afraic agus faoin rochtain ar vacsaíní, ar chógais agus ar theicneolaíochtaí sláinte** chun tacú le sprioc an Aontais Afracaigh 60 % de na vacsaíní a úsáidtear ar an mór-roinn a mhonarú go háitiúil faoi 2040, agus na córais chógaisíochta áitiúla á neartú ag an am céanna.

I mí Mheán Fómhair 2021, le tacaíocht ón Aontas, bunaíodh **Mol Aistrithe Teicneolaíochta mRNA** na hEagraíochta Domhanda Sláinte san Afraic Theas. Ar an leibhéal réigiúnach, tá an tAontas ag tacú le seoladh Ghníomhaireacht Leigheasra na hAfraice trí fhios gnó agus maoiniú a chur ar fáil. Ar an leibhéal náisiúnta, dírítear ar an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú agus ar an éiceachóras ceart a chruthú le haghaidh infheistíocht i dtíortha atá chun cinn, amhail Gána, Ruanda, an tSeineagáil agus an Afraic Theas.

I mí an Mheithimh 2022, sheol an tAontas agus na Ballstáit, faoi stiúir na Spáinne, comhpháirtíocht le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib chun tacú le monarú áitiúil vacsaíní, cógas agus teicneolaíochtaí sláinte eile, agus chun athléimneacht na gcóras sláinte a neartú.

Ar deireadh, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta san obair **ar fhreagairt trádála domhanda ar phaindéim an choróinvíris**. Le linn an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála i mí an Mheithimh 2022, chomhaontaigh comhaltaí oibleagáidí áirithe maoine intleachtúla a tharscaoileadh maidir le vacsaíní i gcoinne COVID-19, rud atá bunaithe ar théacs ar éirigh leis an Aontas é a chaibidliú leis an India, leis an Afraic Theas agus leis na Stáit Aontaithe.




## AN EORAIP AGUS AN DOMHAN A ATHOSCAILT

Is í paindéim an choróinvíris an chéad phaindéim a bhí le comhrac sa ré dhigiteach. Nuálaíocht ríthábhachtach i bhfreagairt na hEorpa is ea **Deimhniú Digiteach COVID an Aontais**, agus rinneadh caighdeán domhanda de go tapa. Glacadh an córas an 14 Meitheamh 2021 agus leagtar amach creat coiteann ann chun deimhnithe a eisiúint i ndáil le vacsaíniú i gcoinne COVID-19, i ndáil le tástáil agus téarnamh, agus iad a fhíorú agus a ghlacadh chun an tsaorghluaiseacht a éascú. Ó tháinig an rialachán i bhfeidhm, tá níos mó ná 2 bhilliún deimhniú eisithe ar fud an Aontais.




In 2020, chinn Adam King as **Éirinn**, a bhí 6 bliana d'aois agus a bhfuil galar na gcnámh briosc air, gur theastaigh uaidh barróg fhíorúil a sheoladh ar fud an domhain mar shiombail dóchais le linn phaindéim an choróinvíris. Scaip a smaoineamh i bhfad agus i gcéin agus chabhraigh sé linn muid féin a leigheas le chéile.

Leis an gcóras sin, **d'fhorbair an tAontas caighdeán domhanda**: Tá 48 dtír agus gcríoch nach de chuid an Aontais iad ar fud cúig mhór-roinn tar éis dul isteach sa chóras, sa bhreis ar na 27 mBallstát. Dá réir sin, ní hamháin go raibh Deimhniú Digiteach COVID an Aontais ríthábhachtach chun seasamh leis an gceart bunúsach chun saorghluaiseacht laistigh den Aontas i gcomhthéacs na srianta a cuireadh i bhfeidhm ar mhaithe le moill a chur ar leathadh COVID-19, ach

chuidigh sé freisin chun taisteal sábháilte idirnáisiúnta a atosú. Ó mhí Lúnasa 2022, is féidir le níos mó ná 1.6 billiún duine ar fud an domhain úsáid a bhaint as Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais le haghaidh taisteal idirnáisiúnta.

Mar gheall ar an éiginnteacht atá ann faoi láthair maidir le héabhlóid na paindéime, comhaontaíodh cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a shíneadh go dtí an 30 Meitheamh 2023, mar a mhol an Coimisiún.

Tá úsáid Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais fite fuaite le **Re-open EU** – aip ghréasáin agus mhóibíleach a chabhraíonn le muintir na hEorpa faisnéis atá cothrom le dáta a aimsiú faoi bhearta taistil agus sláinte i dtíortha na hEorpa in 24 theanga. Tá Re-open EU **ar an aip mhóibíleach is mó úsáid atá cruthaithe riamh ag institiúidí an Aontais**, aip a uaslódáladh beagnach 4 mhilliún uair agus ar ar thug 43 mhilliún duine cuairt.

Chun a chinntiú go bhféadfadh aipeanna náisiúnta rianaithe teagmhála labhairt lena chéile thar theorainneacha, sheol an Coimisiún seirbhís tairsí idir-inoibritheachta Eorpach. Faoi fhómhar na bliana 2021, bhí **19 mBallstát ag malartú faisnéis teagmhála riosca tríd an tairseach Eorpach**, agus íoslódáladh a n-aipeanna náisiúnta níos mó ná 70 milliún uair. Freagraíonn na híoslódálacha sin do 23 % den daonra sna Ballstáit nasctha. Ceapadh na haipeanna náisiúnta sin agus an tairseach Eorpach mar uirlisí sealadacha a gcuirfear deireadh leo nuair a bheidh deireadh leis an bpaindéim féin. Go dtí seo, tá naoi mBallstát tar éis deireadh a chur lena gcuid aipeanna móibíleacha.

Chomh maith leis an Eoraip a athoscailt don taisteal inmheánach agus seachtrach, agus ag tógáil ar an luath-thaithí ar chur chuige na **lánaí glasa** a bhí ceaptha chun earraí a iompar agus a sheachadadh chuig tomhaltóirí thar theorainneacha le linn na paindéime, i mí na Bealtaine 2022 chuir an Coimisiún i láthair **plean teagmhasach an Aontais Eorpaigh maidir le hiompar**. Tá sé d'aidhm aige athléimneacht earnáil iompair na hEorpa a neartú le linn géarchéimeanna.

Ar deireadh, neartaíomar ár mbeartas trádála freisin lenár dteachtaireacht – **beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach** – a glacadh i mí Feabhra 2021. Tá colún oscailteachta ár mbeartais trádála ríthábhachtach i gcónaí d'uaillmhianta eacnamaíocha agus geopholaitiúla an Aontais. Tacaíonn trádáil oscailte atá bunaithe ar rialacha le poist agus le fás san Aontas, agus ag an am céanna cabhraíonn sé chun slabhraí soláthair athléimneacha éagsúlaithe a thógáil, agus chun rochtain ar na hearraí agus ar na hamhábhair atá de dhíth orainn a chinntiú chun spleáchais dhíobhálacha a sheachaint. Agus i gcomhréir lenár gcur chuige teanntásach nua maidir le leasanna ár ngnólachtaí agus ár dtomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn, tá uirlisí uathrialacha curtha i bhfeidhm againn amhail an **Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta agus an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha**, ar ionstraim nua é chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí saobhacha a d'fhéadfadh a bheith ag fóirdheontais eachtracha sa mhargadh aonair.

## AONTAS SLÁINTE EORPACH LÁIDIR A THÓGÁIL

Is í seo an phaindéim is tromchúisí san Eoraip ó bunaíodh an tAontas Eorpach. Ach d'fhéadfadh ráigeanna den chineál céanna a bheith romhainn amach anseo. Mar gheall ar chailliúint na bithéagsúlachta agus mar gheall ar an athrú aeráide, d'fhéadfadh víris zónóiseacha eile scaipeadh ó ainmhithe go daoine. I gcás paindéim eile, ní mór dúinn a bheith cinnte go mbeidh tíortha uile na hEorpa chomh hullmhaithe agus chomh freagrúil céanna. Is ceacht soiléir é sin atá foghlamtha againn ón bpaindéim, agus tá sé ar cheann de na príomhchúiseanna ar leag Coimisiún von der Leyen síos **bunchlocha aontas sláinte na hEorpa**.

Is é aontas sláinte na hEorpa an chéad chéim eile ar an mbealach i dtreo Aontas Eorpach níos fearr. Tá sé ceaptha cosaint níos fearr a thabhairt do shláinte coirp agus do mheabhairshláinte shaoránaigh an Aontais, é a chur ar chumas an Aontais agus a Bhallstáit cosc a chur ar phaindéimí a bheidh ann amach anseo agus aghaidh a thabhairt orthu, agus athléimneacht chórais sláinte na hEorpa a neartú.



Is iad an ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus an fhreagairt orthu an fócas is práinní d'aontas sláinte na hEorpa. Tá bailchríoch á cur ag na comhreachtóirí Eorpacha ar an **rialachán maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte,** lena gcuirfear creat dlíthiúil ar fáil inar féidir leis an Aontas freagairt thapa a thabhairt ar bhagairtí sláinte trasteorann.




Tá **an tÚdarás nua um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA)**, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2021 le linn aitheasc na bliana sin ar Staid an Aontais, ag rannchuidiú le forbairt, táirgeadh agus stoc-charnadh cógas, vacsaíní agus frithbheart leighis eile – amhail trealamh cosanta pearsanta – a bhí in easnamh go minic le linn na chéad chéime den fhreagairt ar an gcoróinvíreas. Rannchuideoidh HERA le **cosc, brath agus mearfhreagairt níos fearr ar éigeandálaí** ar leibhéal an Aontais agus ar fud an domhain. Le linn na chéad bhliana de ghníomhachtú HERA, bhunaigh sé sainghrúpa maidir le hathraithigh COVID-19 chun monatóireacht a dhéanamh ar shócháin, cheannaigh sé vacsaíní i gcoinne na bolgaí moncaí, chuir sé **FAB an Aontais** ar bun – líonra d'acmhainneachtaí táirgthe "atá i gcónaí réidh le dul" le haghaidh monarú vacsaíní agus cógas is féidir a ghníomhachtú i gcás géarchéimeanna amach anseo – agus thosaigh sé ag stoc-charnadh trealamh agus drugaí i gcoinne bagairtí ceimiceacha agus núicléacha.

Leis an **Spás Eorpach Sonraí Sláinte** nua, tá céim stairiúil á glacadh ag an gCoimisiún i dtreo cúram sláinte digiteach san Aontas.

Is féidir mearfhreagairt a thabhairt ar athraithigh toisc, go luath sa phaindéim, gur iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an seicheamhú géanóim a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar láithreacht athraitheach i gcás 5 % ar a laghad, agus 10 % más féidir, de thorthaí deimhneacha tástála, agus chuir sé €110 milliún de thacaíocht ar fáil tríd an **Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú**. Le €123 mhilliún breise ó chlár taighde agus nuálaíochta an Aontais – Fís Eorpach – tá acmhainneacht shuntasach ag an Aontas monatóireacht a dhéanamh ar theacht chun cinn athraitheach nua.

Bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar othair, ar bhaill foirne leighis agus cúraim sláinte agus ar chórais sláinte san Eoraip, agus tá tionchar mór aici orthu i gcónaí. Tá níos mó i gceist leis an g**clár EU4Health** ná freagairt ar ghéarchéimeanna chun aghaidh a thabhairt ar athléimneacht na gcóras cúraim sláinte. Agus é ag foghlaim ón rath a bhí ar an bhfreagairt ar an bpaindéim, tá EU4Health ag infheistiú €5.3 billiún i mbearta a bhfuil breisluach AE ag baint leo agus tá sé ag cuidiú le córais sláinte na mBallstát acmhainneacht bhreise a fhorbairt agus téarnamh ón bpaindéim.

Sa **straitéis chógaisíochta don Eoraip**, a glacadh i mí na Samhna 2020, cuireadh i láthair tionscnaimh phraiticiúla chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag othair ar chógais atá sábháilte, ar ardchaighdeán, agus atá inacmhainne, agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nár freastalaíodh orthu agus an nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch á héascú ag an am céanna. Tá sé d'aidhm ag an straitéis freisin **slándáil an tsoláthair** a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais, agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a chur chun cinn ionas gur féidir linn cógais leighis a sholáthar, agus sin a dhéanamh le linn géarchéimeanna freisin. I mí an Mhárta 2022, neartaíodh sainordú na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí chun foráil a dhéanamh maidir le monatóireacht agus maolú níos fearr a dhéanamh ar ghanntanais cógas leighis criticiúil.

Tionscnamh suaitheanta de chuid an aontais sláinte is ea **plean sáraithe ailse na hEorpa**. Le maoiniú dar luach €4 bhilliún, €1.25 billiún ón gclár EU4Health san áireamh, tá cosc na hailse, an taighde agus an cúram othar á neartú leis an bplean cheana féin. Tá tús curtha ag an gCoimisiún le hionaid agus líonraí Eorpacha ailse a bhunú i ngach Ballstát den Aontas, le haghaidh comhar trasteorann. Ar an Lá Domhanda in aghaidh na hAilse i mí Feabhra 2022, sheol an Coimisiún Clárlann nua Ailse, lena rianaítear dul chun cinn na mBallstát maidir leis an ailse a chomhrac agus lena leagtar síos tosaíochtaí don chomhar.

Leis an **Spás Eorpach Sonraí Sláinte** nua, tá **céim stairiúil á glacadh ag an gCoimisiún i dtreo cúram sláinte digiteach san Aontas**. Leis an togra sin, tá an Coimisiún ag cumasú na saoránach trí smacht iomlán a thabhairt dóibh ar a gcuid sonraí sláinte agus trí chúram sláinte níos fearr a chur ar fáil ar fud an Aontais. Cothóidh sé freisin fíormhargadh aonair Eorpach le haghaidh seirbhísí agus táirgí sláinte digiteacha. Déanfaidh sé sin trí chreat comhsheasmhach, iontaofa agus éifeachtúil a chur ar fáil chun sonraí sláinte a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta, ceaptha beartas agus rialála, agus cinnteoidh sé comhlíonadh iomlán **ardchaighdeáin cosanta sonraí** an Aontais ag an am céanna. Beidh sé sin thar a bheith luachmhar d'eolaithe, do thaighdeoirí, do nuálaithe agus do lucht déanta beartas atá ag obair ar chóireálacha nuálacha a shábhálann beatha daoine.

A bhuí le vacsaíní sábháilte éifeachtacha, rátaí arda vacsaínithe, roghanna cóireála éifeachtacha, nuálaíochtaí digiteacha amhail Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, Lárionad Eorpach níos láidre um Ghalair a Chosc agus a Rialú, le tacaíocht ó HERA nua, stoc-chairn éigeandála de sholáthairtí leighis agus acmhainneacht tástála chuimsitheach, tá **athléimneacht den chéad scoth tógtha ag an Aontas in aghaidh phaindéim an choróinvíris agus géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo**.



# 3. AN tAISTRIÚ GLAS, AN tAISTRIÚ DIGITEACH AGUS AN tAISTRIÚ CÓIR A STIÚRADH

## NEXTGENERATIONEU: DEIS STAIRIÚIL

Ag tús Choimisiún von der Leyen, leagamar amach cúrsa nua uaillmhianach don Aontas Eorpach: Eoraip atá níos glaise, níos digití agus níos córa ó thaobh na sochaí de a thógáil. **Le COVID-19 agus le hionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá sé deimhnithe go raibh an cur chuige ceart againn**. Chuir na dianghlasálacha dlús le haistriú digiteach ár ngeilleagar, agus chonaiceamar na blianta de nuálaíocht dhigiteach agus de chlaochlú digiteach laistigh de chúpla seachtain. Léirigh an phaindéim freisin gur gá an caidreamh atá againn lenár bpláinéad a leigheas, agus fuair go leor Eorpach tuiscint arís ar an tábhacht a bhaineann leis an dúlra ina saol. Thairis sin, is cúis eile é dúmháil fuinnimh na Creimile chun briseadh saor ónár spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise. Agus an tAontas aontaithe sa dlúthpháirtíocht, ní hamháin go bhfuil sé ag sárú an víris, ag atosú a gheilleagar agus ag tacú leis an Úcráin, ach tá sé ag infheistiú freisin i dtodhchaí láidir agus inbhuanaithe don chéad ghlúin eile de mhuintir na hEorpa.

Is é sin an gealltanas a thug **NextGenerationEU, plean téarnaimh stairiúil na hEorpa**. Is fiú os cionn €800 billiún é, agus in éineacht le buiséad fadtéarmach an Aontais i dtreo 2027, tá breis is €2 thrilliún san iomlán i bpacáiste spreagtha na hEorpa. Faoi earrach

Go dtí seo, eisíocadh breis agus €100 billiún leis na Ballstáit faoin t**Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.**

2022, bhí beagnach gach ceann de phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát formheasta ag an gCoimisiún. Tá beagnach 40 % den infheistíocht tiomanta do bhearta aeráide, agus níos mó ná 26 % don aistriú digiteach. Áirítear freisin sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta **cuid mhór athchóirithe struchtúracha** a mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach agus a chuirfidh dlús leo. Go dtí seo, eisíocadh breis agus €100 billiún leis na Ballstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Measann an Coimisiún go bhféadfadh an spreagadh ó infheistíocht NextGenerationEU **borradh 1.5 % a chur faoi fhás eacnamaíoch an Aontais** faoi 2027 agus go gcuideodh sé chun 2 mhilliún post nua a chruthú.

Tá infheistíocht á déanamh ag NextGenerationEU san fhuinneamh in-athnuaite chun **dlús a chur leis an aistriú glas** agus, i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, chun go mbeidh an tAontas neamhspleách

**€800 billiún**
**Plean téarnaimh NextGenerationEU**

**40 %**
**d'infheistíocht tiomanta do bhearta aeráide**

**26 %**
**d'infheistíocht tiomanta don aistriú digiteach**

ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh 2030, a bhuí le plean REPowerEU. Táimid ag infheistiú i gcathracha níos glaise ina mbeidh an dúlra athbhunaithe agus i gceantair thuaithe nasctha ina mbeidh idirlíon ardluais ar fáil. Táimid ag infheistiú i mbonn tionsclaíoch ardteicneolaíochta na hEorpa, idir chruach ghlas, cheallraí in-athnuaite agus mhicrishliseanna. Agus táimid ag infheistiú i ndeiseanna oideachais agus deiseanna gairmiúla comhionanna ar ardchaighdeán do dhaoine óga ar fud an Aontais Eorpaigh.

Chun NextGenerationEU a mhaoiniú, tá an Coimisiún ar an mbóthar ceart le bheith **ar an eisitheoir is mó bannaí glasa ar domhan**, ar bannaí iad lena ndéantar beartais ghlasa a mhaoiniú. Is le bannaí glasa NextGenerationEU a thiomsófar suas le €250 billiún den mhaoiniú, is é sin 30 % de NextGenerationEU. Tá eisíocaíocht na gcistí a dhéanann an Coimisiún faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar an mbóthar ceart freisin, agus braitheann sí ar na gealltanais a comhaontaíodh, lena n-áirítear na hathchóirithe struchtúracha a bheith curtha chun feidhme ag na Ballstáit, amhail an nuálaíocht a spreagadh nó an smacht reachta a chosaint. Tá **eagraíochtaí na sochaí sibhialta, páirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha** ag cabhrú le hinfheistíocht a stiúradh chuig na háiteanna is mó a bhfuil gá léi.

Tá an t-airgeadas inbhuanaithe i gcroílár an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh. Ó ghlac an Coimisiún a **phacáiste airgeadais inbhuanaithe** uaillmhianach cuimsitheach i mí Aibreáin 2021, is é an tAontas an ceannaire domhanda maidir le caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a leagan síos sna margaí airgeadais. Tá córas aicmithe ceannródaíoch á chruthú ag **Tacsanomaíocht an Aontais** le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe. Chun an glas-snasú a chomhrac, tá nuashonrú á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar dhlí an Aontais maidir le **tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach**, rud a éilíonn ar chuideachtaí móra faisnéis a nochtadh faoina n-oibríochtaí. In éineacht leis na hathchóirithe ar na margaí caipitil, tá **margadh aonair caipitil** á thógáil ag an gCoimisiún, ní hamháin chun infheistíochtaí príobháideacha a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, ach chun dul chun tairbhe tomhaltóirí, infheisteoirí agus cuideachtaí a bhfuil foinsí maoinithe doimhne, éifeachtúla agus iontaofa acu, gan beann ar an áit san Aontas a bhfuil siad lonnaithe.




## AN CHÉAD MHÓR-ROINN AERÁIDNEODRACH, FAOI 2050

Leagtar amach sa **Chomhaontú Glas don Eoraip** treochlár don Eoraip chun mór-roinn aeráidneodrach a dhéanamh di faoin mbliain 2050 agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme. Idir an phaindéim agus cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'fhan an Coimisiún Eorpach ar an mbóthar ceart agus chuir sé lena chuid iarrachtaí maidir leis an aistriú glas fiú, rud atá á dhéanamh againn arís le **REPowerEU**. Ní hamháin go mbraitheann sláinte na ndaoine atá ina gcónaí san Aontas ar shláinte ár bpláinéid, ach braitheann slándáil fuinnimh an Aontais freisin ar an aistriú ollmhór i dtreo an fhuinnimh in-athnuaite. An t-aistriú glas, deis is ea é nach bhfaightear ach uair sa ghlúin chun folláine agus athléimneacht ár saoránach, ár bhfiadhúlra agus an phláinéid a fheabhsú.

Ó chuir Coimisiún von der Leyen i láthair an Comhaontú Glas don Eoraip, díreach deich lá tar éis thús a thréimhse oifige, tá dlús curtha ag an Aontas leis an ngníomhaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glasa agus an comhshaol nádúrtha a chosaint. A bhuí leis an **Dlí Aeráide**, táimid tar éis ár n-uaillmhian le haghaidh 2050 a chur i ndlí ceangailteach an Aontais. Leagtar amach sprioc sa Dlí Aeráide freisin chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 san idirlinn, i gcomparáid le leibhéil 1990.

**Glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú**
**55 % AR A LAGHAD faoi 2030**



Sa phacáiste **Oiriúnach do 55**, a chuir an Coimisiún i láthair i samhradh na bliana 2021, áirítear na céimeanna praiticiúla is gá chun ár n-uaillmhian a bhaint amach. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip an plean claochlúcháin is cuimsithí ar domhan. Tá an fhís agus na spriocanna ag an Eoraip, le NextGenerationEU tá an infheistíocht againn agus **anois is mithid dlús a chur leis an gcur chun feidhme**, trí na hionstraimí seo a leanas:

I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún **plean gníomhaíochta chun an earnáil orgánach a fhorbairt** chun tacú le feirmeoirí an Aontais an sprioc maidir le 25 % den talamh talmhaíochta a bheith faoi fheirmeoireacht orgánach agus méadú suntasach ar dhobharshaothrú orgánach a bhaint amach faoi 2030. Leis an bplean gníomhaíochta, cuirtear gníomhaíochtaí praiticiúla chun cinn chun borradh a chur faoi thomhaltas agus faoi tháirgeadh táirgí orgánacha, mar aon le hinbhuanaitheacht na hearnála a mhéadú a thuilleadh.




I mí Eanáir 2022, ghlac an Coimisiún na **Treoirlínte nua maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh** ("CEEAG"), lena gcruthaítear creat cumasúcháin solúbtha atá oiriúnach dá fheidhm chun cabhrú leis na Ballstáit an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach ar bhealach spriocdhírithe agus costéifeachtach.

I mí an Mhárta 2022 freisin, chuir an Coimisiún i láthair pacáiste tograí chun go mbeadh **táirgí inbhuanaithe** ar fáil go coitianta ar mhargadh an Aontais. Leis na rialacha nua, bíonn na táirgí níos marthanaí, níos in-athúsáidte, níos in-uasghrádaithe, níos indeisithe, in-athchúrsáilte, agus níos tíosaí ar fhuinneamh agus ar acmhainní. Cuireann na tograí leis na ceanglais éicidhearthóireachta atá ann cheana, rud as ar eascair tomhaltas fuinnimh bliantúil 10 % níos ísle le haghaidh earraí tomhaltais amhail fearais tí sa bhliain 2021 amháin, agus sábháladh €120 billiún do thomhaltóirí an Aontais. Mar chuid den

phacáiste nua, chuir an Coimisiún pleananna i láthair freisin chun teicstílí a dhéanamh níos marthanaí, níos indeisithe agus níos in-athchúrsáilte, mar aon le rialacha nua chun tomhaltóirí a chumasú san aistriú glas, lena gcinnteofar go mbeidh siad níos eolaí ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí agus go dtabharfar cosaint níos fearr dóibh ar an nglas-snasú.

I mí an Mheithimh 2022, chuir an Coimisiún dhá dhlí nua i láthair chun **an dúlra a athbhunú ar fud an Aontais**. Is céim thábhachtach é an dlí maidir le hathbhunú an dúlra atá beartaithe chun na tionchair is measa a bhaineann leis an athrú aeráide agus le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc trí dhíriú ar **athbhunú bogach, aibhneacha, foraoisí, féarthailte, éiceachóras muirí agus timpeallachtaí uirbeacha**, agus ar athbhunú na speiceas a chónaíonn iontu. Leis na rialacha nua atá beartaithe maidir le lotnaidicídí ceimiceacha, **laghdófar úsáid lotnaidicídí 50 % faoi 2030**, laghdófar lorg comhshaoil an chórais bia san Aontas, cosnófar sláinte agus folláine na saoránach agus na n-oibrithe talmhaíochta agus cuideofar chun maolú a dhéanamh ar na caillteanais eacnamaíocha a tharlaíonn mar gheall ar shláinte na hithreach a bheith ag dul i laghad agus mar gheall ar chaillteanas pailneoirí a thagann as úsáid lotnaidicídí. Tá an méid sin mar chuid de chuspóir an Aontais chun cosaint dhlíthiúil a thabhairt do 30 % ar a laghad dá limistéir thalún agus do 30 % dá limistéir farraige faoi 2030, mar a leagtar amach i straitéis bhithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030. Tá togra déanta ag an gCoimisiún freisin chun earraí agus tráchtearraí a spreagann dífhoraoisiú in áiteanna eile ar fud an domhain a stopadh ó theacht isteach i margadh aonair an Aontais.

Chun go n-éireoidh le haistriú glas na hEorpa, tá gá le **tacaíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach saoránach agus gnólachtaí** ar fud an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, áirítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip **comhaontú aeráide Eorpach** ina dtugtar le chéile saoránaigh ar fud an Aontais chun gníomhú le chéile mar ambasadóirí deonacha ar mhaithe leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht.

An gá atá le réitigh chomhchruthaitheacha ón mbun aníos ar an athrú aeráide, sin é an fáth ar sheol an tUachtarán von der Leyen, ina haitheasc ar Staid an Aontais 2020, an **Bauhaus Nua Eorpach**, ar gluaiseacht é chun eispéireas inbhuanaithe, álainn agus cuimsitheach a dhéanamh den aistriú glas do shaoránaigh ina saol laethúil. I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhógair an Coimisiún 20 buaiteoir Ghradaim an Bauhaus Eorpach Nua agus Ábhair Réaltaí an Bauhaus Eorpach Nua. Chun spás poiblí a chur ar fáil don phobal atá ag fás, sheol an Coimisiún **Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua** in earrach na bliana 2022 agus Féile Bauhaus Eorpach Nua i samhradh na bliana sin. Tacaíonn an tsaotharlann leis an bpobal agus iad ag tástáil na n-uirlisí, na réiteach agus na mbeart beartais lena ndéanfar an claochlú ar an láthair a éascú. Tá na smaointe sin á gcur i bhfeidhm freisin ag ionad taighde nua an Choimisiúin in Sevilla: ní hamháin go mbeidh an foirgneamh neodrach go hiomlán ó thaobh carbóin de, ach beidh sé dearfach ó thaobh fuinnimh de freisin. Léiríonn an Bauhaus Eorpach Nua go bhfuil níos mó i gceist leis an gComhaontú Glas don Eoraip ná teacht ar réitigh éifeachtacha ar an athrú aeráide; baineann sé le **feabhas a chur ar shaol na ndaoine sa dóigh a ndéanaimid ár dtithe, ár mbailte agus ár gcathracha a dhearadh agus a thógáil**.

**Úsáid lotnaidicídí A LAGHDÚ**
**50 %** faoi **2030**



Is gluaiseacht é an **Bauhaus Eorpach Nua** chun eispéireas inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a dhéanamh den aistriú glas do shaoránaigh ina saol laethúil.



Ar an ardán domhanda, ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (**COP26**) i nGlaschú i mí na Samhna 2021, d'iarr an tAontas Eorpach dul chun cinn suntasach maidir le cur chun feidhme **Chomhaontú Pháras**, agus é á chinntiú aige go mbeidh an uaillmhian dhomhanda maidir leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5°C inbhainte amach i gcónaí. Mar réigiún atá thar a bheith nuálach agus tionsclaithe, **tá ceannaireacht an Aontais ag spreagadh daoine eile thart air chun an rud céanna a dhéanamh**. I nGlaschú, gheall an Coimisiún €1 bhilliún chun foraoisí an domhain a chosaint, rud atá ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun an bhithéagsúlacht a chosaint. Tá ár gComhpháirtíocht cheannródaíoch um Aistriú Fuinnimh Cóir leis an Afraic Theas ag cuidiú leis an tír deireadh a chur le húsáid an ghuail, agus beidh sí ina samhail don chomhar aeráide agus teicneolaíochta le comhpháirtithe eile, Vítneam san áireamh. Tá an tAontas agus na Ballstáit fós ar an ranníocóir is mó a chuireann **maoiniú poiblí don aeráid** ar fáil do gheilleagair atá i mbéal forbartha. Agus athdhearbhaíonn ár gComhghuaillíocht Ghlas leis an tSeapáin an dlúthchomhar atá againn le daonlathais le go mbeimid aeráidneodrach faoi 2050.



Bhunaigh Maria Teresa Ferres, ar de chúig ghlúin d'iascairí **Catalónacha** í, "Muir na mBan", comharchumann a chuireann rannpháirtíocht eiticiúil leis an bhfarraige agus infheictheacht ról na mban in earnáil an iascaigh chun cinn.

I mí an Mheithimh 2022, rinne an Coimisiún **critéir inbhuanaitheachta a fhréamhú go daingean ina chomhaontuithe trádála déthaobhacha**. Tá tábhacht leis sin toisc gurb é an tAontas Eorpach an chumhacht trádála is mó ar domhan. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe forbartha inbhuanaithe ár gcomhaontuithe trádála, oibreoidh an tAontas ar bhealach níos dlúithe lena chomhpháirtithe trádála chun príomhchritéir inbhuanaitheachta a fhorfheidhmiú agus a chur chun feidhme, go háirithe Comhaontú Pháras agus coinbhinsiúin saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair. Is cruthúnas luath ar ár n-uaillmhian nua é an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, a tugadh i gcrích an 1 Iúil 2022. Áirítear sa chomhaontú forálacha úrscothacha maidir le trádáil agus inbhuanaitheacht, lena n-áirítear smachtbhannaí a bhaineann le hurraim do Chomhaontú Pháras.

I mí an Mheithimh freisin, ag an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, chuidigh an tAontas chun **comhaontú suntasach a bhaint amach chun dul i ngleic le fóirdheontais iascaireachta dhíobhálacha** ar fud an domhain. Cuirfidh an comhaontú cosc ar fhóirdheontais d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus ar stoic a ndéantar ró-iascaireacht orthu, dhá sciúirse a fholmhaíonn ár n-aigéin. Chun é sin a fhorfheidhmiú, agus chun cur chuige comhchoiteann domhanda a threorú chun an mhórmhuir a chosaint agus a athbhunú, nocht an Coimisiún a chlár oibre nua maidir le Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan. Tá ár n-aigéin á gcaomhnú againn do na glúnta atá le teacht.

## DEACÁID DHIGITEACH NA hEORPA A CHUR CHUN CINN

Is ceannródaí domhanda é an tAontas Eorpach ar an mbealach chun domhan digiteach sábháilte iontaofa a bhaint amach. A bhuí le paindéim an choróinvíris, is léir na tairbhí a bhaineann leis an digitiú inár saol laethúil, agus is léir freisin an fáth arb é an bealach ceart chun tosaigh **aistriú digiteach na hEorpa atá dírithe ar an duine**. An tsaoirse chun teagmháil a dhéanamh le cairde agus le teaghlaigh thar theorainneacha, is gá gur ceart seachas pribhléid é sin. Tá an tsaoirse chun obair nó staidéar a dhéanamh go cianda ag teacht chun cinn go tapa i gcás go leor Eorpach, rud a chuireann deiseanna nua ar fáil do theaghlaigh óga, do ghnólachtaí agus do phobail tuaithe. Ba cheart cosaint mhéadaithe ar ár gcearta bunúsacha agus ar ár sonraí a bheith ag gabháil leis an bhfás ar ár saol pearsanta agus gairmiúil ar líne.

I mí Eanáir 2022, mhol an Coimisiún **dréachtdearbhú maidir le cearta agus prionsabail dhigiteacha na**



Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen agus í ar cuairt ar an gcuideachta Advanced Semiconductor Materials Lithography (ASML) in Eindhoven na hÍsiltíre.

**hEorpa**. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le chéile leis an gCoimisiún chun caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an téacs deiridh, a bheidh le glacadh ag gach ceann de na trí institiúid. Leanann an togra seo roinnt píosaí de reachtaíocht thábhachtach de chuid an Aontais a bhfuil spás digiteach níos sábháilte agus níos saoire á thógáil acu, san Eoraip agus níos faide i gcéin.

I mí Aibreáin 2021 d'eisigh an Coimisiún a **dhréachtghníomh um an intleacht shaorga (IS)**, dréacht a rabhthas ag súil go mór leis. Is é sin an iarracht is réamhbhreathnaithí ar domhan chun teicneolaíochtaí intleachta saorga a rialáil, agus leagtar amach ann cur chuige rialála trasearnála rioscabhunaithe maidir le húsáid córas intleachta saorga san Aontas agus ina mhargadh aonair. Is mian leis an gCoimisiún rialacha na hintleachta saorga a dhéanamh comhsheasmhach ar fud an Aontais agus, ar an gcaoi sin, deimhneacht dhlíthiúil a chinntiú, infheistíocht agus nuálaíocht san intleacht shaorga a spreagadh agus muinín an phobail a chothú go n-úsáidtear córais intleachta saorga ar bhealaí a n-urramaítear luachanna agus cearta bunúsacha na hEorpa.

Le **Gníomh an Choimisiúin um Rialachas Sonraí**, a comhaontaíodh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle i bhfómhar na bliana 2021, méadaítear an mhuinín as comhroinnt sonraí. Comhlánaíodh é i mí Feabhra 2022 le togra le haghaidh **gníomh sonraí**, ina leagtar amach rialacha nua maidir le cé atá in ann sonraí a ghintear san Aontas a úsáid agus a rochtain ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile. Tá an Coimisiún ag cur spásanna coiteanna sonraí Eorpacha ar bun freisin i réimsí straitéiseacha, ina bhfuil gníomhaithe príobháideacha agus poiblí rannpháirteach.

I gcloch mhíle i mí an Mhárta 2022, tháinig comhreachtóirí an Aontais ar chomhaontú maidir leis an n**gníomh um margaí digiteacha**, lena rialaítear gníomhaíochtaí na n-ardán mór digiteach, nó "geatóirí", chun a chinntiú go mbeidh an margadh aonair digiteach Eorpach oscailte agus cothrom. Beidh na geatóirí sin faoi réir roinnt oibleagáidí agus toirmeasc a shaineofar go soiléir agus a chuirfidh cosc ar chuideachtaí móra digiteacha mí-úsáid a bhaint as a gcumhacht mhargaidh agus a chuirfidh ar chumas gníomhaithe nua dul isteach sa mhargadh. Leis an ngníomh um margaí digiteacha, is é an Coimisiún a bheidh ar an gcéad fheidhmitheoir ar domhan maidir le rialáil ar mhargaí teicneolaíochta móra a chumhdaíonn go leor cleachtas agus seirbhísí digiteacha.

Thángthas ar chomhaontú cinniúnach eile i mí Aibreáin na bliana seo maidir leis an n**gníomh um sheirbhísí digiteacha**, arb é an chéad cheann ar domhan é i réimse na rialála digití. Leanann an gníomh sin an prionsabal gur gá don rud atá neamhdhleathach as líne a bheith neamhdhleathach ar líne chomh maith: beidh ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh faoi réir ceanglais níos déine chun a n-úsáideoirí a chosaint ar ábhar, earraí agus seirbhísí neamhdhleathacha. Thairis sin, beidh ar ardáin ar líne agus ar innill chuardaigh measúnú agus maolú a dhéanamh ar na díobhálacha leathana a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena ngníomhaíochtaí agus lena n-algartaim do chearta bunúsacha, d'fholláine leanaí agus don dioscúrsa sibhialta. Ghlac Parlaimint na hEorpa an gníomh um margaí digiteacha agus an gníomh um sheirbhísí digiteacha araon ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa go luath i mí Iúil agus tiocfaidh an dá ghníomh i bhfeidhm i mbliana agus beidh feidhm acu le linn na bliana 2023.

Is é aistriú digiteach atá dírithe ar an duine an dúshraith ar a seasann na **ceithre cholún** de Dheacáid Dhigiteach na hEorpa: saoránaigh a chumasú trí scileanna digiteacha; digitiú gnólachtaí; digitiú na seirbhísí poiblí; agus an bonneagar digiteach a neartú. Sa **Chlár Beartais um an gConair i dtreo na Deacáide Digití** a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mí Iúil 2022, leagadh síos spriocanna praiticiúla ar feadh na gceithre cholún sin agus cuireadh sásra cur chun feidhme láidir ar bun. Laistigh den bhorradh €250 billiún don digitiú ó NextGenerationEU, tá dul chun cinn á dhéanamh ag an




Eoraip i ngach ceann de na ceithre cholún. Mar shampla, i mbliana, glacfaidh an Coimisiún a thogra maidir le **gníomh bonneagair nascachta** chun cur in úsáid níos éifeachtúla agus níos tapa líonraí cumarsáide leictreonaí fíor-ardacmhainneachta, lena n-áirítear snáithín agus 5G, a chur chun cinn ar fud an Aontais.

Is tionscadal suaitheanta maidir le claochlú an Aontais é an togra le haghaidh **gníomh Eorpach um shliseanna**, a ghlac an Coimisiún i mí Feabhra 2022. Ní ann don todhchaí mura mbeidh sí digiteach, agus ní bheidh sí digiteach gan sliseanna. Tá siad inár ngutháin, inár ríomhairí, inár ngluaisteáin, inár bhfeistí leighis agus i ngach aon ghléas nasctha. Leis an gcur isteach leanúnach atá á dhéanamh ag an bpaindéim ar an slabhra soláthair, treisíodh an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh, ag tógáil ar bhonn taighde leathsheoltóra den chéad scoth san Eoraip chun filleadh ar an gceannródaíocht sa dearadh agus sa táirgeadh. Tá €43 bhilliún d'infheistíocht phoiblí á slógadh ag an Aontas agus ag na Ballstáit, agus tá an monaróir sliseanna is mó sna Stáit Aontaithe tar éis €19 mbilliún a infheistiú san Aontas cheana féin.

Is tionscadal suaitheanta maidir le claochlú na hEorpa é an togra le haghaidh **Gníomh Eorpach um Shliseanna.**

Ag an am céanna, ghlac an Coimisiún teachtaireacht athbhreithnithe maidir le rialacha státchabhrach le haghaidh **tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne** chun tacú le mórinfheistíocht i mbonneagar trasteorann i nuálaíochtaí ceannródaíocha, mar shampla ar mhaithe le slabhra luacha na gceallraí.

Tá an t-airgeadas agus an spás ar dhá cheann de réimsí an aistrithe dhigitigh atá ag teacht chun cinn, agus anseo freisin is ceannródaí é an tAontas Eorpach. I mí Eanáir 2021, chomhaontaigh an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach oibriú le chéile chun anailís a dhéanamh ar roghanna deartha éagsúla agus ar na himpleachtaí rialála gaolmhara a bhaineann leis an **euro digiteach**.



Mar fhoirm dhigiteach d'airgead bainc ceannais, thabharfadh sé rogha níos fearr do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Agus an digitiú, athruithe tapa ar thimpeallacht na n-íocaíochtaí agus teacht chun cinn criptea-shócmhainní á gcur san áireamh, d'fhéadfadh an euro digiteach a bheith ina chomhlánú ar airgead tirim agus d'fhéadfadh sé freagairt ar riachtanais nua íocaíochta.

Chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, agus chun an nuálaíocht a chur chun tosaigh agus tarraingteacht earnáil na gcriptea-shócmhainní a chothú, is é an tAontas Eorpach an chéad rialtóir ar domhan a chosnaíonn a chuid saoránach ar chuid de na rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí criptea-shócmhainní. I mí an Mheithimh 2022, tháinig comhreachtóirí an Aontais ar chomhaontú cinniúnach i dtaca leis an **rialachán maidir le criptea-shócmhainní** atá beartaithe ag an gCoimisiún.

Cuireann **clár spáis** an Aontais sonraí agus seirbhísí luachmhara ar fáil cheana féin do réimse leathan feidhmeanna laethúla, mar shampla chun tacú le hiompar agus loingseoireacht tráchtála agus phearsanta, le talmhaíocht bheacht agus réitigh le haghaidh an athraithe aeráide. I mí Feabhra 2022, mhol an Coimisiún Eorpach dhá thionscnamh shuaitheanta nua chun borradh a chur faoi **nascacht shlán spásbhunaithe** agus faoi **bhainistiú an spástráchta**.

Leis an g**Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe**, a bunaíodh i mí an Mheithimh 2021, cuirtear ardán éifeachtach ar fáil don Aontas Eorpach agus do na Stáit Aontaithe chun a gcur chuige a chomhordú agus chun comhar a dhoimhniú maidir le príomh-shaincheisteanna digiteacha, teicneolaíocha, eacnamaíocha agus trádála. Tionóladh an chéad chruinniú den Chomhairle in Pittsburgh, Pennsylvania, an 29 Meán Fómhair 2021, agus an dara cruinniú in Paris-Saclay na Fraince, an 16 Bealtaine 2022. Chuir comhchathaoirligh an Aontais agus na Stát Aontaithe leis an dúshraith láidir a bhí ann agus d'fhógair siad tionscnaimh nua maidir le slabhraí soláthair, slándáil bia, teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn, bonneagar digiteach agus trádáil. Neartóidh na tionscnaimh sin ár gcomhluachanna daonlathacha agus an t-iomaíochas trasatlantach domhanda, rachaidh siad chun tairbhe d'oibrithe agus do theaghlaigh ar dhá thaobh an Atlantaigh agus múnlóidh siad an t-aistriú digiteach agus teicneolaíoch domhanda.

Ina theannta sin, i mí Aibreáin 2022, chomhaontaigh an tUachtarán von der Leyen agus Príomh-Aire na hIndia Narendra Modi **Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India** a bhunú chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin trádála, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus an comhar sna réimsí sin a chur chun cinn. Tá an tAontas Eorpach ag

obair le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis ar fud an domhain chun rialacha domhanda a mhúnlú sa réimse digiteach. Tá uasghrádú á dhéanamh againn ar an gcaidreamh digiteach leis na príomh-chomhpháirtithe, chun na rialacha maidir leis an trádáil dhigiteach a leagan síos, agus tá sin á nascadh againn le réamh-mheastachán ár n-athchóirithe inmheánacha. Tugadh comhpháirtíocht dhigiteach i gcrích leis an tSeapáin ag an gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin i mí na Bealtaine 2022, agus tá caibidlíocht chomhchosúil ar siúl le Singeapór agus leis an gCóiré Theas.

## TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT DEN CHÉAD SCOTH


Agus €95.5 billiún de mhaoiniú aige don tréimhse suas go dtí 2027, is é **Fís Eorpach** an clár trasnáisiúnta taighde agus nuálaíochta is mó ar domhan. Braitheann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach araon san Eoraip ar thaighde agus nuálaíocht den chéad scoth. Sheol an Coimisiún **cúig mhisean taighde agus nuálaíochta de chuid an Aontais** i mí Mheán Fómhair 2021, chun teacht ar réitigh phraiticiúla ar chuid de na dúshláin is mó atá romhainn.

An 14 Deireadh Fómhair 2021, roghnaigh an **Chomhairle Nuálaíochta Eorpach**, tionscnamh suaitheanta de chuid Fís Eorpach, 65 ghnólacht nuathionscanta nuálacha agus fhiontar bheaga agus mheánmhéide chun €363 mhilliún de mhaoiniú a fháil le haghaidh nuálaíochtaí ceannródaíocha i réimse an chúraim sláinte, na dteicneolaíochtaí digiteacha, an fhuinnimh, na biteicneolaíochta, an spáis agus i réimsí eile.

Roghnaíodh 99 ngnólacht nuathionscanta eile i mí na Nollag 2021 chun suas le €627 milliún a fháil. I mí an Mheithimh 2022, sheol an Coimisiún gníomhaíocht tacaíochta dar luach €20 milliún ón gComhairle Nuálaíochta Eorpach le haghaidh ar a laghad 200 gnólacht nuathionscanta domhainteicneolaíochta ón Úcráin, agus roghnaigh sé baisc eile de 74 ghnólacht nuathionscanta nuálacha agus fhiontar bheaga agus mheánmhéide. Gheobhaidh siad €382 mhilliún.

Glacadh an **clár oibre nua Eorpach um nuálaíocht** i mí Iúil 2022, agus áiríodh ann cúig mhórchlár shuaitheanta chun go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain i réimse na nuálaíochta domhainteicneolaíochta. D'fhéadfadh sé thart ar €45 bhilliún a shlógadh ó infheisteoirí institiúideacha príobháideacha chun tacú le gnólachtaí atá ag méadú. Ina theannta sin, bunófar leis an gclár oibre clár chun oiliúint a chur ar 1 mhilliún duine i scileanna domhainteicneolaíochta, go háirithe i réimsí domhainteicneolaíochta amhail ábhair nua, an bhitheolaíocht shintéiseach agus an teicneolaíocht ghlan.

Tá iarrachtaí á neartú ag an gCoimisiún freisin chun ceannródaíocht a dhéanamh ar thionscadail teicneolaíochta ghlasa trí sheoladh an **EU–Catalyst,** atá ina chomhpháirtíocht nua atá dírithe ar bhorradh a chur faoi infheistíochtaí i dtionscadail ardtionchair i dteicneolaíochtaí criticiúla aeráide atá bunaithe san Aontas agus iad a mhéadú, ar tionscadail iad a mheastar a bheidh in ann an geilleagar aeráidneodrach a bheidh ann amach anseo a chumasú (hidrigin ghlas, breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, gabháil ón aer agus stóráil fuinnimh fhadtréimhseach). Seoladh an chomhpháirtíocht ag COP26, agus d'fhéadfadh sí suas le €840 milliún a shlógadh faoi



2026 agus cabhrú chun uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach.

Le bliain anuas, bhuaigh eolaithe a fuair tacaíocht ón g**Comhairle Eorpach um Thaighde** na duaiseanna idirnáisiúnta is fearr sa taighde leighis, sa réaltfhisic agus sa mhatamaitic, chomh maith le dhá Dhuais Nobel sa Cheimic agus san Fhisic. Léiríodh i suirbhéanna a rinneadh le déanaí gur mhaoinigh an Chomhairle Eorpach um Thaighde na céadta tionscadal taighde atá ríthábhachtach do ghníomhú an Aontais ar son na haeráide, do bheartais sláinte agus don chlaochlú digiteach, agus gur sheol níos mó ná duine amháin as gach deichniúr a fuair deontas, gnólacht nuathionscanta nó d'aistrigh siad torthaí a gcuid taighde chuig cuideachtaí eile.

Ina theannta sin, le tacaíocht ón gclár Fís Eorpach, déanfaidh an tAontas líon na n**gleannta hidrigine** a mhéadú faoi dhó nó níos mó ón 21 ghleann atá ann faoi láthair go 50 faoi 2025, rud a dhéanfaidh níos mó infheistíochta a ghiaráil ón tionscal agus ó na Ballstáit. Ina theannta sin, leathnóidh an tAontas líonra na ngleannta hidrigine atá ann cheana go codanna eile den domhan trí 100 gleann hidrigine a fhorbairt ar fud an domhain in éineacht le Mission Innovation (an tionscnamh domhanda chun dlús a chur le nuálaíocht fuinnimh ghlain trí chomhar atá dírithe ar ghníomhaíocht). Ina theannta sin, tá tuairim is €4 mhilliún deonaithe ag an gCoimisiún faoin gclár Erasmus+ chun tacú le comhpháirtíocht fhadtéarmach idir an tionscal agus an t-oideachas chun **na scileanna is gá a fhorbairt don gheilleagar hidrigine** agus chun iad a chur ar fáil do gach institiúid oideachais.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, chuir an tAontas deireadh le rannpháirtíocht leanúnach eintitis phoiblí agus chomhlachtaí gaolmhara na Rúise i gcláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais, chuir sé as an áireamh an comhar a bheadh ann amach anseo le gach eintiteas dlíthiúil de chuid na Rúise agus sheol sé bearta tacaíochta do phobal taighde na hÚcráine. **Tá an Úcráin incháilithe cheana féin do mhaoiniú ón Aontas faoin gclár Fís Eorpach**. Tá scéim thiomnaithe seolta cheana féin ag an gCoimisiún dar luach €25 mhilliún chun tacú le taighdeoirí ón Úcráin trí Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie. Le **scéim MSCA4Ukraine**, cuirfear comhaltachtaí ar fáil d'iarrthóirí dochtúireachta agus do thaighdeoirí iardhochtúireachta chun leanúint dá gcuid oibre in eagraíochtaí acadúla agus neamhacadúla san Aontas Eorpach agus i dtíortha comhlachaithe an chláir Fís Eorpach.

## GAN AON EORPACH A FHÁGÁIL AR LÁR

Ní mór don cheartas sóisialta a bheith i gcroílár an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, rud a léireoidh **luachanna gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa**. Sin an fáth ar chruthaigh Coimisiún von der Leyen **an Sásra um Aistriú Cóir**, lena slógfar suas le €55 bhilliún faoi 2027 le haghaidh na réigiún san Aontas is mó atá buailte. Mhol sé freisin **Ciste Aeráide Sóisialta,** a mhaoineofar go díreach leis an ioncam a ghintear ó chóras trádála astaíochtaí na hEorpa, chun cabhrú leis na teaghlaigh is leochailí inár sochaí a mbillí fuinnimh agus iompair a bhainistiú.

I mí an Mheithimh 2022, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú stairiúil i ndáil leis an **treoir maidir le pá íosta leordhóthanach.**

Tá freagairt an Aontais ar an bpaindéim, agus anois ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ag feidhmiú a bhuí le meascán de sholúbthacht ghearrthéarmach agus d'fhís fhadtéarmach. Tá an cur chuige solúbtha sin, atá bunaithe ar luachanna sóisialta margaidh na hEorpa, tá sé cuimsithe i gclár tacaíochta an Choimisiúin chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (**SURE**). Chabhraigh SURE le fostóirí fostaithe a choinneáil ag an obair trína dtuarastail a íoc le linn na dianghlasála. Íocadh €92 bhilliún de chúnamh airgeadais le 19 mBallstát chun tairbhe dhíreach na bhfaighteoirí. Sa bhliain 2020 amháin, thacaigh SURE le thart ar 31 mhilliún duine san Aontas agus le 2.5 milliún gnólacht. Thacaigh SURE le beagnach 30 % den fhostaíocht iomlán agus leis an gceathrú cuid de na gnólachtaí ar fad sna 19 dtír a bhí ina dtairbhithe. In 2021, lean SURE de bheith ag cosaint post agus ag an am céanna rinne sé an réamhobair a bhain le téarnamh láidir eacnamaíoch.



**Thacaigh SURE le beagnach 30 % den fhostaíocht iomlán agus leis an gceathrú cuid de na gnólachtaí ar fad sna 19 dTÍR A BHÍ INA dTAIRBHITHE**




Sa lá atá inniu ann, tá an margadh saothair is láidre ag an Aontas agus a bhí aige leis na blianta. Idir tús 2021 agus tús 2022, **cruthaíodh beagnach 6 mhilliún post san Aontas**. De réir mar a tháinig téarnamh ar an ngeilleagar, d'aistrigh na Ballstáit de réir a chéile ó scéimeanna oibre gearrthéarmacha éigeandála go bearta réamhbhreathnaitheacha i margaí saothair, i gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht (**EASE**). D'ainneoin an tionchair thromchúisigh eacnamaíoch atá ag cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar earnálacha áirithe, go dtí seo, ní dhearnadh difear don fhostaíocht san Aontas den chuid is mó, agus tá an ráta dífhostaíochta ag an leibhéal is ísle riamh (6.0 % i mí an Mheithimh 2022). Cé gur ann i gcónaí don éiginnteacht eacnamaíoch mhéadaithe, léiríonn na réamh-mheastacháin reatha gur cheart go leanfadh an fhostaíocht de bheith ag fás in 2023.

Uirlis eile chun téarnamh comhroinnte a bhaint amach ar fud an Aontais, go háirithe chun **borradh a chur faoin bhfás i réigiúin bheagfhorbartha**, ba ea an tionscnamh maidir le cúnamh téarnaimh don chomhtháthú agus do chríocha na hEorpa (**REACT-EU**). Fuair cistí an bheartais chomhtháthaithe breisiú suntasach arbh fhiú níos mó ná €50 billiún é. Ba é REACT-EU an chéad ionstraim a úsáideadh faoi **NextGenerationEU**, agus rinneadh an chéad íocaíocht chomh luath le mí an Mheithimh 2021. Mhaolaigh an ghníomhaíocht ghasta sin tionchar ghéarchéim na paindéime agus chabhraigh sé leis an mbearna a líonadh go dtí gur cuireadh an plean téarnaimh fadtéarmach i bhfeidhm. Tacaíonn REACT-EU le fiontair agus le forbairt gnó, neartaíonn sé córais cúraim sláinte, maoiníonn sé cláir oiliúna agus scéimeanna fostaíochta, agus cuireann sé trealamh agus ábhar scoile ar fáil dóibh siúd is mó atá i ngátar.

Bhí **Státchabhair** ina cuid thábhachtach de fhreagairt eacnamaíoch an Choimisiúin ar an bpaindéim freisin. Ó thús na géarchéime, ghlac an Coimisiún breis agus 1,430 cinneadh maidir le Státchabhair, agus d'fhormheas sé beagnach 1,010 beart náisiúnta dár luach iomlán formheasta measta thart ar €3.2 trilliún. Cuireadh deireadh de réir a chéile leis an gCreat Sealadach COVID maidir le Státchabhair an 30 Meitheamh 2022.

I mí na Samhna 2021, ghlac an Coimisiún teachtaireacht maidir le **beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua**, lena leagtar béim ar ról tábhachtach an bheartais iomaíochta i dtaca le bealach na hEorpa i dtreo an téarnaimh, i dtaca leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus i dtaca le margadh aonair athléimneach. Leagtar béim sa teachtaireacht ar chumas ionsuite an bheartais iomaíochta é féin a chur in oiriúint do dhálaí margaidh nua, do thosaíochtaí beartais agus do riachtanais custaiméirí. Ina theannta sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar uirlisí beartais iomaíochta chun a chinntiú go mbeidh gach ionstraim iomaíochta (ionstraimí cumaisc, ionstraimí in aghaidh trustaí agus ionstraimí rialaithe Státchabhrach) oiriúnach dá feidhm i gcónaí agus chun a bhosca uirlisí féin atá ann cheana a chomhlánú.

Mar atá cruthaithe ag an bpaindéim, geilleagar sóisialta margaidh láidir a thugann tús áite do dhea-bhail na ndaoine, sin é an múnla is athléimní le haghaidh domhan iarphaindéime atá spreagtha ag an teicneolaíocht. I bplean gníomhaíochta **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**, plean a glacadh i mí an Mhárta 2021, moladh trí phríomhsprioc uaillmhianacha de chuid an Aontais do 2030, i réimsí na fostaíochta, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, agus chuir ceannairí an Aontais fáilte roimhe sin ag Cruinniú Mullaigh Porto. Le buiséad iomlán dár luach €99 mbilliún, tá **Ciste Sóisialta na hEorpa** ina phríomhionstraim airgeadais chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. I mí an Mheithimh 2022, chuir gach Ballstát a spriocanna náisiúnta isteach, lena léiríodh a dtiomantas chun na gealltanais a tugadh ag **Cruinniú Mullaigh Porto** a chomhlíonadh.

Is plean 5 bliana é an **clár oibre scileanna don Eoraip**, plean a cuireadh i láthair i mí Iúil 2020, chun cabhrú le daoine aonair agus le gnólachtaí níos mó scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt, folúntais a líonadh agus lántairbhe a bhaint as an ngeilleagar níos glaise agus níos digití. Leis an gcomhshocrú um scileanna, a seoladh i mí na Samhna 2020, tugtar le chéile cuideachtaí, oibrithe, údaráis áitiúla, comhpháirtithe sóisialta, soláthraithe oiliúna agus seirbhísí fostaíochta chun na scileanna a bheidh ag teastáil in earnálacha éagsúla a shainaithint agus chun gealltanais a thabhairt oibrithe a athsciliú. Go dtí seo, tá níos mó ná 700 eagraíocht tar éis glacadh leis an gcomhaontú agus bunaíodh 12 chomhpháirtíocht mhórscála in earnálacha straitéiseacha, agus gheall siad go gcuideoidh siad le suas le 6 mhilliún duine a uas-sciliú.

**Príomhspriocanna 2030 a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**

ba cheart
**78 %**
ar a laghad den daonra idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030

ba cheart
**60 %**
ar a laghad de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna gach bliain faoi 2030

laghdú
**15 mhilliún**
ar a laghad, ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta

I mí an Mheithimh 2022 ghlac an Chomhairle moltaí maidir le **cuntais foghlama aonair agus micridhintiúir**. Agus chun a chinntiú go leanfaidh an Eoraip de bheith ina foras den chéad scoth maidir leis an oideachas, tá **straitéis Eorpach maidir le hollscoileanna** seolta ag an gCoimisiún, straitéis a chuirfidh go mór le hiomaíochas ár gcóras ardoideachais trí chomhar trasnáisiúnta níos doimhne agus ar scála níos mó. Cruthóidh sé sin dálaí níos fearr chun go mbeidh rath ar dhaoine tréitheacha sa tsochaí eolasbhunaithe.



I mí an Mheithimh 2022, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar **chomhaontú stairiúil i ndáil leis an treoir maidir le pá íosta leordhóthanach**, rud a mhol an Coimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhí an dlí sin ina thosaíocht ag Coimisiún von der Leyen ón tús, agus cabhróidh sé chun leordhóthanacht pá íosta a fheabhsú agus chun an rochtain atá ag oibrithe ar chosaint pá íosta ar fud an Aontais a mhéadú.

Chun oibrithe a chosaint ar na dúshláin nua a bhaineann le digitiú an tsaoil oibre, i mí na Nollag 2021 mhol an Coimisiún **treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin.** Is é is aidhm don mholadh a chinntiú go dtabharfar stádas dlíthiúil fostaíochta do dhaoine a oibríonn trí ardáin saothair dhigiteacha, stádas a fhreagraíonn dá socruithe oibre iarbhír, agus a chinntiú gur féidir leo leas a bhaint as na cearta saothair agus na sochair shóisialta a bhfuil siad ina dteideal. Téann sé i ngleic freisin le saincheist chasta an bhainistithe algartamaigh ar ardáin chun a chinntiú go bhfuil maoirseacht dhaonna agus trédhearcacht ann.

I mí na Nollag freisin, chuir an Coimisiún i láthair **plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta**. Le tacaíocht fheabhsaithe don gheilleagar sóisialta, ní hamháin go gcruthaítear poist, ach cuirtear ar chumas eagraíochtaí a dtionchar sóisialta a mhéadú ar fud an Aontais. Leis an bplean gníomhaíochta, réitítear an bealach chun go mbeidh rath agus fás ar eagraíochtaí an gheilleagair shóisialta trína n-infheictheacht a mhéadú, tríd an mbeartas ceart agus na creataí dlíthiúla cearta a chur i bhfeidhm agus trí chuidiú leo tosú agus méadú.

Ar fud an domhain, tá an tAontas agus a Bhallstáit ina gceannródaithe san athchóiriú ar an gcáin chorparáideach. In 2021, tar éis do 137 dtír comhaontú idirnáisiúnta a shíniú maidir le ráta éifeachtach cánach 15 %, mhol an Coimisiún treoir lena gcinnteofaí íosráta cánach éifeachtach do ghníomhaíochtaí domhanda grúpaí móra ilnáisiúnta. Leis an moladh, comhlíontar gealltanas an Aontais go mbogfaidh sé ar aghaidh go han-ghasta agus go mbeidh sé i measc an chéad dreama chun an **comhaontú stairiúil domhanda maidir le hathchóiriú cánach** a chur chun feidhme,

Nuair a thosaigh ionsaí na Rúise ar an Úcráin, tháinig pobal gnó **na Rómáine** le chéile chun jobs4ukr.com a sheoladh, ar ardán é a thugann cabhair do dhídeanaithe ón Úcráin fostaíocht a fháil ar fud an Aontais.

comhaontú arb é is aidhm dó cothroime, trédhearcacht agus cobhsaíocht a thabhairt isteach sa chreat idirnáisiúnta don cháin chorparáideach.

## GLOBAL GATEWAY NA hEORPA CHUIG AN DOMHAN

I bhfómhar 2021, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen an **Global Gateway**, tairiscint na hEorpa do dhomhan a bhfuil infheistíocht ollmhór de dhíth air: infheistíocht i bhfuinneamh glan, i mbóithre agus i ndroichid atá díonta ar thuilte agus i bhfoirgnimh ar féidir leo tonnta teasa fíordhona a sheasamh; infheistíocht chun córais sláinte a ullmhú do phaindéimí a bheidh ann amach anseo agus chun an fheirmeoireacht a chur in oiriúint do dhálaí aimsire níos tirime; infheistíocht chun scileanna a thabhairt d'oibrithe, scileanna a bheidh ag teacht leis na poist a bheidh ann amach anseo; nó infheistíocht sa bhonneagar digiteach, toisc gurb iad sonraí breosla an gheilleagair nua.

Cabhróidh an Global Gateway le hinfheistíochtaí den sórt sin a dhéanamh – bíodh siad poiblí nó príobháideach. Cuirfidh sé sin borradh faoi naisc chliste, ghlana agus shlána sna hearnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair agus neartóidh sé córais sláinte, oideachais agus taighde ar fud an domhain. Dá bhrí sin, tá an tAontas ag cur dlús lena thairiscint dá chomhpháirtithe **chun tacú le mórthionscadail bhonneagair ar fud an domhain**, agus béim ar leith ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag Team Europe infheistíochtaí dar luach suas le €300 billiún a shlógadh faoi 2027, agus is ar an Afraic a dhíreofar leath an mhéid sin.

Is ar **chúig phrionsabal** atá an Global Gateway bunaithe: inbhuanaitheacht; cearta an duine agus cearta sóisialta a leathnú; dea-rialachas; slándáil agus carnadh na hinfheistíochta príobháidí. Baineann sé le rogha níos fearr atá **bunaithe ar luach** a thabhairt do thíortha. Oibreoidh an tAontas i ndlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis chun an tionscnamh sin a chur i bhfeidhm.

A bhuí leis an Global Gateway, tá an tAontas ag cuidiú chun **dhá mhonarcha a thógáil i Ruanda agus sa tSeineagáil chun vacsaíní mRNA úrscothacha a mhonarú**. Ag tosú an bhliain seo chugainn, díolfar na vacsaíní sin le tíortha na hAfraice ar phraghsanna neamhbhrabúis. Tá obair chomhchosúil ar siúl le Gána agus leis an Afraic Theas freisin. Tá an Global Gateway **ag tacú cheana féin leis an mBalla Mór Glas**, chun borradh a chur faoi tháirgeadh bia ón Nígir agus ón tSeineagáil go dtí an Aetóip mar sciath chosanta in aghaidh na neamhshlándála bia agus an athraithe aeráide.

Déanann an tAontas cuid mhór infheistíochta chun an tslándáil, an chobhsaíocht agus an rathúnas a bhunú inár gcomharsanacht Eorpach. I gcás **na mBalcán Thiar**, tá pacáiste eacnamaíoch agus infheistíochta de bheagnach €30 billiún ag an Aontas – aon trian d'olltáirgeacht intíre dhomhanda an réigiúin – deich gcinn d'infheistíochtaí suaitheanta i réimsí an iompair inbhuanaithe, an fhuinnimh ghlain, an chomhshaoil agus na haeráide, na todhchaí digití, na hearnála príobháidí agus an chaipitil dhaonna. Tá infheistíocht an Aontais ag tacú go mear freisin leis an aistriú chuig fuinneamh glas sna Balcáin Thiar agus le deireadh a chur, de réir a chéile, le gual mar phríomhfhoinse fuinnimh. In 2022, ghlac an tAontas céim thábhachtach freisin chun tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh.

I gcás **Chomhpháirtíocht an Oirthir**, tá infheistíocht suas le €17 mbilliún á cur ar fáil ag an Aontas sna hearnálacha uile. Áirítear leis sin tionscadail nascachta digití, mar shampla **cábla snáthoptaice a chur in úsáid faoin Muir Dhubh** agus bonneagar leathanbhanda ardluais a fhorbairt. Is mian linn freisin línte iompair a bhunú lena n-éascófar iompar daoine agus earraí idir réigiún Chugais agus an tAontas. Tá €30 billiún eile á n-infheistiú i gComharsanacht an Deiscirt, i mbonneagar fuinnimh in-athnuaite den chuid is mó.

Tá infheistíochtaí Global Gateway inbhuanaithe don chomhshaol agus d'airgeadas ár gcomhpháirtithe



araon. Tabharfaidh ár n-infheistíochtaí tús áite i gcónaí do dhaoine. Agus i ndáil leis sin, déanfaimid **tionscadail a chomhdhearadh lenár gcomhpháirtithe** i gcónaí, lena chinntiú go mbainfidh pobail áitiúla tairbhí marthanacha astu. Tá leas straitéiseach soiléir ag an Eoraip ina leith sin. Is spéis linn oibriú le chéile ar son ár bpláinéid, chun ár gcomharsana agus ár gcomhpháirtithe a dhéanamh níos athléimní i leith suaití de gach cineál agus idirspleáchais níos cothroime a chur in ionad spleáchais neamh-inbhuanaithe.

## GLOBAL GATEWAY: 5 THOSAÍOCHT INFHEISTÍOCHTA



### DIGITEACH

Tacóidh an tAontas le hidirlíon atá oscailte slán



### AN AERÁID AGUS FUINNEAMH

Tacóidh an tAontas le hinfheistíochtaí agus le rialacha a réiteoidh an bealach le haghaidh an aistrithe chuig fuinneamh glan



### IOMPAR

Tacóidh an tAontas le gach modh iompair atá glas cliste sábháilte



### SLÁINTE

Cuideoidh an tAontas chun slabhraí soláthair agus táirgeadh áitiúil vacsaíní a neartú



### OIDEACHAS AGUS TAIGHDE

Déanfaidh an tAontas infheistíocht in oideachas ardchaighdeáin, agus béim ar leith ar chailíní, ar mhná agus ar ghrúpaí leochaileacha

# 4. COLÚIN AN DAONLATHAIS EORPAIGH

## SEASANN AN COIMISIÚN LEIS AN DAONLATHAS AGUS LEIS AN SMACHT REACHTA

Tá an daonlathas ar mhór-roinn na hEorpa faoi ionsaí. Cogadh in aghaidh an daonlathais féin is ea ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is cogadh é i gcoinne an choincheapa gurb iad muintir na hÚcráine, agus iadsan amháin, ba cheart cinntí ceannasacha a dhéanamh faoina dtodhchaí féin. Is caol díreach **ónár luachanna daonlathacha féin** a eascraíonn ár dtacaíocht don Úcráin. Nuair a bhreathnaíonn muintir na hÚcráine ar an Aontas seo againne, feiceann siad an daonlathas, cearta an duine, an smacht reachta agus an tsaoirse aonair agus eacnamaíoch. Is dó sin a sheasann an tAontas Eorpach sa lá atá inniu ann. Mar sin féin, ní féidir talamh slán a dhéanamh dár ndaonlathas. Is gá é a chothú agus aire a thabhairt dó gach lá. Is ina threo sin atá Coimisiún von der Leyen ag obair ó thús a théarma oifige.

Ní mór athnuachan leanúnach a dhéanamh ar an daonlathas ionadaíoch freisin. I mí na Samhna 2021, chuir an Coimisiún Eorpach i láthair **moladh maidir le trédhearcacht fógraíochta polaitiúla agus le fógraíocht pholaitiúil a spriocdhíriú**, mar chuid de bhearta atá dírithe ar shláine na dtoghchán agus plé oscailte daonlathach a chosaint, bearta a fógraíodh faoin bplean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach. Leis na rialacha atá beartaithe, bheadh gá le gach fógra polaitiúil a lipéadú go soiléir mar fhógra den sórt sin agus le faisnéis a bheith san áireamh ann, mar shampla cé hiad na daoine a d'íoc as agus cé mhéid a d'íoc siad. Mhol an Coimisiún freisin nuashonrú a dhéanamh ar rialacha reatha an Aontais maidir le páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus ar na rialacha sin a bhaineann le "saoránaigh shoghluaiste" de chuid an Aontais (iad sin atá ina gcónaí i dtír de chuid an Aontais nach í a dtír dhúchais í). Cé gurb ann do thart ar 13.5 milliún saoránach den sórt sin, is beag duine acu a fheidhmíonn a gceart vótála i dtoghcháin bhardasacha agus Eorpacha. Leis na moltaí nua, beidh sé níos éasca do shaoránaigh shoghluaiste vótáil.



**Is é an Coimisiún caomhnóir na gconarthaí**. Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún cearta shaoránaigh an Aontais a chosaint, cibé áit a bhfuil cónaí orthu san Aontas seo againne. Is leis an smacht reachta a fhitear le chéile an tAontas. Is rud ríthábhachtach é chun na luachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe a chosaint: an daonlathas, an tsaoirse, an comhionannas agus meas ar chearta an duine. Agus is leis sin a chuir gach ceann de na 27 mBallstát a ainm agus iad ina gcuid den Aontas Eorpach, mar thíortha ceannasacha agus mar shaormhuintir.

Tá bearta stairiúla curtha i bhfeidhm ag Coimisiún von der Leyen chun neart a chur le cumas an Aontais an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint. Tá **Sásra cuimsitheach um an Smacht Reachta** curtha ar bun ag an gCoimisiún lena mbunaítear próiseas idirphlé bhliantúil le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún, i dteannta na mBallstát, in éineacht leis na parlaimintí náisiúnta, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile i réimse an smachta reachta.

Chun an t-idirphlé sin a éascú, tá **tuarascálacha bliantúla maidir leis an smacht reachta** á n-eisiúint ag an gCoimisiún, tuarascálacha a dhíríonn ar cheithre phríomhréimse: córais cheartais, creataí frithéillithe, iolrachas na meán agus saincheisteanna institiúideacha eile a bhaineann le srianta agus ceartúcháin. Déantar measúnú i ngach tuarascáil ar an staid san Aontas ina iomláine agus tá 27 gcaibidil tíre ann maidir le forbairtí sna Ballstáit. Foilsíodh trí thuarascáil bhliantúla maidir leis an smacht reachta go dtí seo, an ceann is déanaí acu i mí Iúil 2022. I mbliana áirítear sna tuarascálacha moltaí sonracha do na Ballstáit.

Tá freagracht ar an gCoimisiún buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar an smacht reachta. Ó bhí 2021 ann, tá sraith bhreise chosanta ag buiséad an Aontais i gcoinne sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Is amhlaidh atá a bhuí le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint – rud ar a dtugtar freisin an **"rialachán coinníollachta"** – córas atá i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2021. Is i gcroílár NextGenerationEU agus an bhuiséid Eorpaigh atá an sásra sin. Ní mór bearta a dhéanamh má shuitear go ndéanann sáruithe ar an smacht reachta in aon cheann de na Ballstáit difear do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do leasanna airgeadais an Aontais, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfadh na sáruithe sin difear dóibh.

An 27 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún **fógra i scríbhinn chuig údaráis na hUngáire** faoin rialachán maidir le coinníollacht bhuiséadach. Mheas an Coimisiún maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta san Ungáir go ndéanann siad difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfadh na saincheisteanna sin difear dóibh. Leis an bhfógra sin, cuireadh tús le nós imeachta ar lena linn a rinne an Coimisiún plé leis na húdaráis náisiúnta maidir leis an gcaoi a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar bhealach cuiditheach ar na saincheisteanna a ardaíodh. An 22 Lúnasa, chuir an Ungáir barúlacha agus bearta feabhais ar fáil. Tá an freagra sin á anailísiú ag an gCoimisiún anois, sula ndéanann sé cinneadh maidir le bearta a mholadh a bheadh le glacadh ag an gComhairle.

Sa lá atá inniu ann, tá níos mó airgid ná riamh á infheistiú ag an Aontas Eorpach chun ár dtéarnamh comhchoiteann a chur chun cinn agus chun deireadh a chur lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise. Mar sin, ní mór dúinn a bheith an-chúramach go mbainfear úsáid cheart éifeachtach as an airgead sin. Ní hamháin gur cuid ríthábhachtach dár ndaonlathais é sin: ach cruthaíonn sé muinín freisin i measc infheisteoirí agus gnólachtaí ag an tráth ríthábhachtach seo.

Is i gcroílár phróiseas aontachais an Aontais atá an daonlathas agus an smacht reachta freisin. Tá saoránaigh na mBalcán Thiar, na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia ag súil leis an méid sin dá dtíortha féin agus is iad na luachanna sin atá mar chroílár an chur chuige **"bunphrionsabail i dtosach"** maidir leis an modheolaíocht um méadú.


## AN IRISEOIREACHT AGUS AN tSAOIRSE CAINTE

Bunphrionsabal de chuid an daonlathais is ea go bhfreastalaíonn an rialtas ar na daoine. Déanann daonlathais a saoránaigh a chumasú chun cinntí a dhéanamh agus a n-oifigigh thofa a thabhairt chun cuntais. Chuige sin, teastaíonn rochtain ar fhaisnéis atá saor in aisce agus ar ardchaighdeán. Sin é an fáth a bhfuil **saoirse agus iolrachas na meán** ríthábhachtach do chóras daonlathach a fheidhmíonn mar is ceart, agus is réimse tosaíochta iad sa **phlean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach**.

I mí na Nollag 2021, bhí an tUachtarán von der Leyen ina cathaoirleach ar sheisiún na gceannairí ag an gCruinniú Mullaigh um an Daonlathas a d'óstáil Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden, agus dúirt sí



"gach uile lá, ní mór dúinn cothú agus obair a dhéanamh chun an daonlathas a fheabhsú, mar go dtuigimid cé chomh tapa a fhéadfaidh an stair a athrú, agus na héifeachtaí tubaisteacha a fhéadfaidh a bheith aige sin". D'fhógair an Coimisiún **clár nua domhanda um chearta an duine agus um an daonlathas**, ar fiú €1.5 billiún é, chun dlús a chur le tacaíocht an Aontais do chur chun cinn agus cosaint chearta an duine, saoirsí bunúsacha, an daonlathais, an smachta reachta agus obair eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine ar fud an domhain go dtí 2027.



Tá iriseoirí cróga ag cur a mbeatha i mbaol agus tionchar daonna an chogaidh san Úcráin á chlúdach acu. Ní raibh Frederic Leclerc-Imhoff, ón bh**Frainc**, ach 32 bhliain d'aois nuair a cailleadh é in ionsaí Rúiseach ar chonbhua daonnúil san Úcráin.

Mar chuid den chabhair dhaonnúil dar luach €335 mhilliún a thug an Coimisiún don Úcráin, tá sé **ag tacú go gníomhach le meáin neamhspleácha agus le sochaí shibhialta na hÚcráine**. Tá sochaí shibhialta na hEorpa freisin ag cur dlús leis an tacaíocht a thugtar d'iriseoirí ón Úcráin.

An 25 Feabhra, lá amháin tar éis don Rúis tús a chur leis an ionsaí ar an Úcráin, tháinig grúpa comhpháirtithe mionscála meán uile-Eorpacha le chéile, lena n-áirítear an fhondúireacht Are We Europe, agus sprioc chomhchoiteann acu: €150,000 a thiomsú mar chiste éigeandála d'eagraíochtaí meán na hÚcráine agus d'iriseoirí aonair. Seachtain amháin ina dhiaidh sin, bhí os cionn €1.5 milliún bailithe ag a bhfeachtas **Keep Ukraine's Media Going**, airgead a bailíodh i bhfoirm síntiúis bheaga den chuid is mó ó na mílte daoine ar fud an domhain. Téann na síntiúis sin go díreach chuig iriseoirí ón Úcráin chun na costais oibríochtúla a bhaineann le tuairisciú ar an gcogadh a chlúdach, trealamh práinneach a chur ar fáil, oifigí nua a athlonnú nó a chur ar bun i gcathracha sábháilte na hÚcráine nó san Aontas Eorpach.

Ach tá **méadú ag teacht ar na dúshláin a bhfuil iriseoirí ag tabhairt aghaidh orthu** laistigh den Aontas freisin. I bhfianaise na n-athruithe teicneolaíocha agus digiteacha ar thimpeallacht na meán, athruithe ar cuireadh dlús leo de bharr phaindéim an choróinvíris, agus i bhfianaise na mbagairtí agus na n-ionsaithe i gcoinne iriseoirí atá ag dul i méid, tá méadú ag teacht ar na bacainní atá ar go leor iriseoirí agus a gcuid oibre riachtanaí don daonlathas á déanamh acu. Go dtí seo, tá trí bheart curtha chun feidhme nó á n-ullmhú ag an gCoimisiún chun na treochtaí sin a aisiompú.

Leis an gcéad bheart, i mí Mheán Fómhair 2021, chuir an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát maidir le conas feabhas a chur ar **shábháilteacht iriseoirí** – as líne agus ar líne. I measc na bpríomhthionscnamh tá seirbhísí tacaíochta náisiúnta neamhspleácha a chruthú, lena n-áirítear línte cabhrach, comhairle dlí, tacaíocht shíceolaíoch, cosaint mhéadaithe d'iriseoirí le linn léirsithe agus dídean d'iriseoirí agus do ghairmithe sna meáin a bhfuil bagairtí á ndéanamh orthu.

Leis an dara beart, i mí Aibreáin 2022, mhol an Coimisiún **reachtaíocht láidir chun iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar chásanna dlí éagóracha**. Cuirfidh na bearta nua ar chumas breithiúna na SLAPPanna, mar a thugtar orthu (dlíthíocht straitéiseach i gcoinne rannpháirtíochtaí poiblí) a dhíbhe go tapa agus iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chumasú ina n-iarrachtaí labhairt amach ar mhaithe le leas an phobail.

Leis an tríú beart, tá **gníomh um shaoirse na meán** á chur i láthair ag an gCoimisiún anois. Leis an ngníomh sin, den chéad uair i ndlí an Aontais, cumhdófar coimircí coiteanna chun iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta na meán a chosaint. Déantar faireachán freisin ar shaoirse na meán, ar an iolrachas agus ar shábháilteacht iriseoirí sna tuarascálacha bliantúla ar an smacht reachta.

## AONTAS AN CHOMHIONANNAIS

I gcúrsaí polaitíochta, cúrsaí gnó agus sa tsochaí ina hiomláine, ní éireoidh linn barr ár gcumais a bhaint amach ach amháin má bhainimid an leas is fearr is féidir as ár gcuid buanna agus as ár n-éagsúlacht. Is rud í an nuálaíocht a tharlaíonn nuair is daoine a bhfuil seacht ndúchas agus seacht ndearcadh acu a théann i gcumasc le chéile. Mar gheall ar na dúshláin dhéimeagrafacha atá os ár gcomhair, ní féidir linn gan gach ball dár sochaithe éagsúla a chumasú agus a n-acmhainneacht a úsáid. Ní



Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus í ag cur fáilte roimh an gcomhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air i ndáil leis an Treoir maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí liostaithe.

mór na deiseanna céanna a bheith ann do gach duine a bhfuil na mianta céanna acu, agus tá sé sin ar cheann de phríomhthosaíochtaí Choimisiún von der Leyen ó thús a théarma oifige. Domhan a thógáil atá cothrom ó thaobh inscne de, sin príomhchuspóir atá comhtháite i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

Is bunluachanna gach daonlathais iad an comhionannas agus an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe. Is luach bunúsach de chuid an Aontais é an comhionannas idir mná agus fir, rud a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Leis an gcuimsiú agus an éagsúlacht spreagtar nuálaíocht agus táirgiúlacht eacnamaíoch freisin. Deich mbliana tar éis don Choimisiún treoir a mholadh den chéad uair chun **cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí** a fheabhsú, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith, a bhuí le hiarracht athnuaite ó Choimisiún von der Leyen.

Is fadhb i gcónaí í idirdhealú pá ag an obair. Dá bhrí sin, i mí an Mhárta 2021, chuir an Coimisiún moladh i láthair le haghaidh treoir chun neartú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm phrionsabal **an phá chomhionainn as obair chomhionann** trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe. Ina theannta sin, sheol an clár Fís Eorpach de chuid an Choimisiúin scéim phíolótach **women TechEU** chun mná a chur ar thús cadhnaíochta sa domhainteicneolaíocht. Le women TechEU, tugtar aghaidh ar an mbearna inscne sa nuálaíocht trí thacaíocht a thabhairt gach bliain do 130 cuideachta nuathionscanta atá faoi stiúir ban.

Is cúis mhór imní é an foréigean inscnebhunaithe i gcónaí don iomarca ban san Aontas. I mí an Mhárta 2022, mhol an Coimisiún rialacha uile-Aontais chun **deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban** agus le foréigean teaghlaigh. Leis an treoir atá beartaithe, déanfar coir as an éigniú bunaithe ar easpa toilithe agus as ciorrú ball giniúna ban araon. Déanfar coir freisin as an gcibearfhoréigean bunaithe ar ghnéas agus inscne, lena n-áirítear íomhánna dlúthchaidrimh a chomhroinnt go neamhthoiliúil, an chibearstalcaireacht, an cibearchiapadh agus gríosú chun foréigin nó fuatha ar líne. Leis na rialacha nua, neartaítear rochtain na n-íospartach ar an gceartas agus spreagtar na Ballstáit chun é a dhéanamh níos éasca tacaíocht a fháil.



Lasmuigh den Aontas, tá torthaí suntasacha bainte amach ag **Tionscnamh Spotsolais** an Aontais agus na Náisiún Aontaithe chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac. Shroich an tionscnamh sin 130 milliún duine ar fud an domhain trí fheachtais athraithe iompraíochta. Tá méadú faoi dhó tagtha ar chiontuithe an fhoréigin inscnebhunaithe sna tíortha rannpháirteacha, agus tá na mílte eagraíochtaí áitiúla agus eagraíochtaí pobail um chearta na mban ann a bhfuil níos mó tionchair acu dá bharr. Bhí an Tionscnamh Spotsolais gníomhach go háirithe le linn phaindéim COVID-19, agus chuidigh sé chun seirbhísí áitiúla foréigin inscnebhunaithe a chur ar fáil do níos mó ná 1.6 milliún bean agus cailín.

Tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit chun **pleananna gníomhaíochta náisiúnta LADTIA+ agus frithchiníochais** a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do shochaí iolraíoch, atá comhionann ó thaobh inscne de agus cuimsitheach, sochaí ina gcaitear go cothrom le daoine LADTIA+, le mionlaigh nó le daoine faoi mhíchumas. Oibríonn **Tascfhórsa tiomnaithe um Chomhionannas** chun comhionannas a phríomhshruthú i ngach réimse beartais.

Níor cheart aon ghlacadh a bheith leis an idirdhealú áit ar bith san Aontas. Tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit chun **pleananna gníomhaíochta náisiúnta LADTIA+ agus frithchiníochais** a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus d'eisigh sé treoirlínte gaolmhara i mí Aibreáin agus i mí an Mhárta 2022, faoi seach. I mí na Nollag 2021, ghlac an Coimisiún na chéad chéimeanna i dtreo liosta na gcoireanna de chuid an Aontais a leathnú chun **an fhuathchaint agus an**

**fhuathchoireacht** a áireamh. A luaithe a bheidh sé comhaontaithe leis an gComhairle, cinnteofar leis an tionscnamh rialacha comhchoiteanna íosta maidir le conas cionta coiriúla a shainiú agus maidir leis na smachtbhannaí is infheidhme i mBallstáit uile an Aontais. Mar chaomhnóir na gConarthaí, ní bhíonn aon drogall ar an gCoimisiún **nósanna imeachta um shárú i gcoinne sáruithe ar chearta bunúsacha** a thionscnamh, mar a tharla, mar shampla, i ndáil le sáruithe i gcoinne an phobail LADTIA+ san Ungáir agus sa Pholainn.



Tá Anna Ohnweiler ar bhean de bhunaitheoirí "Omas gegen rechts" [Mamónna in aghaidh antoisceachas na heite deise] a throideann i gcoinne an fhrithsheimíteachais, an chiníochais agus an fhuatha ban.

Chun athruithe a dhéanamh ar an láthair, tá gníomh ar an leibhéal áitiúil riachtanach. Den mheon sin, bronnadh **an Gradam do Phríomhchathracha Ionchuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa** den chéad uair i mí Aibreáin 2022, chun aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag bailte, cathracha agus réigiúin san Eoraip chun an t-ionchuimsiú a chur chun cinn agus sochaithe saor ó idirdhealú agus fuath a chruthú. Leis an **Ardán Míchumais** tugtar deis eile do na páirtithe leasmhara ábhartha taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt, foghlaim óna chéile agus comhoibriú le chéile.

Tá Giúdaigh agus pobail Ghiúdacha na hEorpa ag cur le forbairt na hEorpa le níos mó ná dhá mhíle bliain agus is cuid dhoshéanta d'fhéiniúlacht na hEorpa iad. Níl an frithsheimíteachas ag luí le croíluachanna na hEorpa, ach, faraor, is ann dó fós san Eoraip sa lá atá inniu ann. I mí Dheireadh Fómhair 2021 glacadh **straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú** lena leagtar amach sraith beart chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne gach cineáil frithsheimíteachais – ach freisin, den chéad uair riamh, chun oidhreacht agus cultúr na nGiúdach a chur chun cinn agus chun an frithsheimíteachas a chomhrac lasmuigh den Aontas Eorpach. Tá na Ballstáit ag obair ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta anois agus beidh siad curtha i gcrích faoi dheireadh 2022.

Níl aon ghlacadh inár sochaithe le foréigean de chineál ar bith, go háirithe foréigean in aghaidh leanaí. An 11 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún **reachtaíocht nua ón Aontas chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac**. Leis na rialacha de chuid an Aontais atá beartaithe, cuirfear d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint anuas. Lárionad an Aontais um Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí atá nua neamhspleách, oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar i bhForfheidhmiú an Dlí agus le grúpaí tacaíochta chun **marthanóirí a tharrtháil agus a chumasú agus chun déantóirí na coire a thabhairt os comhair na cúirte**.

An lá céanna, ghlac an Coimisiún straitéis nua Eorpach le haghaidh **idirlíon níos fearr do leanaí**. Chomh maith le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in oideachas digiteach leanaí, tá rialacha á bhforbairt ag an gCoimisiún agus ag páirtithe leasmhara maidir le dearadh seirbhísí ar líne atá oiriúnach ó thaobh aoise de, le rannpháirtíocht ghníomhach leanaí. Tháinig rialacha i bhfeidhm freisin maidir le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne a bhaint anuas. Beidh na caighdeáin sin i gcomhréir lenár ngníomh suaitheanta um sheirbhísí digiteacha. Beidh leanaí ar fud an domhain, ní hamháin leanaí san Eoraip, níos sábháilte agus níos cumasaithe.

Bíonn tionchar ag an míbhuntáiste agus an t-eisiamh ag aois óg ar an gcumas a bheidh ag leanaí a bheith rathúil amach sa saol. Is é is aidhm don **ráthaíocht Eorpach do leanaí** an fáinne fí sin a bhriseadh. Cuireann sé an treoir agus na modhanna ar fáil do na Ballstáit chun tacú le leanaí atá i ngátar trína chinntiú go mbeidh rochtain acu ar an oideachas, ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim, ar bhéilí scoile sláintiúla agus ar chúram sláinte. In 2022, chuidigh an Coimisiún le 10 mBallstát a gcórais oideachais a dhéanamh níos ionchuimsithí trí thacú le hionchuimsiú leanaí faoi mhíchumas nó leanaí ó chúlra imirceach nó ó chúlraí leochaileacha.

Ó thosaigh an cogadh san Úcráin, tá níos mó ná **2 mhilliún leanbh ón Úcráin tar éis dídean a lorg san Aontas Eorpach**. Tá na cearta céanna agus an chosaint chéanna ag na leanaí sin agus atá ag leanaí ar saoránaigh den Aontas Eorpach iad. B'ardú meanman é an fháilte a cuireadh rompu i scoileanna ar fud na mBallstát. Tá an t-oideachas agus an cúram is fearr tuillte ag na leanaí sin ionas gur féidir leo, nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcogadh, filleadh abhaile chun an Úcráin a atógáil agus a threorú ar a cosán Eorpach.



Theith Anastasiia Konovalova ó Odesa go **Búcairist**, áit a bhfuil sí ina múinteoir bunscoile anois do leanaí ón Úcráin. Tá sí 30 bliain d'aois.

## DÉIMEAGRAFAÍOCHT, CEANTAIR THUAITHE AGUS ÉAGSÚLACHT

Tá **athrú ollmhór déimeagrafach** ag teacht ar an Eoraip le tamall agus tá sé go fóill ar siúl. San Eoraip, an t-ionchas saoil atá ann tráth breithe, tá méadú 10 mbliana tagtha air le caoga bliain anuas. Is éacht é sin, agus léiríonn sé neart agus luach ár ngeilleagar sóisialta margaidh. Mar sin féin, tá tionchar ag an daonra atá ag dul in aois ar an tslí a mairimid, agus is gá ár múnla sóisialta agus ár mbeartais a chur in oiriúint do luas an tsaoil nua seo.

Is é sin é an fáth ar ghlac an Coimisiún Eorpach an **Páipéar Uaine maidir le hAosú** go luath ina shainordú, agus ar chuir sé tús le díospóireacht leathan phoiblí maidir leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le tionchair fhadtéarmacha an dul in aois, rud a dhéanann difear do gach glúin. Den chuid is mó is sa **straitéis Eorpach um chúram**, a chuirfidh an Coimisiún i láthair i mí Mheán Fómhair 2022, a léireofar toradh an chomhairliúcháin phoiblí.

**Ceantair thuaithe na hEorpa** – a bhfuil beagnach 30 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí iontu agus ar 80 % dá chríoch iad – is ceannródaithe gníomhacha iad maidir le pleananna aistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais.




CEANTAIR THUAITHE
**NÍOS LÁIDRE**

Pobail chumasaithe

Rochtain níos fearr ar sheirbhísí

Nuálaíocht shóisialta



CEANTAIR THUAITHE
**NASCTHA**

Nascacht dhigiteach níos doimhne

Naisc iompair agus cineálacha nua soghluaisteachta



CEANTAIR THUAITHE
**NÍOS ATHLÉIMNÍ**

Athléimneacht an chomhshaoil

Gníomhú ar son na haeráide

Comhtháthú sóisialta



**CEANTAIR THUAITHE**
RATHÚLA

Gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éagsúlú

Breisluach na feirmeoireachta agus na ngníomhaíochtaí agraibhia a fheabhsú



Braitheann todhchaí na hEorpa ar cheantair thuaithe freisin, áit a bhfuil cónaí ar bheagnach 30 % de dhaonra an Aontais (137 milliún duine) agus ar 80 % dá chríoch iad. **Is múnlóirí gníomhacha iad na ceantair thuaithe maidir le haistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais**.

Tá an tsaoirse chun obair nó staidéar a dhéanamh go cianda i bhfad níos coitianta anois le haghaidh go leor daoine atá ina gcónaí san Aontas, rud a chuireann deiseanna nua ar fáil do theaghlaigh óga, do ghnólachtaí agus do phobail tuaithe. Ní hamháin go dtéann nuálaíochtaí sa talmhaíocht inbhuanaithe chun tairbhe do shláinte na ndaoine agus don aeráid, ach do shlándáil bia na hEorpa chomh maith.

Leis an bh**fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe** a seoladh i mí an Mheithimh 2021, leagtar amach an bealach i dtreo ceantair thuaithe atá láidir, nasctha, athléimneach agus rathúil. Seoladh **comhshocrú tuaithe** i mí na Nollag 2021, comhshocrú a raibh guthanna agus tuairimí na bpobal tuaithe rannpháirteach ann, agus cuideoidh plean gníomhaíochta tuaithe comhchruthaithe chun an fhís fhadtéarmach a chur i gcrích. Den mheon sin, cuireann NextGenerationEU béim ar leith ar rathúnas ár gceantar tuaithe: leis na 25 phlean náisiúnta maidir le téarnamh agus athléimneacht a ghlac an Chomhairle an 30 Meitheamh 2022, tacaítear le ceantair thuaithe agus ceantair iargúlta le maoiniú thart ar €14.6 billiún, lena n-áirítear infheistíocht agus athchóirithe i raon leathan réimsí, mar shampla athchóiriú an dúlra, naisc idirlín ardluais agus iarnróid áitiúla.

Beartas uaillmhianach inbhuanaithe de chuid an Aontais maidir leis an imirce dhleathach, tá gá leis sin chun na daoine tréitheacha atá de dhíth ar ár ngnólachtaí i gcathracha agus i gceantair thuaithe a mhealladh. I mí Aibreáin 2022, chuir an Coimisiún i láthair **an pacáiste scileanna agus tallainne**. Áirítear ann moltaí reachtacha chun cearta oibrithe imirceacha a fheabhsú agus chun soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú do chónaitheoirí fadtéarmacha. Seolfaidh an Coimisiún **díorma tallainne de chuid an Aontais** chun meaitseáil saothair le náisiúnaigh nach náisiúnaigh de chuid an Aontais iad a éascú. Tá scéim phíolótach á seoladh faoi láthair, lena ndírítear ar dhídeanaithe ón Úcráin. Chun an comhar oibríochtúil le tíortha nach de chuid an Aontais iad a neartú maidir le **riachtanais an mhargaidh saothair agus scileanna a mheaitseáil**, tá comhpháirtíochtaí tallainne á seoladh ag an gCoimisiún le comhpháirtithe tábhachtacha.

Ó chuir an Coimisiún i láthair **an comhshocrú nua maidir le himirce agus tearmann** i mí Mheán Fómhair 2020, tá dul chun cinn déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheist níos leithne na himirce. Sa chomhshocrú sin tugtar le chéile bainistiú teorainneacha láidir cothrom agus rialacha éifeachtúla daonnúla maidir le tearmann agus imirce. An 2 Meitheamh 2021, chuir an Coimisiún straitéis nua i láthair chun limistéar Schengen a neartú chun **bainistiú éifeachtach theorainneacha seachtracha an Aontais** a chinntiú, comhar póilíneachta agus breithiúnach a mhéadú, ullmhacht agus rialachas a fheabhsú agus méadú limistéar Schengen a thabhairt chun críche. Chuir **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann** tús le hoibríochtaí i mí Eanáir 2022 agus chuir sí dlús leis an méid cúnaimh a tugadh do na Ballstáit. Le gníomhachtú Líonra an Treoirphlean um Bainistiú Géarchéimeanna, agus é ina chuspóir dó feabhas a chur ar fheasacht staide agus luathrabhadh i réimse na himirce, léiríodh an ról lárnach a bhí ag comhroinnt faisnéise.

## AN ÓIGE AGUS CEAPADH BEARTAIS RANNPHÁIRTÍOCHTA SAN EORAIP

I bhfianaise phaindéim an choróinvíris, tá cuid mhaith dá saoirse tugtha suas ag daoine óga ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht daoine eile. Leis an dea-shampla sin, léirigh daoine óga ceannaireacht. In aitheasc 2021 ar Staid an Aontais, mhol an tUachtarán von der Leyen go ndéanfaí **Bliain Eorpach na hÓige** de 2022. Deis atá ann don Aontas Eorpach níos mó teagmhála a dhéanamh le daoine óga agus a fháil amach faoina n-éilíonn siad agus faoin aisling atá acu don Eoraip.

Táimid leath bealaigh tríd an mBliain Eorpach agus tá torthaí suntasacha bainte amach:

- Rannpháirtíocht 27 mBallstát, 6 thír nach de chuid an Aontais iad, 30 Ard-Stiúrthóireacht agus seirbhís de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, 120 eagraíocht páirtithe leasmhara;
- Thart ar 90 tionscnamh suaitheanta de chuid an Choimisiúin atá tiomnaithe do dhaoine óga, na mílte gníomhaíochtaí agus imeachtaí a chuir na Ballstáit chun feidhme ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin;
- Le feachtas na meán sóisialta, léiríodh postálacha ardaithe feasachta 240 milliún uair, agus shroich na postálacha sin 80 % de mhuintir na hEorpa idir 18 mbliana agus 25 bliana d'aois.



In 2022 sheol an Coimisiún tionscnamh nua darb ainm **ALMA** (a sheasann do "Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh" i mBéarla) chun cabhrú leis na daoine óga is leochailí nó is mó atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar an margadh fostaíochta. Is éard atá in ALMA tréimhse chónaithe faoi mhaoirseacht i mBallstát eile den Aontas ar feadh tréimhse idir 2 mhí agus 6 mhí, mar aon le cóitseáil agus comhairleoireacht roimh an tréimhse sin, lena linn agus ina diaidh. Tagann ALMA sa bhreis ar an **Ráthaíocht don Aos Óg** atreisithe, a seoladh in 2020, agus ar gealltanas é ó na Ballstáit uile chun a chinntiú go bhfaighidh gach duine faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó tar éis dóibh an t-oideachas a fhágáil. An Ráthaíocht don Aos Óg, a raibh rath uirthi i roinnt mhaith Ballstát de chuid an Aontais, tá sí á leathnú go dtí na Balcáin Thiar lena chinntiú nach bhfágfar aon saoránach óg sa réigiún ar lár.

Creidimid go bhfuil meon óg de dhíth ar an Eoraip chun an phaindéim a shárú agus chun tús a chur le ré nua. Sin an fáth a bhfuil Bliain Eorpach na hÓige fite fuaite le **NextGenerationEU**, atá ag infheistiú i sochaí agus i ngeilleagar atá níos glaise, níos digití agus níos cothroime do na blianta amach romhainn.

D'fhonn daoine óga a chumasú chun guth a bheith acu i gceapadh beartais an Aontais, le linn 2022 ar fad, rinne an Coimisiún comhordú ar réimse gníomhaíochtaí i ndlúth-theagmháil le Parlaimint na hEorpa, leis na Ballstáit, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le heagraíochtaí don óige agus go díreach le hEorpaigh óga. Is daoine óga (idir 16 bliana agus 25 bliana d'aois) a bhí in aon trian de phainéil saoránach na **Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa**.

Le linn 2022 rinneadh comóradh 10 mbliana ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh freisin. Ó lár mhí Mheán Fómhair 2021 i leith, tá **10 dtionscnamh Eorpacha nua ó na saoránaigh** cláraithe ag an gCoimisiún, tionscnaimh a iarrann go ngníomhódh an tAontas Eorpach i réimsí amhail dálaí oibre feabhsaithe in earnáil an éadaigh, cánachas ar tháirgí glasa agus tuilleadh cearta ainmhithe. Le linn na tréimhse sin, tá sínithe ó níos mó ná 1 mhilliún saoránach bailithe ag trí thionscnamh, ar gá do na húdaráis náisiúnta iad a fhíorú:

- Cuirtear deireadh le Teascadh Eití – Cuirtear deireadh leis an trádáil;
- Sábhálaimis na beacha agus na feirmeoirí! I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin;
- Sábháiltear cosmaidí neamhchruálacha – Tugtar gealltanas go mbeidh an Eoraip saor ó thástáil ar ainmhithe.

Tá an Coimisiún tiomanta trédhearcacht agus dlisteanacht phróiseas ceaptha beartas an Aontais a chinntiú. Ceann dá phríomhspriocanna is ea rannpháirtíocht mhuintir na hEorpa agus na sochaí sibhialta a chur chun cinn i gceapadh beartas. Is féidir leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ionchur a chur ar fáil ar líne tríd an tairseach **Cloisimis Uait** le linn an timthrialla ceaptha beartas ar fad, ón am a chuireann an Coimisiún na chéad smaointe chun cinn go dtí glacadh na dtionscnamh ag Coláiste na gCoimisinéirí.

I mí na Samhna 2021, chun an próiseas comhairliúcháin a shimpliú tuilleadh, thug an Coimisiún isteach glaonna aonair ar fhianaise, cur chuige lenar tugadh le chéile dhá chéim a bhí ann roimhe sin. Aistríodh é sin go gach teanga de chuid an Aontais ionas go mbeidh an pobal in ann an rannpháirtíocht is mó is féidir a ghlacadh ann. D'éirigh comhairliúcháin **níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas** freisin, i gcomhréir leis an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, agus moladh do phobal an taighde eolaíochta ábhartha a chur isteach ó thús na gcomhairliúchán.

Chun feasacht leathan a mhúscailt maidir leis na féidearthachtaí atá ann cur le ceapadh beartas trí na meáin shóisialta, bíonn an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, le Coiste Eorpach na Réigiún, le hionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstáit, le húdaráis náisiúnta agus le comhlachais ionadaíocha eile. Ar an iomlán, d'fhoilsigh an Coimisiún breis agus 5,000 deis aiseolais agus fuair sé níos mó ná 3 mhilliún aighneacht.



Ó aitheasc 2021 ar Staid an Aontais Eorpaigh, fuair an Coimisiún beagnach **600,000 aighneacht ó shaoránaigh, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara** i leith breis agus 800 dá thionscnaimh bheartais.

## TODHCHAÍ NA hEORPA Á MÚNLÚ AG NA SAORÁNAIGH

Ón 9 Bealtaine 2021 go dtí an 9 Bealtaine 2022, chuaigh an tAontas Eorpach i dteagmháil leis na céadta míle Eorpach nár smaoinigh riamh ar pháirt a ghlacadh i gcinnteoireacht an Aontais. Is cleachtadh uathúil a bhí sa **Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa** den daonlathas rannpháirteach, ar scála agus le raon feidhme nach bhfacthas a leithéid riamh. An 9 Bealtaine 2022, cuireadh faoi bhráid Uachtaráin na dtrí institiúid de chuid an Aontais tuarascáil chríochnaitheach na comhdhála, ina bhfuil **49 dtogra agus 326 bheart nithiúla**. Is toradh iad sin ar phléití chruinniú iomlánach na Comhdhála – lena n-áirítear saoránaigh, ionadaithe tofa ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta.

Roinn agus phléigh os cionn 750,000 rannpháirtí tuairim is 19,000 smaoineamh ar an ardán digiteach ilteangach. Thug breis agus 5 mhilliún duine cuairt ar an **ardán daonlathais dhioscúrsaigh** sin, a dearadh go sonrach don chomhdháil, agus tá sé ar fáil i ngach ceann de **24 theanga oifigiúla an Aontais**. Leis an meaisínaistriúchán uathoibríoch, bhíothas in ann idirphlé trasnáisiúnta díreach a dhéanamh idir na húsáideoirí, rud a rinne bacainní teanga a sheachaint. Foilsíodh na himeachtaí go léir chun trédhearcacht iomlán a chinntiú, agus tá an t-ardán ag feidhmiú mar stór den phróiseas sin.

Bhí foirmeacha éagsúla i gceist leis na himeachtaí, a raibh breis agus 6,500 acu ann, a eagraíodh faoi chuimsiú na comhdhála, idir phainéil saoránach a roghnaíodh go randamach agus **imeachtaí pobail a d'eagraigh eagraíochtaí na sochaí sibhialta**, go minic i gcomhar le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Bhí **Untold Stories [Scéalta nár Insíodh]** ar cheann de na tionscadail phobail sin, agus é d'aidhm aige cumhacht a thabhairt do ghuthanna agus do scéalta ó dhaoine i dtíortha nach dtuairiscítear orthu ná nach ndéantar ionadaíocht orthu ar leibhéal na hEorpa. Is é a bhí i gceist le Untold Stories seacht gceardlann idirdhisciplíneacha i seacht dtír Eorpacha ina n-oibríonn iriseoirí agus feachtasóirí óga le chéile chun ardán a chur ar fáil do scéalta áitiúla tumthacha ilmheáin agus dá gcuid smaointe faoinár dtodhchaí chomhchoiteann.

Cuid lárnach den chomhdháil ba ea obair 800 saoránach a roghnaíodh go randamach agus a ghlac páirt sna ceithre phainéal **saoránach Eorpach**. Idir




Rinne Leverne Nijman agus Leah Corsmit rothaíocht ó thuaisceart **na hÍsiltíre** go dtí an Bhruiséil, le deontas ón gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Thug siad aoi-léachtaí maidir leis an Aontas Eorpach agus labhair siad le breis agus 800 duine óg chun smaointe a bhailiú faoi thodhchaí na hEorpa.

Thug **an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa** deis do shaoránaigh ó gach cúlra tionchar níos mó a imirt ar an méid ba cheart don Aontas a dhéanamh amach anseo.



16 bliana agus 25 bliana d'aois a bhí aon trian de na rannpháirtithe, rud a chinntigh rannpháirtíocht shuntasach daoine óga sa chomhdháil. Tháinig siad le chéile ar feadh trí dheireadh seachtaine chun **plé domhain a dhéanamh agus chun réitigh a chíoradh** maidir le dúshláin a bhfuil an tAontas ag tabhairt aghaidh orthu, ar bhonn an ionchuir ón ardán. Bunaithe ar chomh maith agus a d'éirigh leis an bhfóram nuálach pléite sin, tabharfar an t-am agus na hacmhainní do na painéil saoránach chun moltaí a dhéanamh sula gcuirfidh an Coimisiún príomhmholtaí reachtacha i láthair amach anseo.

I mí an Mheithimh 2022, leag an Coimisiún amach ceithre shruth oibre chun **freagairt ar thograí na comhdhála**. Ar dtús, tionscnaimh atá ann cheana lena dtugtar aghaidh ar na moltaí (e.g. an Dlí Aeráide Eorpach); ar an dara dul síos, na tionscnaimh a mhol an Coimisiún cheana féin lena n-iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle reachtaíocht a ghlacadh (e.g. an comhshocrú nua maidir le himirce); ar an tríú dul síos, tionscnaimh bheartaithe lena mbainfear amach na smaointe, ag tógáil ar mhachnamh nua ón gcomhdháil (e.g. an gníomh um shaoirse na meán); agus ar an ceathrú dul síos, tionscnaimh nua nó réimsí oibre arna spreagadh ag na moltaí agus a thagann faoi shainchúram an Choimisiúin (e.g. saincheisteanna a bhaineann leis an meabhairshláinte).

Fógrófar na chéad mholtaí nua in **aitheasc an Uachtaráin von der Leyen ar Staid an Aontais** i mí Mheán Fómhair 2022. Beidh na moltaí sin i measc na gceann atá le cur san áireamh i gClár Oibre an Choimisiúin do 2023. Agus obair leantach á déanamh ag an gCoimisiún, cinnteoidh sé nach mbeidh athchóirithe nua agus beartais nua comheisiatach maidir leis an bplé ar an ngá atá le hathrú ar an gconradh, ag díriú ar an leas is fearr a bhaint as an méid is féidir faoi láthair, agus a bheith fós oscailte d'athrú ar an gconradh áit a mbeidh gá leis sin.

Chun na saoránaigh a ghlac páirt sa chomhdháil a choimeád ar an eolas agus chun an móiminteam a choinneáil, eagrófar **ócáid chun aiseolas a thabhairt faoin gcomhdháil** i bhfómhar na bliana 2022. Is ag an ócáid sin a thabharfaí míniú ar an obair leantach atá á déanamh ag na trí institiúid de chuid an Aontais agus ar an machnamh atá á dhéanamh acu ar an dul chun cinn ag an gcéim sin den phróiseas. Tá gealltanas tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún i dteannta a chéile obair leantach a dhéanamh ar mholtaí na comhdhála ar bhealach lán-trédhearcach, gach ceann acu laistigh dá réimse inniúlachta féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.





Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Dubravka Šuica, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus iad ag an imeacht deiridh den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

# AMLÍNE

STAID
AN
AONTAIS
2022

# MEÁN FÓMHAIR 2021

## 15.9

Ghlac an Coimisiún Eorpach an teachtaireacht maidir leis an **Bauhaus Eorpach Nua**, ina leagtar amach an creat, na croíphrionsabail agus na príomhbhearta a chuirfidh an tionscnamh chun cinn.



## 16.9

Mhol an Coimisiún **bealach i dtreo na deacáide digití** chun aistriú digiteach an Aontais a chur i gcrích faoi 2030.




## 16.9

Ghlac an Coimisiún **moladh maidir le sábháilteacht iriseoirí**, an chéad mholadh den chineál sin riamh.

## 16.9

Sheol an Coimisiún **an tÚdarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandálaí Sláinte (HERA)** chun éigeandálaí sláinte a chosc agus a bhrath agus chun freagairt go pras orthu.





## 16.9

Mhol an tAontas **comhpháirtíocht neartaithe leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach** chun an trádáil, an infheistíocht agus an nascacht a chur chun cinn.

## 22.9

Ghlac an Coimisiún **athbhreithniú cuimsitheach ar rialacha árachais an Aontais**, rud a chabhraíonn le cuideachtaí árachais infheistíocht fhadtéarmach a mhéadú agus, ag an am céanna, a dhíríonn ar earnáil an árachais agus an athárachais a dhéanamh níos athléimní.

## 29.9

Ghlac an Coimisiún an **teachtaireacht maidir le misin Eorpacha**, a bhfuil sé d'aidhm aici dul i ngleic le dúshláin shuntasacha a bhaineann leis an tsláinte, leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, agus spriocanna uaillmhianacha spreagúla a bhaint amach sna réimsí sin.

# DEIREADH FÓMHAIR 2021



## 5.10

Chuir an Coimisiún i láthair **straitéis de chuid an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú**, an chéad straitéis den chineál sin riamh.

## 12.10

D'eisigh an Coimisiún **an chéad bhanna glas** chun an téarnamh inbhuanaithe a mhaoiniú.

## 13.10

Chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí / an Leas-Uachtarán Josep Borrell **cur chuige** chun cinn maidir le rannpháirtíocht níos láidre ón Aontas le haghaidh **réigiún Artach** síochánta inbhuanaithe rathúil.





## 27.10

Ghlac an tAontas **athbhreithniú ar rialacha baincéireachta an Aontais** – chun a chinntiú go mbeadh na bainc san Aontas níos athléimní maidir le turraingí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí agus, ag an am céanna, go rannchuideodh siad le téarnamh an Aontais ó phaindéim COVID-19 agus leis an aistriú chuig an aeráidneodracht.




## 28.10

Tháinig **sainordú treisithe na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí** i bhfeidhm, sainordú a mhol an Coimisiún.

# SAMHAIN 2021

## 2.11

D'fhógair an Coimisiún **gealltanas €1 bhilliún chun foraoisí an domhain a chosaint** ag comhdháil COP26 maidir leis an athrú aeráide.





## 13.11

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil chun **neartú a dhéanamh ar obair an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú**, go háirithe i réimsí an fhaireachais, an luathrabhaidh, na hullmhachta agus na freagartha.

## 17.11

Ghlac an Coimisiún **moltaí nua chun deireadh a chur leis an dífhoraoisiú, chun nuáil a dhéanamh ar bhainistiú inbhuanaithe dramhaíola agus chun ithreacha a dhéanamh sláintiúil** do dhaoine, don dúlra agus don aeráid.



## 18.11

Ghlac an Coimisiún **teachtaireacht maidir le beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua**, lena leagadh amach ról tábhachtach an bheartais iomaíochta i dtaca le bealach na hEorpa i dtreo an téarnaimh, leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, agus le margadh aonair athléimneach.

## 19.11

Rinne **TAIEX** (Ionstraim an Choimisiún um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise) **25 bliana ar an bhfód a cheiliúradh**. Le 25 bliana anuas, bhí saineolaithe poiblí de chuid an Aontais curtha i mbun oibre ag an ionstraim os cionn 40,000 uair, ag cuidiú le riaracháin phoiblí san Aontas agus ar fud an domhain aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhigiteacha, chomhshaoil agus sláinte.



## 25.11

Leag an Coimisiún amach **dlíthe nua maidir le fógraíocht pholaitiúil, cearta toghcháin agus maoiniú páirtithe**, dlíthe a bhí dírithe ar shláine toghcháin a chosaint agus ar dhíospóireacht dhaonlathach oscailte.



## 25.11

Mhol an Coimisiún **bearta nua chun feabhas a chur ar chumas cuideachtaí caipiteal a thiomsú ar fud an Aontais** agus chun a chinntiú go bhfaigheann daoine atá ina gcónaí san Aontas na margaí is fearr dá gcoigilteas agus dá n-infheistíochtaí.

## 26.11

Ag **Cruinniú Mullaigh ASEM**, d'athdhearbhaigh an tAontas agus an Áise a gcomhpháirtíocht chomhroinnte agus a rannpháirtíocht i dtreo téarnamh níos láidre ón bpaindéim.

# MÍ NA NOLLAG 2021

## 1.12

Sheol an tAontas an **Global Gateway**, straitéis nua Eorpach chun naisc chliste ghlana shlána a fhorbairt sna hearnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair agus chun feabhas a chur ar chórais sláinte, oideachais agus taighde ar fud an domhain.




## 1.12

Réitigh an Coimisiún an bealach chun **córais cheartais an Aontais a dhigitiú tuilleadh**, rud a fhágann go mbeidh siad níos inrochtana agus níos éifeachtaí.



## 8.12

Ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis, **gheall an Coimisiún feabhas a chur ar an gcothú trí chistiú €2.5 billiún a chur ar fáil** idir 2021 agus 2024.

## 8.12

Mhol an Coimisiún **uirlis nua chun cur i gcoinne úsáid a bhaint as brú eacnamaíoch d'aon ghnó** ag tíortha nach de chuid an Aontais iad.




## 9.12

Chuir an Coimisiún i láthair **plean gníomhaíochta chun cabhrú le geilleagar sóisialta na hEorpa dul chun cinn a dhéanamh**, agus leas á bhaint as a acmhainneacht eacnamaíoch agus as an méid a chuireann sé le téarnamh cothrom agus cuimsitheach ó phaindéim COVID-19.

## 9.12

Mhol an Coimisiún liosta choireanna an Aontais a leathnú chun **an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht** a chuimsiú.



## 9.12

Mhol an Coimisiún **feabhas a chur ar dhálaí oibre na ndaoine a oibríonn ar ardáin dhigiteacha saothair** agus d'fhoilsigh sé dréacht-treoirlínte maidir le rialacha iomaíochta a chur i bhfeidhm ar chomhaontuithe comhchoiteanna arna ndéanamh ag daoine aonair féinfhostaithe.




## 14.12

Chun tacú leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine, níos glaise agus níos cliste, mhol an Coimisiún **córas iompair an Aontais a nuachóiriú**.

## 14.12

Mhol an Coimisiún **rialacha nua chun limistéar Schengen, atá gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha, a dhéanamh níos athléimní**.

## 15.12

Le **straitéis nua airgeadais dhigitigh de chuid an Choimisiúin**, réitíodh an bealach do thuairisciú sonraí maoirseachta atá nua-aimseartha agus cuíchóirithe.




## 15.12

Mhol an Coimisiún **creat nua de chuid an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú, chun hidrigin a chur chun cinn agus chun astaíochtaí meatáin a laghdú**.



## 15.12

Shínigh **an tAontas agus an Mholdóiv** comhaontú maoinithe deontais dar luach €60 milliún chun cabhrú leis an tír aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thromchúiseach gháis a bhí ann ag an am.

## 16.12

Cuireadh **clár oibre athnuaite maidir le hathchóiriú téarnaimh agus athléimneachta** i láthair ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir.



## 21.12

Beartaíodh beartas nua chun tacú le **dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh iarchomhraiceoirí**, mar chuid de rannchuidiú níos leithne an Aontais le comhdhlúthú na síochána.

## 22.12

Mhol an Coimisiún an **comhaontú idirnáisiúnta maidir le híoschánachas ar chuideachtaí ilnáisiúnta a thrasuí go pras**.

# EANÁIR 2022

## 1.1

**20 bliain den euro** inár bpócaí. Cuireadh tús le **Bliain Eorpach na hÓige.**






## 14.1

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le **foghlaim ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil**.

## 18.1

I réimse an ardoideachais, ghlac an Coimisiún **dhá thionscnamh nua chun ollscoileanna san Aontas a ullmhú don todhchaí** trí chomhar trasnáisiúnta níos doimhne.



## 18.1

D'fhoilsigh an Coimisiún **sraith straitéisí chun cur isteach eachtrach ar thaighde agus nuálaíocht a mhaolú**.

## 26.1

Chuir an Coimisiún chun cinn **dearbhú maidir le cearta agus prionsabail dhigiteacha** do gach duine san Aontas.



## 27.1

Ghlac an Coimisiún **treoirlínte nua maidir le Státchabhair a bhain leis an aeráid, le cosaint an chomhshaoil agus le fuinneamh.**

# FEABHRA 2022

## 1.2

Mhol an Coimisiún **pacáiste éigeandála cúnaimh macrairgeadais don Úcráin** dar luach €1.2 billiún.




## 2.2

D'fhormheas an Coimisiún i bprionsabal **gníomh tarmligthe aeráide comhlántach** a chuideodh chun dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise soladacha nó leachtacha, lena n-áirítear gual, i dtreo todhchaí aeráidneodrach.




## 2.2

Mhol an Coimisiún **straitéis um chaighdeánú**, lena gcuirtear chun cinn cur chuige nua chun ceannaireacht dhomhanda a chumasú maidir le caighdeáin an Aontais a chothóidh luachanna agus margadh aonair athléimneach glas agus digiteach.



## 8.2

Mhol an Coimisiún tacar cuimsitheach beart chun athléimneacht, ceannaireacht theicneolaíoch agus slándáil soláthair an Aontais a chinntiú i réimse **na dteicneolaíochtaí agus na bhfeidhmchlár leathsheoltóra**.



## 15.2

Thionscain an tAontas **córas nascachta atá bunaithe ar shatailítí** agus chuir sé dlús le gníomhaíocht maidir le bainistiú spástráchta chun go mbeidh an Eoraip níos digití agus níos athléimní.

## 15.2

Chuir an Coimisiún i láthair **bearta chun cur le cosaint na hEorpa, an nuálaíocht a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha**. Is céimeanna nithiúla iad na tionscnaimh nua i dtreo margadh cosanta na hEorpa a bheidh níos comhtháite agus níos iomaíche, go háirithe trí fheabhas a chur ar an gcomhar laistigh den Aontas Eorpach.



## 17-18.2

Ag an g**Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach** sa Bhruiséil, d'aontaigh na ceannairí ar chomhaontú maidir le fís chomhpháirteach do 2030. Tacófar leis sin leis an bPacáiste Infheistíochta idir an Afraic agus an Eoraip le hinfheistíocht ar fiú €150 billiún é.



## 19.2

Tar éis don Úcráin cúnamh a iarraidh i bhfianaise bagairtí a bhí ag dul in olcas ón Rúis, rinne an Lárionad Eorpach um Chomhordú Freagartha **Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a ghníomhachtú**. Faoi dheireadh mhí Lúnasa, bhí os cionn 66,000 tona de chúnamh don Úcráin ó 27 mBallstát an Aontais, ón Tuirc, ón Iorua agus ón Macadóin Thuaidh seachadta chuig an Úcráin.



## 23.2

Mhol an Coimisiún **gníomh nua an Aontais maidir le sonraí**, a chuimsíonn rialacha maidir le cé ar féidir leis sonraí arna nginiúint san Aontas a úsáid agus rochtain a fháil orthu ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile, chun cothroime sa timpeallacht dhigiteach agus deiseanna oscailte don nuálaíocht shonraíbhunaithe a chinntiú.

## 23.2

Mhol an Coimisiún **treoir nua maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí**, lena leagtar síos rialacha chun go n-urramóidh cuideachtaí cearta an duine agus an comhshaol i slabhraí luacha domhanda.



## 23.2

Tháinig an tAontas ar **chomhaontú maidir leis an gcéad phacáiste smachtbhannaí chun freagairt ar aitheantas na Rúise do limistéir réigiúin Donetsk agus Luhansk nach bhfuil faoi smacht an rialtais san Úcráin** mar eintitis neamhspleácha, agus ar an gcinneadh trúpaí Rúiseacha a sheoladh isteach sna limistéir sin.

## 25.2

D'fhorchuir an tAontas **smachtbhannaí breise aonair agus eacnamaíocha chun freagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin**. Leis an dara pacáiste smachtbhannaí sin, cumhdaíodh na hearnálacha airgeadais, fuinnimh, iompair agus teicneolaíochta, mar aon leis an mbeartas maidir le víosaí.



## 28.2

D'fhormheas an tAontas **an tríú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise**.

# MÁRTA 2022

## 2.3

Mhol an Coimisiún **an treoir um chosaint shealadach a ghníomhachtú** chun cúnamh tapa éifeachtach a thabhairt do dhaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin.




## 8.3

Mhol an Coimisiún **an tionscnamh maidir le gníomhaíocht chomhtháthaithe do dhídeanaithe san Eoraip** chun go mbeadh na Ballstáit agus na réigiúin in ann tacaíocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin.



## 8.3

Mhol an Coimisiún **rialacha a chuirfí i bhfeidhm ar fud an Aontais chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**.

## 9.3

Bhunaigh an Coimisiún **sásra dlúthpháirtíochta le haghaidh aistrithe leighis dídeanaithe** laistigh den Aontas faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.



## 9.3

I bhfianaise na staide san Úcráin agus mar fhreagairt ar rannpháirtíocht na Bealarúise san ionsaí, d’fhorchuir an tAontas **smachtbhannaí spriocdhírithe breise**.

## 11.3

Seoladh **an Tascfhórsa “Calcadh agus Coigistiú”**, a bhunaigh an Coimisiún chun a chinntiú go gcuirfí chun feidhme go héifeachtúil smachtbhannaí an Aontais i gcoinne olagarcaí liostaithe Rúiseacha agus Bealarúiseacha ar fud chríoch an Aontais.




## 15.3

D’fhorchuir an tAontas **an ceathrú pacáiste smachtbhannaí eacnamaíocha agus aonair** i ndáil le hionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

## 16.3

Mhol an Coimisiún **athruithe a dhéanamh ar an rialachán maidir le taisclanna lárnacha urrús** chun éifeachtúlacht mhargaí socraíochta an Aontais a fheabhsú agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint ag an am céanna – rud ar cuid lárnach é de phlean gníomhaíochta 2020 maidir le haontas na margaí caipitil.



## 21.3

Tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir le **compás straitéiseach le haghaidh slándáil agus cosaint níos láidre san Aontas** sna deich mbliana amach romhainn.

## 22.3

Sheol an Coimisiún **ionad ilfhreastail chun tacú le taighdeoirí ón Úcráin**.

## 22.3

An chéad lá de chur i bhfeidhm **an rialacháin uile-Eorpaigh maidir le táirgí pinsin phearsanta**, rud a réitigh an bealach do scéim dheonach nua ar fud an Aontais chun cabhrú le daoine airgead a shábháil dá bpinsin.



## 23.3

Leag an Coimisiún amach **na roghanna chun praghsanna arda fuinnimh a mhaolú** trí chomhcheannacháin gháis agus trí oibleagáidí maidir le híosleibhéal stórála gáis.

## 23.3

Chuir an Coimisiún i láthair **bearta chun slándáil bia ar fud an domhain a fheabhsú** agus chun tacú le feirmeoirí agus tomhaltóirí san Aontas i bhfianaise an mhéadaithe a bhí ag teacht ar phraghsanna bia agus ar chostais ionchuir.

## 23.3

Ghlac an Coimisiún **creat sealadach géarchéime chun na Ballstáit a chumasú le leas a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi na rialacha maidir le Státchabhair** chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin.



## 24.3

Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar **chomhaontú polaitiúil maidir leis an ngníomh um margaí digiteacha**. Leis an ngníomh chinnteofaí margaí digiteacha a bheadh cothrom oscailte agus inchoimhlinte le go mbeadh gnólachtaí digiteacha in ann fás laistigh den mhargadh aonair agus dul san iomaíocht ar fud an domhain.

## 25.3

D'fhógair an Coimisiún agus na Stáit Aontaithe go raibh **creat nua maidir le príobháideachas sonraí tras-Atlantach** comhaontaithe acu i bprionsabal, lena gcothófaí sreafaí sonraí tras-Atlantacha.





## 28.3

Ghlac an Coimisiún moladh chun go ndéanfadh na Ballstáit bearta láithreach maidir le **scéimeanna saoránachta d'infheisteoirí agus scéimeanna cónaithe d'infheisteoirí** i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin.

## 30.3

I **réimse an gheilleagair chiorclaigh**, moladh rialacha nua chun rud normálta a dhéanamh de tháirgí inbhuanaithe san Aontas, chun samhlacha gnó ciorclacha a fheabhsú agus chun tomhaltóirí a chumasú don aistriú glas.

# AIBREÁN 2022

## 6.4

Rinne an tAontas **bearta chun tacú le réigiúin na Saiheile agus Loch Shead san Afraic**, lena mbaineann maoiniú dar luach €554 mhilliún san iomlán a bheidh le húsáid chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil ghéar bia agus chun inbhuanaitheacht na gcóras bia a fheabhsú san fhadtéarma.



## 6.4

Mar fhreagairt ar thionchar ionsaí na Rúise ar an Úcráin, d'fhógair an tAontas pacáiste tacaíochta dar luach €225 mhilliún chun **tacú le slándáil bia agus le hathléimneacht sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh**.



## 8.4

**Thug Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen agus an tArdionadaí Josep Borrell cuairt ar an Úcráin** agus chas siad le hUachtarán na hÚcráine Volodymyr Zelenskyy. Ceistneoir an Aontais Eorpaigh á thabhairt ar láimh ag an Uachtarán von der Leyen.

## 8.4

Tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir leis an g**cúigiú pacáiste de bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise** mar fhreagairt ar ionsaí brúidiúil na tíre i gcoinne na hÚcráine agus a muintire.



## 9.4

Leis an bh**feachtas gealltanais domhanda "Seasaimis ar son na hÚcráine"** bailíodh €9.1 billiún ar mhaithe le daoine a bhí ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, laistigh den Úcráin féin agus thar lear, gealltanas €1 bhilliún ón gCoimisiún san áireamh. Gheall an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha €1 bhilliún breise.



## 20.4

Rinne an tAontas comóradh ar **30 bliain d'oibríochtaí um chabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta** a chuir cúnamh ar fáil do dhaoine i gcásanna éigeandála ar fud an domhain.



## 23.4

Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar **chomhaontú polaitiúil maidir leis an ngníomh um margaí digiteacha**. Sa ghníomh leagadh amach caighdeán nua nach bhfacthas a leithéid riamh cheana maidir le cuntasacht na n-ardán ar líne, lena dtugtar cosaint níos fearr d'úsáideoirí idirlín agus dá gcearta bunúsacha.

## 25.4

Sheol an tUachtarán von der Leyen agus Narendra Modi, Príomh-Aire na hIndia, **an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus an India**.



## 25.4

Mhol an Coimisiún **sainordú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil a neartú** chun fianaise ar choireanna cogaidh a bhailiú agus a chaomhnú agus chun comhoibriú le binsí idirnáisiúnta i ndáil leis sin.

## 26.4

Chuir Team Europe dlús leis an **tacaíocht a tugadh do na tíortha a bhí buailte ag an triomach i gCorn na hAfraice**, agus gheall an tAontas agus a Bhallstáit €633 mhilliún san iomlán a chur ar fáil chun slándáil an tsoláthair bia a fheabhsú.



## 27.4

Mhol an Coimisiún **dlí de chuid an Aontais agus moladh chun dul i ngleic le cásanna de mhí-úsáid an dlí** i gcoinne iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine.

## 27.4

Mhol an Coimisiún **beartas imirce dleathaí**, lena n-áiríodh tionscnaimh a rachadh chun tairbhe gheilleagar an Aontais, a neartódh an comhar le tíortha nach de chuid an Aontais iad agus a chuirfeadh feabhas ar bhainistiú foriomlán na himirce san fhadtéarma.



## 28.4

Chuir an tAontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta i láthair **Dearbhú maidir le Todhchaí an Idirlín**.



# BEALTAINE 2022

## 3.5

Sheol an Coimisiún **an Spás Eorpach Sonraí Sláinte**. Déanfaidh sé daoine a chumasú chun a gcuid sonraí sláinte a rialú agus a úsáid ina dtír dhúchais nó i mBallstáit eile agus cothóidh sé fíormhargadh aonair le haghaidh seirbhísí agus táirgí sláinte digiteacha.





## 9.5

Thug an **Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a cuid oibre chun críche**. Thar thréimhse bliana, reáchtáil an Chomhdháil plé, díospóireacht agus comhoibriú idir saoránaigh agus polaiteoirí agus is é an toradh a bhí uirthi 49 moladh agus níos mó ná 320 beart d'institiúidí an Aontais chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

## 9-10.5

D'óstáil an tAontas an **6ú ceann de Chomhdhálacha na Bruiséile, an uair seo maidir le "Tacú le todhchaí na Siria agus an réigiún"** , lenar slógadh cabhair do mhuintir na Siria agus lenar óstáladh pobail i dtíortha comharsanachta trí ghealltanais dar luach €6.4 billiún san iomlán do 2022 agus ina dhiaidh sin. As an méid sin, gheall an tAontas breis agus €4.8 billiún, le breis agus €3.1 billiún ón gCoimisiún.





## 10.5

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an n**Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil**, rud a chabhraigh chun a chinntiú go mbeadh ár gcóras airgeadais níos athléimní i gcoinne cibirionsaithe agus rioscaí digiteacha eile.

## 11.5

Mhol an Coimisiún **reachtaíocht nua chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chosc agus a chomhrac.**

## 11.5

Mhol an Coimisiún dreasacht chánach le haghaidh cothromais chun **cabhrú le cuideachtaí fás agus a bheith níos láidre agus níos athléimní**.



## 12.5

Ag an **Dara Cruinniú Mullaigh Domhanda maidir le COVID-19**, gheall an Coimisiún dlús a chur le leathadh amach agus glacadh vacsaíní agus bearta eile COVID-19 san Afraic le €400 milliún breise mar thacaíocht.

## 12.5

I dTóiceo, thionóil **an tAontas agus an tSeapáin** a 28ú cruinniú mullaigh. D'athdhearbhaigh siad an dlúthchaidreamh cuimsitheach a bhí eatarthu agus sheol siad an chomhpháirtíocht dhigiteach.





## 12.5

Mhol an Coimisiún **lánaí dlúthpháirtíochta** a bhunú chun cabhrú leis an Úcráin earraí talmhaíochta a easpórtáil.

## 13.5

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil i ndáil le **rialacha nua maidir le cibearshlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise**, lena gcinnteofar go gcosnófar saoránaigh agus gnólachtaí agus gur féidir leo muinín a bheith acu as seirbhísí bunriachtanacha.



## 18.5

Chuir an tAontas i láthair an **plean REPowerEU** chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú go tapa agus chun dlús a chur le cur i bhfeidhm an aistrithe ghlais.

## 18.5

Chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí i láthair **anailís ar bhearnaí infheistíochta i réimse na cosanta** agus mhol siad bearta breise agus an ghníomhaíocht is gá chun bonn cosanta tionsclaíoch agus teicneolaíoch na hEorpa a neartú.



## 18.5

Nocht an tAontas **comhpháirtíocht straitéiseach le stáit na Murascaille**, a bhfuil sé d'aidhm aici an comhar le Comhairle Comhair na Murascaille agus lena Ballstáit a leathnú agus a dhoimhniú.

## 18.5

Chuir an Coimisiún pleananna i láthair maidir le freagairt láithreach an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar **bhearna mhaoinithe agus ar atógáil fhadtéarmach na hÚcráine**.





## 23.5

Ghlac an Coimisiún **plean teagmhasach don iompar** ina leagtar amach bearta nithiúla chun iompar an Aontais a chosaint le linn géarchéimeanna.

## 25.5

Mhol an Coimisiún **rialacha maidir le sárú ar bhearta sriantacha a choiriúlú** agus maidir le calcadh agus coigistiú a dhéanamh ar shócmhainní daoine a sháraíonn bearta sriantacha agus ar shócmhainní coirpeach eile.

# MEITHEAMH 2022

## 3.6

Tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir leis an **séú pacáiste de bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise**, lena n-áirítear toirmeasc ar an gcuid is mó d’iompórtálacha ola na Rúise.



## 7.6

Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir le moladh a bhaineann le **cothromaíocht inscne ar bhoird cuideachtaí**.

## 16.6

Comhaontaíodh **Cód Cleachtais Nua maidir le Bréagaisnéis**, bunaithe ar threoir an Choimisiún ó mhí na Bealtaine 2021.



## 22.6

Ghlac an Coimisiún moltaí chun **dúlra na hEorpa a athbhunú** faoi 2050 agus úsáid lotnaidicídí a laghdú faoina leath faoi 2030.

## 23.6

Thug ceannairí an Aontais stádas iarrthóra don **Úcráin** agus don **Mholdóiv**. D’aithin siad peirspictíocht Eorpach na Seoirsia chomh maith.



## 23.6

**Cruinniú idir ceannairí an Aontais agus na mBalcán Thiar** roimh chruinniú na Comhairle Eorpaí sa Bhruiséil.

## 24.6

Nocht an tAontas an clár oibre athnuaite maidir le **Rialachas Idirnáisiúnta na nAigéan**.



## 30.6

Tháinig an Pharlaimint agus na Ballstáit ar chomhaontú polaitiúil maidir le rialachán nua chun aghaidh a thabhairt ar shaobhadh a eascraíonn as **fóirdheontais eachtracha sa mhargadh aonair**.



## 30.6

D’fhógair Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, agus Príomh-Aire na Nua-Shéalainne, Jacinda Ardern, go bhfuil an chaibidlíocht maidir le **comhaontú cuimsitheach trádála** tugtha chun críche.

## 30.6


Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú i dtaca leis an rialachán Eorpach maidir le criptea-shócmhainní. Leis an gcreat dlíthiúil nua sin cosnófar **tomhaltóirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais**, agus cumasófar tuilleadh nuálaíochta in earnáil na gcriptea-shócmhainní ag an am céanna.

# IÚIL 2022



## 1.7

Tháinig na **rialacha nua maidir le fánaíocht** i bhfeidhm, in am chun a chinntiú go leanfaí leis na buntáistí "fánaíochta ar tháillí baile" a chur a fáil do shaoránaigh.



## 5.7

Ghlac an Coimisiún **Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht** chun an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta sa rabharta nua den nuálaíocht i réimse na domhainteicneolaíochta agus de ghnólachtaí nuathionscanta na domhainteicneolaíochta.



## 13.7

**Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta:** D'eisigh an Coimisiún moltaí sonracha do na Ballstáit.



## 19.7

Chuir an tAontas Eorpach tús leis an g**caibidlíocht aontachais leis an Albáin agus leis an Macadóin Thuaidh**.



## 20.7

Chuir an Coimisiún i láthair an moladh **"Coigil Gás i gcomhair Geimhreadh Sábháilte"**, uirlis reachtach nua agus plean chun an t-éileamh ar ghás a laghdú ar mhaithe leis an Aontas a ullmhú le haghaidh ciorruithe ar an soláthar.

Níl an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith iarmhairt ar bith a eascraíonn as athúsáid an fhoilseacháin seo.

© An tAontas Eorpach, 2022

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt. Ní leis an Aontas Eorpach an cóipcheart i ndáil leis na codanna seo a leanas:

lch. 17: Scáileán ar a bhfuil liostaí d'uimhreacha céatadáin - foinse: AdobeStock;
lch. 29: Íomha de Bhuachaill agus bratach na hEorpa ar foluain aige - foinse: AdobeStock;
lch. 38: Siopa "Pulawska 20" i Vársá na Polainne – © Konrad Smoleński;
lch. 39 Kiril Slavov as Sóifia – © Vihren Georgiev;
lch. 43: Painéil ghréine agus muilte gaoithe – foinse: AdobeStock; Innealtóir agus teicneoir óg – foinse: AdobeStock; Píblíne hidrigine – foinse: AdobeStock; Stáisiún bithgháis nua-aimseartha – foinse: AdobeStock; Oibrí, stáisiún cumhachta gréine ar an díon – foinse: AdobeStock;
lch. 45 Nadia Dobrianska agus í sa bhaile sa Dúcharraig, Corcaigh, Éire – © John Allen;
lch. 47: Mykola Kharytonov – © Marc Llibre Roig;
lch. 52: Adam King agus é sa bhaile in Eochaill, Co. Chorcaí, Éire – © John Allen;
lch. 59: Colláis crann úll agus tarracóir, foinse: AdobeStock;
lch. 60: Bosco Verticale, Milano, an Iodáil – foinse: Unsplash; Maria Teresa Ferres – © Marc Llibre Roig;
lch. 65: Ailtire fir – © Emmanuel Ikwuegbu, Unsplash; Fear agus é ina shuí – © Rayul, Unsplash; Daoine agus iad i dtollán in Zurich – © Ricardo Gomez Angel, Unsplash;

lch. 66: Foireann an ardáin ghréasáin tacaíochta don Úcráin – © Marian Curcuta;
lch. 67: Fear agus crann á chur aige – foinse: © AE;
lch. 68: Muileann gaoithe – foinse: © AE; Oibrí leathair mná – foinse: Shutterstock;
lch. 71: Portráid den iriseoir Francach Frederic Leclerc-Imhoff a maraíodh san Úcráin – © Bertrand Guay/AFP, Getty Images;
lch. 73: Anna Ohnweiler – © Christoph Ohnweiler;
lch. 74: Anastasiia Konovalova – © Ioana Moldovan;
lch. 77: Leverne Nijman agus Leah Corsmit – © Christophe Licoppe;
lch. 80: Bosco Verticale, Milano, an Iodáil – © Daniel Seßler, Unsplash;
lch. 81: Tithe Ionúiteacha - foinse: iStock;
lch. 85: Sentinel 1 – © ESA.

Foinsí na ndeilbhíní – Flaticon agus AdobeStock

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-76-53339-9 | doi:10.2775/692460 | NA-07-22-502-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-76-53371-9 | doi:10.2775/382562 | NA-07-22-502-GA-N |